L.O.
995

# EIRICEACHTAÍ AGUS SCÉALTA EILE, LE hALAN TITLEY:

## SAOTHAR IAR-NUA-AOISEACH

le

Siobhán M Ní Chléirigh

mar

**Mhiontráchtas MA**

le cur faoi bhráid

Roinn na NuaGhaeilge
Coláiste Phádraig, Maigh Nuad

Stiúrthóir: An Dr Tadhg Ó Dúshláine

***

Ollscoil Náisiúnta na hÉireann 1990

## BUÍOCHAS

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis An Ollamh Ó Fiannachta, agus leis An Dr Tadhg Ó Dúshláine. Ba iad araon a spreag mé chun tabhairt faoin obair seo, agus bhíodar liom fan na slí, ag cur comhairle orm. Táim go mór faoi chomaoin ag Alan Titley féin, a dháil a chuid ama go fial orm, agus mé i mbun comhráite leis. Gabhaim buíochas chomh maith le Marie Mannion a rinne an chlóscríbhneoireacht.

CLÁR


| | | |
|---|---|---|
| Réamhrá | | 1 |
| Caibidil I | Alan Titley - Beathaisnéis | 3 |
| Caibidil II | Litríocht Iar-Nua-Aoiseach: A Chineál | 28 |
| Caibidil III | Domhan Na Fantaisíochta | 53 |
| Caibidil IV | Ainilís ar Scéalta Áirithe: Scéalta Fonóide | ~~74~~ |
| Caibidil V | An Domhan Réadach agus Na Scéalta Fealsúnta | 107 |
| Conclúid | | 128 |
| Nótaí | | 132 |
| Foinsí | | 145 |

**RÉAMHRÁ**

B'é a chuir mé romham sa tráchtas seo ná scagadh a dhéanamh ar na gearrscéalta sa chuasach Eiriceachtaí agus Scéalta Eile, le hAlan Titley (1987). 'Sé an cur chuige a tharraing mé chugam féin, ná an saothar a mheas i gcomhthéacs na meanman Iar-Nua-Aoisí. I gCaibidil I déantar cur sios ar chúlra beathaisnéiseach an údair, chomh maith le cuntas a thabhairt ar a dhearcadh i leith na fealsúnachta, agus na litríochta. I gCaibidil II déantar ríomhadh ar an meanma Iar-Nua-Aoiseach, agus ar na nósmhaireachtaí liteartha a fháisctear as. 'Sé an t-amhras onteolaíoch croílár na meanman Iar-Nua-Aoisí - amhras i dtaobh an duine, a dháin, agus a dhomhain. Amhras is ea é a thagann i dtreis ón Dara Cogadh Domhanda i leith, sa litríocht postmoderne. Tugtar mionchuntas ar an stiúir nua a tháinig ar an insint liteartha ag freagairt don Weltanschauung nua. I gCaibidil III, IV, agus V léirítear mar a gheit an fhealsúnacht nua, agus an fuadar liteartha a lean í, samhlaíocht Alan Titley, agus mar a chuir sé a chló féin ar an meanma nua.

I gCaibidil III déantar na scéalta fantaisíochta a phlé. Is iad na scéalta sin ná An Tuisle Ginideach, An Triú Scéal Deag, agus Cuíorscéal. Is iontu is mó a thagann an mianach fantasia i gceist. Chomh maith le bheith suite go teann i ndomhan na fantaisíochta, 'sé

an snáth machnaimh céanna atá ag sní tríothu. Is ar na cruacheisteanna onteolaíocha a dhírítear - na déithe, an saol eile, agus tóir na fírinne. Baintear earraíocht as na ciútaí stíle, agus as na teicníochtaí liteartha céanna sna trí sceal.

I gCaibidil IV, is iad na scéalta seo a leanas atá idir chamáin: An Sísceál De Réir Eoin, Scéal i mBarr Bata, Scéal Faoi Dhá Chaithir, Oighearaois; Aerís: Arís, agus An File ar Leaba a Bháis. Scéalta is ea iad ina bhfuil roinnt áirithe de mhianach fantasia. Murab ionann agus na scéalta fantaisíochta, per se, is ar thranglam saoil an duine agus an domhain seo againne is mó a dhírítear. 'Sí an fhonóid faoin idéalachas i réimsí éagsúla de shaol an duine a thagann i dtreis i scéalta an Chaibidil seo, trí chéile. I gCaibidil V déantar scagadh ar na scéalta Don Bhliain Seo Chugainn In Berlin, agus An Saol Salach - dhá scéal gur den domhan réadach iad, cé gur mór eatarthu ó thaobh mianaigh de. Stíl réalach, traidisiúnta, a chleachtann an t-údar iontu araon, cé gurb é an mothú Iar-Nua-Aoiseach atá le brath orthu. Sa chaibidil seo, chomh maith, déantar na scéalta den éirim fhealsúnach a chíoradh: Cibé Scéal É, Scéal Bleachtaireachta, Wittgenstein i gConamara, An t-Aire Dlí (agus Cirt). Is í an fhealsúnacht, agus an réasúnaíocht is mó a thagann i dtreis iontu. Níl aon amhras ná go bhfuil an tsamhlaíocht ina orlaí tríothu chomh maith.

# CAIBIDIL I

## ALAN TITLEY - BEATHAISNÉIS

### 1.1 A theaghlach agus a óige

I gcathair Chorcaí ar an 28ú lá de Mheitheamh 1947 a saloaíodh Alan Titley. Ag crosbhóthar na Dubhghlaise, i dtigh ar a ghlaotaí Glenarus, i ndeisceart na cathrach céanna a tógadh é. 'Sé an té is óige é de thriúr clainne, mar go bhfuil deartháir, agus deirfiúr nios sine ná é. De phór Gaelach é, ó thaobh na máthar de. De mhuintir Uí Anluain í siúd, ó Bhaile Mhantáin aneas, áit a bhfuil clú agus cáil air mar bhaile saoire, cois farraige, sa lá atá inniu ann. Ceallachánach mná, ón dúthaigh chéanna, ba ea a máthair siúd arís. Ní raibh mórán speilpe ar mhuintir a mháthar. Gabháltas dhá acra a bhí acu, agus chuir bás a n-athar, i mbláth a mhaitheasa, ceataí mór orthu. In aimsir ag na Hotters, uaisle Angla-Éireannacha na dúthaí a bhíodar siúd, i measc an teaghlaigh, nár thug Sasana nó Meiriceá orthu féin, ar imirce. Chaith an dara duine b'óige den chlann, Nóra Ní Anluain - máthair Titley - tréimhse ar imirce i Sasana sular fhill sí ar Chathair Chorcaí, agus phós Edmund Titley ann sa bhliain 1942.

Is dóigh leis an údar féin gur as baile beag darbh aimn Titley atá suite ar an teorainn idir Shasana agus an Bhreatain Bheag, i ngiorracht scread asail do Thintern Abbey, a shíolraigh a mhuintir. Máirnéalach ón mBreatain Bheag anall a chuir faoi i gCorcaigh ba ea a sheanathair. B'é siúd a bhunaigh an gnó beag - an chipper ar a ghlaotaí Pop's Place laistiar de phictiúrlann an Savoy, i lár na cathrach. Phós sé bean de Mhuintir Uí Mhaoláin ó hEochaill anoir. Cé gur Protastúnach é, ó dhúchas, d'iompaigh sé ina Chaitliceach nuair a phós sé. Bhí an cheardaíocht sa bhfuil óna taobh siúd mar gur le gaibhneoireacht a chuaigh a hathair, agus a muintir ar fad. Le ceardaíocht a chuaigh a mac Edmund - athair Alan - ar dtús. D'fhoghlaim sé a cheard mar shnasadóir Francach (French polisher), agus é i mbun a phrintíseachta i Siopa Cash's sa chathair. Le gnó a chuaigh clann mac an mhairnéalaigh, mar ba dhual athar dóibh é. B'shiúd é Edmund ag bunú a ghnó féin i dteannta a pháirtí a bhí oilte i ndéantús troscán. I gceartlár na Linneduibhe, díreach trasna an bhóthair ón Séipéal, a bhí an gnó beag seo suite. Bhí rath air, de réir dealraimh, mar go mbíodh ceathrar nó cúigear fostaithe ag Titley, agus é i mbarr a réime. Theip ar an ngnó i lár na seachtóidí nuair a tháinig tuile troscán isteach sa tír, mar thoradh ar ár mballraíocht sa Chomphobal Eorpach. Níorbh aon

róthubaist é, i gcás Titley, mar bhí críoch curtha aige ar a chlann faoin am a thit an tóin as a ghnó. Ar a chonlán féin a bhí sé ag obair as sin amach.

Fear ann féin, is ea a athair, dar le Titley óg. Fear gnó nach raibh aon róchaitheamh i ndiaidh an tsaoil, ná i ndiaidh airgid aige; fear a shaothraigh go dian, dicheallach, ó mhochmhaidne, ach nár leasc leis am scoir a fhógairt dó féin go luath tráthnóna, d'fhonn a dhúil sa spaisteoireacht, sa seoltóireacht, sa gharraíodóireacht, agus sa bheachaireacht a shásamh. 'Siad na cuimhní is sia siar i gceann a mhic ná na laethanta meala úd sa chúlgairdín fairsing, agus san úllord, a bhí le cois an tí úd, ag Crosbhóthar na Dubhghlaise. Bhlais sé den tuath nuair a théadh sé ar saoire an tsamhraidh go dtí áit dhúchais a mháthar. Cuimhníonn sé le buíochas ar an atmasféar liobrálach a bhí i dtreis sa tigh céanna. Níor brúdh faic síos a scórnach. Tugadh cead a gcinn dóibh a rogha bóthair a thógaint orthu fein. Fiú an mac fiosrach fiafraitheach úd, Alan, cothaíodh a dhúil sa spaisteoireacht, nuair a tugadh cead a chos dó dul ar mharcaíocht bus ó cheann ceann na cathrach, gan ach ceithre bhliain slánaithe aige. Ní bac, ach a mhalairt, a cuireadh air, nuair a bhuail an smaoineamh é camchuairt na hÉireann a thabhairt, ar shíob-siúl, i rith samhraidh na dara bliana dó sa mheánscoil. Is

cuimhin leis an mac oícheanta fada cainte agus cadrála amhail is dá mba ag cothú cumas díospóireachta, agus critice a bhí an t-athair sna gearrchaigh óga. Is as an aeráid bhog liobrálach seo a fuinneadh, agus a fáisceadh an t-ógfhear. Is díol spéise é gur le léachtóireacht ollscoile a chuaigh an mac is sine, Brian, sa chlann chéanna. In Ollscoil Edmunton i gCanada atá sé ag saothrú mar ollamh le Stair an Oideachais. B'é ábhar a thráchtais dochtúireachta ná Church, State, and The Control of Education in Ireland 1900-1940.[1] Tá ardmheas ag Titley ar an tabhairt suas fiúntach a thug a thuismitheoirí dó, agus ar an neamhspleáchas, agus an teacht aniar a chothaigh siad ann. Dála an scéil tá siad araon beo, beathach, fós, agus iad ag druidim leis an gceithre fichid.

## 1.2 Scolaíocht agus na Déaga

Bliain chinniúnach i saol an linbh óig ba ea 1955, mar gur chinn a thuismitheoirí, an bhliain sin, é a chur go Scoil Chríost Rí. Ní le teann idéalachais a cuireadh é ar scoil Ghaelach, ach le teann praicticiúlachta, mar gurbh é an scoil is cóngaraí dóibh, ar lic an dorais acu, nach mór. Is ann ba ghnách le na buachaillí óga áitiúla dul, tar éis dóibh na trí bliana tosaigh sa bhunscoil a thabhairt faoi chúram

Siúracha na Toirbhirte, i gCrosaire an Tuirnéara, i dtosach, ar feadh dhá bhliain, agus ina dhiaidh sin, ar feadh bliana, i Sráid na Dubhghlaise, i lár na cathrach. Níl aon amhras, áfach, ná gurbh í a thréimhse i mBunscoil Chríost Rí, agus ina dhiaidh sin i Meánscoil Chríost Rí a chuir ar bhóthar na Gaeilge é. Trí Ghaeilge a rinne sé na hábhair go léir sa Choláiste, ach amháin na hábhair eolaíochta agus an Teagasc Críostaí. Ar ámharaí an tsaoil ba mhar a chéile mórán an gnás beatha a cleachtadh i gColáiste Chríost Rí, faoi stiúir Bhráithre na Toirbhirte, agus a cleachtadh i dteaghlach Titley. Na síolta a cuireadh in aigne an linbh sa bhaile, bhláthaigh siad san ógfhear faoi thionchar gaoth na saoirse agus an liobrálachais a shéid trí phóirsí an Choláiste. Chomh maith le faobhar chun foghlamtha a chothú sna micléinn ba mhór go deo ag na húdaráis tóir ar dhramaíocht, ar cheoldhrámaí, ar dhíospóireachtaí Gaeilge, agus Béarla, ar chluichí, go háirithe an Pheil Ghaelach. Éinne a rachadh ag póirseáil i measc tuairiscí an Choláiste thabharfadh se faoi deara go raibh ainm Alan Titley go mór chun tosaigh in imeachtaí úd na bliana '65. I rang na hArdteistiméireachta dó, bhí sé ar fhoireann díospóireachta Ghaeilge a bhuaigh Craobh na Mumhan, i gComórtas Ghael-linn na bliana úd. Cé gur éirigh le foireann Chríost Rí dul chomh fada le Craobh na hÉireann níor

thugadar an chroabh leo ar deireadh thiar. Ní ghéilleann Alan, fiú go dtí an lá inniu, gur thug na moltóirí breithiúnas ceart, cóir, sa chás sin. Cé go bhfuil clú, agus cáil ar an scoil chéanna o thaobh peile de, níorbh iad na curaidh an bhliain áirithe sin, ach an oiread. Bhuaigh Coláiste De La Salle, Portláirge, orthu i gComórtas Coirne Ui Mhuirí. Bhí Alan Titley ar an bhfoireann a chaill an lá.

Bhí sé d'ádh air múinteoirí an-mhaith a bheith aige sna hábhair is tábhachtaí, dar leis ie Béarla, agus Gaeilge. Is cuimhin leis an múinteoir Gaeilge Riobárd Ó hUrdail á spreagadh chun dul chun bualadh le <u>Seán Ó Ríordáin</u> i Siopa Liam Ruiséil - áit a thaithíodh sé tráthnónta Sathairn. Bhí cur amach ag a scoláirí ar fhilíocht an Ríordánaigh, agus ar fhilíocht a chomhfile, <u>Ó Direáin</u>, tráth nach raibh tásc ná tuairisc orthu ar chúrsa scoile. Ainneoin an treoir agus an spreagadh chun na litríochta a fuair sé i gColáiste Chríost Rí, maíonn Titley gur mhó d'fhear cluichí ná d'fhear litríochta a bhí ann, ag an dtráth sin dá shaol. Ní raibh uair na haibíochta tagtha fós. Ghlac sé col leis an síorthaithint i dtreo leabharlainne a bhíodh ag múinteoiri air. Is mó go mór de tharrac a bhí aige ar shiopaí leabhar. Ba mhinic é ag ceannach leabhair, fiú ag an am sin, nuair a thugadh sé féin, agus a pháirtithe geábhanna

faoin gcathair isteach. Is cuimhin leis gur mhúscail an dán Óm Sceol Ar Ardmhagh Fáil le Seathrún Céitinn mothú domhain diamhair ann - mothú b'fhéidir a thuar nithe a bhí folaithe fós sa todhchaí.

Níl aon amhras ná go raibh an-tóir aige ar chluichí. D'imir sé iománaíocht, agus peil ar fhoireann faoi 16 na "Bars", agus na Dubhghlaise ina dhiaidh. Cuireadh faoi thriail é d'fhoireann iománaíochta mionúir Chorcaí, ach bhi sé de mhí-ádh air gurbh é an laoch Charlie McCarthy a chéile comhraic. B'shin deireadh le mian a chroí an fód a sheasamh ar son a chontae dúchais! Cé gur thaitin na cluichí Gaelacha go mór leis, is mó an lé a bhí ag a chorp íseal téagartha le gastacht an tsacair. Ina dhán Lámh an Easpaig trácht-tann an file Corcaíoch Liam O Muirthile ar 'mhiorúilt Cork Celtic'.[2] Ba mhinic Titley i láthair na mior-úilte sin tráthnónta Domhnaigh, nó ar pháirc an áir dó féin, ag léiriú a mháistreachta ar an gcluiche Gallda i dteannta na foirne Tramore Athletic. Dá mhéad a dhúil sna cluichí idir Ghaelach, agus Ghallda, ní raibh thiar ar chúrsaí acadúlachta dá bharr. Fuair sé an marc is airde, ina scoil, sna hábhair Béarla, Stair, agus Tráchtáil, i scrúdú na hArdteistiméireachta 1965.

## 1.3 Coláiste Phádraig, Droim Conrach

Dá leanfadh Titley lorg a dhearthár Brian, agus scoláirí eile dá leithéid, is ar Ollscoil Chorcaí a bheadh a thriall i bhFómhar na bliana '65. Ní mar sin a bhí aige, mar gur tharla cor cinniúnach eile ina shaol nuair a glaodh air go dtí Coláiste Oiliúna Phádraig, i nDroim Conrach i Meán Fómhair 1965. Ní ar chomhairle a mhúinteoirí a thogha sé gairm na bunmhúinteoireachta. Níor thógtha orthu a leithéid de neamhaird, mar gur bheag duine ó Chríost Rí nó fiú ón taobh sin tíre a chuaigh leis an ngairm riamh. Ní raibh a leithéid ag teacht le traidisiún na scoile, mar gur faoi na Coláisti Oiliúna a bhí sé, go dtí 1961, ach go háirithe, ábhar múinteoiri a chur ar fáil do na Coláistí Oiliúna.[3] In aghaidh an tsrutha, mar sin, a bhí Titley óg ag dul nuair a thug sé an bóthar chun na príomhchathrach air féin. Ní le teann ardaigeantachta, agus idéalachais a rinne se a leithéid. Ag géilleadh a bhí se den chlaonadh a bhí ann gan an gnáthchonair a thabhairt air féin.

Tuigtear dó anois go raibh se idir dhá shaol i rith a thréimhse scolaíochta, agus oiliúna. Bhí sé d'ádh air nár bhlais sé, i gColáiste Chríost Rí, den réimeas dian, docht, a bhi i dtreis in an-chuid de na hinstitiúidí oideachais ar fud na tíre, go dtí sin,

agus fiú lena linn. Faoin am gur bhain sé Droim Conrach amach bhí Comhairle na Vatacáine II curtha i gcrích, agus An Eaglais Chaitliceach ag filleadh ar luachanna na daonnachta ar ghné luachmhar dá traidisiún Críostaí iad, riamh anall. Cé go raibh scoláirí i dteannta Alan Titley a fhreastal ar scoileanna ar den tseanord iad, bhí an réimeas sa Choláiste ag bogadh faoi anáil na gaoithe boige ón Róimh anoir. Is trín gcóras ceannaireachta a cuireadh cibé rialacha a bhí i dtreis ag an am i bhfeidhm. Ó tharla gurbh iad na scoláirí a toghadh mar cheannairí - ina measc Titley féin mar phríomh-cheannaire na bliana '67-'67 - ní raibh aon tóir rómhór ar an té a bhi faillíoch. Is dealraitheach gurbh é polasaí na n-údarás ná scaoileadh leo siúd a bhí faoina gcúram; ligint dóibh a n-iomaire féin a threabhadh, agus sa tslí sin iontaofacht a chothú iontu.

Bhain sé taitneamh, agus tairbhe as an tréimhse dhá bhliain a chuir sé isteach ag saothrú an léinn, agus thug sé sméar mhullaigh na nduaiseanna leis nuair a bhonnadh an bonn óir air don chéad áit sa mhúinteoir-eacht i 1967. Cé gur éirigh leis Dioplóma Múinteoir-eachta le honóracha a bhaint amach, admhaíonn sé nár chaith sé dua rómhór riamh le cúrsaí acadúlachta le linn a chúrsa oiliúna. Dála Chríost Rí luann sé

saoirse, agus liobrálachas le Coláiste Phádraig, agus bhi an tréithiúlacht sin le tabhairt faoi deara níos mó ar an bhfoireann ná ar na micléinn, dar leis. Tá se faoi chomaoin go speisialta ag na léachtóirí Gaeilge a bhi aige: Stiofán O hAnnracháin, Eoghan O hAnluain, ague Risteárd Ó Mórdha. Toisc nach raibh aon taithí ag Titley ar scoil chónaithe, b'oscailt súl dó an dlúthchaidreamh lae, agus oíche idir mhic-léinn, ó gach aird den tír san 'Ollscoil Náisiúnta' seo, mar a bhaist sé féin air. Ag dul siar ar bhóithrín na smaointe dó 'siad na hoícheanta cainte agus caidreála go maidin is túisce a ritheann leis, díreach faoi mar gurbh iad oícheanta den tsórt céanna a fhanann ina chuimhne óna óige sa chistin, i dteannta a athar, i gCorcaigh. Bhí toise eile de shaol an Choláiste a chuaigh i bhfeidhm go mór ar an scoláire óg. Ba gheall le Gaeltacht an áit, agus bhí cling na gcanúintí difriúla le clos ins gach cúinne de, mar gurbh iad bunadh na nGaeltachtaí b'fhlúirsí i measc an dreama a théadh le bunmhúinteoireacht ag an am. Níorbh é a chéad chuimilt le Gaeltacht é, ar ndóigh. Is ar an bhFeothanaigh, i gCorca Dhuibhne a d'ól se as tobar an dúchais don chéad uair nuair a thug se mí ann, i dteannta a chomhscoláirí Corc-aíocha, an samhradh tar éis dó an Mheánteistiméaracht a chur de. Bhí a thriall ar Ghaeltacht Chonamara ag deireadh na céad bliana dó i gColáiste Phádraig, agus

ar Oileán Leòdhais, i nGaeltacht na hAlban an bhliain chéanna. Cé go bhfuil cur amach aige ar na Gaeltachtaí eile maíonn sé gur Muimhneach é, go smior agus go smúsach. I rith an ama sin bhi Titley an-ghníomhach in imeachtaí cultúrtha an Choláiste. Bhí sé páirteach i ndíospóireachtaí Béarla agus Gaeilge i gcoinne na hOllscoile Náisiúnta; i ndrámaíocht, agus mar ba dhual dó, i gcluichí peile, sacair, agus iománaíochta. Ar pháirc na himeartha dó, tráthnóna amháin, ag tarraingt ar dheireadh a thréimhse oiliúna a cuireadh ceist na hAifrice chuige ar dtús.

### 1.4 Ag saothrú dó san Aifric

Ba é a chara Diarmaid Mac Dáibhéad a d'iarr ar Titley dul chun na hAifrice ina theannta i mbun múinteoireachta. Cé nár dhlúthcháirde iad ag an am, mheas an Dáibhéadach go mbeadh fonn bóthair ar a pháirtí. Bhí an teist sin amuigh air ní foláir. Nuair a dúirt sé lena thuismitheoirí gur ar An Nigéir a bheadh a thriall, tar éis cáilithe dó, bhí imní orthu, sa mhéid gur tír í An Nigéir a bhí á chreachadh ag cogadh cathartha ag an am.[4] Tar éis dó iad a chur ar a suaimhneas ghlacadar go toilteanach, mar ba dhual dóibh, lena chinneadh agus d'imigh sé i dteannta Mhic Dáibhéid i Lúnasa na bliana 1967, chun dul i mbun léachtóireachta sa Bhéarla, agus sa Stair, i

gColáiste Mount Carmel Ilorin, sa Nigéir. Meánscoil buachaillí ba ea Mount Carmel inar oileadh ábhar oidí, agus b'iad The Society of African Missionaries a bhí ina bun. Ba chuid d'fheachtas oideachais an Rialtais é, ag an am, múinteoirí nua-oilte a chur ar fáil *en masse* d'fhonn oideachas a leathnú go tapaidh i measc na gciníocha. Culture shock[5] a luann Titley leis an ngeit a baineadh as nuair a tháinig sé i ngiorracht scread asail de dhomhan úrnua na n-iontas. Bhí an-chuid de na gnása beatha ann bunoscionn ar fad le gnása an Iarthair. Fiú leagan amach an lae féin bhí sé difriúil leis an ngnathlá scoile sa tír seo. D'éiríodar amach go gairid roimh a seacht ar maidin nuair d'éirigh an ghrian, de phlimp. Thugadar uair an chloig ag múineadh go dtí a hocht - am bricfeasta. Ar aghaidh leo ansan go dtí a haon, am scoir. Diaidh ar ndiaidh chuaigh Titley i dtaithí ar an saol nua. Ionadh saoil ba ea a gcumas spior-spear a dhéanamh de chúis aighnis, agus athmhuintearas a bhunú lena gcéile comhraic:

> Ba chuid den saol, cuid dá gcultúr féin é an maithiúnas. Níor suáilce é, ach gníomh nádúrtha a gcaithfí a dhéanamh mar chaithfeadh an saol dul ar aghaidh.[6]

Bhí ardmheas ar an oideachas agus na micléinn scoite chun foghlamtha.

Toisc nár chleacht sé riamh nós an siesta tar éis an bhéile mheánlae, bhí na tráthnónta fada - seachas fochúram scoile - le caitheamh ar a thoil aige. Ba i rith an ama saoire sin a bhláthaigh a thaithneamh don litríocht agus don léitheoireacht. Thom sé é féin go háirithe i litríocht na hAifrice, agus bhí lé speisialta aige le scríbhneoirí comhaimseartha, ina measc - Wole Soyenka (a bhuaigh an duais Nobel), Christina Ama Ata Aidoo, agus Chinu Achebe. Léirigh sé dráma de chuid Soyenka dar teideal Kongis Harvest, sa Choláiste, agus cuireadh ar stáitse é i lár an bhaile. I measc an lucht féachana, bhí boic mhóra na háite maraon le hoifigí rialtais.

San Aifric lig sé scód iomlán lena dhúil sa taisteal. Rinne sé an-chuid bóithreoireachta ar an gcoigríoch, chomh maith le camchuairt na hEorpa a thabhairt ar a thurasanna saoire abhaile ón Nigéir. Bhí sé in áiteanna i bhfad i gcéin on Ivory Coast go dtí na Camarúin. Thug sé Lá Nollag i Fernando Po, agus chuaigh i ngiorracht céad míle de Timbucktoo. Triomacht na habhann a chuir cosc leis ceann scríbe a bhaint amach. Thug sé seachtain ina aonar i nGaineamhlach an Sahara go dtí gur chuir sceirdiú-

lacht na háite an ruaig air tharnais go dtí cathair Ilorin. Ar a bhealach abhaile don uair dheireanach in Earrach na bliana '69, thug sé an timpeall tríd an Éigipt, an Ghréig, agus an Tuirc isteach in Oirthear na hEorpa. Bhlais sé den Chumannachas, in ard a réime sa Rúmáin, sa Bhulgáir, agus san Iúgoslaive. Chuaigh áilleacht Sophie i bhfeidhm go mór air, chomh maith leis an daonnacht a bhí le tabhairt faoi deara sna daoine ann.

San Aifric a tharla an cor is cinniúnaí i saol Titley go dtí seo. Gabhadh agus cuireadh i bpriosún é. Is de bharr ailt dar teideal Féasta Fola[7] a scríobh sé i gComhar i Mí Feabhra '68 a tharla an eachtra seo. Sheas sé an fód ann ar son Biafra. Cháin sé gníomhartha barbartha na Nigéire i gcoinne na nIbo a comhchine, chomh maith le mionchuntas a thabhairt ar an mbúistéireacht a imríodh orthu. 'Bé an chéad iarracht ar chinedhíothú é, ó leag Hitler a lámh ar na hIúdaigh.[8] Cháin se tost na Breataine, agus Mheiriceá. Ba mhó go mór acu, a dúirt sé, saibhreas ola na Nigéire ná cearta daonna na nIbo. De réir dealraimh bhí spiaire ag rialtas na Nigéire, i mBéal Feirste, ag faire amach d'aon rud a scrítí i dtaobh an Chogaidh ar an Oileán seo. Chuir sé iad ar a n-aire i dtaobh an ailt i gComhar. Mar bharr ar an donas, chualathas Titley, oíche amháin i rith Mí na

Samhna '68, ag cur síos, go díscréideach, ar imeachtaí an chogaidh sa Chlub Eorpach, i gcathair Ilorin. Tharla gur Éireannach eile agus Indiach a bhí ina theannta. Saighdiúir as éide, a bhí i láthair a scéith air. Cuireadh díorma saighdiúirí chun é a ghabháil, agus caitheadh isteach i bpriosún é. Murach an sagart a bhí i bhfeidhil Coláiste Mount Carmel ní fios cén deireadh a bheadh leis an eachtra úd. Tharla go raibh focal aige sa chúirt sa mhéid is go raibh sé mór le polaiteoir áitiúil. Toisc go nglactaí le breabanna, go forleathan, sa chóras poiblí ann, dhein sé cúis sa chás seo leis. Saoradh Titley ar choinníoll nach scríobhfadh sé focal a fhad is a bheadh sé sa tír. Is persona non grata é sa Nigéir go dtí an lá atá inniu ann.

De bharr drochiontaoibhe na n-údarás as, bhí sé ag breith chuige féin ina dhiaidh sin. Thug sé aghaidh ar Oileán na hÉireann ag deireadh na scoilbhliana '69. Ina úrscéal Méirscrí na Treibhe[9] cuireann sé cló liteartha ar a eispéaras san Aifric. Osclaíonn an t-úrscéal le mionchuntas ar chur chun báis poiblí. Bhí Titley i láthair, ar chuireadh an Ghobharnóra, ag ócáid phoiblí dá leithéid. Triúr shaighdiúir a cúisíodh de bharr robála bainc. Cuireadh tréas ina leith, agus d'fhonn ceacht a chur abhaile ar an bpobal, lámhadh iad os comhair an tsaoil. Ba

dheacair a shamhlú go dtiocfadh an mionchuntas atá san úrscéal ar gach gné de shaol na hAifrice, ach ó pheann an té a thaisteal a críoch ó cheann ceann.

### 1.5 Tharnais in Éirinn

D'fhill Titley ar Éirinn i mBealtaine na bliana '69, gan phingin rua ina phóca. B'shiúd é láithreach ar thóir oibre; rud a fuair sé láithreach, mar mhúinteoir i Scoil na mBodhar i gCabhrach, faoi stiúir na mBráithre Criostaí. Cé nach raibh ann, ar dtús, ach post míosa déanadh athnuachan air, agus lean sé leis ar feadh cúig bliana sona sa phost céanna. Toisc gurbh iad siúd ba mheasa bodhaire, a bhí faoina chúram, níor mhór dó béarlagair na mbodhar a fhoghlaim. Comharthaíocht láimhe atá ann, agus thug sé tuiscint níos doimhne dó ar chúrsaí teanga go ginearálta, a leithéid de scil a mháistriú. Ba mhaith an sás chuige é, mar nuair a tháinig an Pápa go dtí Páirc an Fhionnuisce, i Mí Meán Fómhair 1979, b'é Titley a toghadh chun na bodhair a chur i dtiúin le gach rud a bhí ag tarlú timpeall orthu. I 1973, seachtain roimh Reifreann an Chomhphobail Eorpaigh, labhair sé ag díospóireacht phoiblí, i mbéarlagair na mbodhar, go láidir i gcoinne ár mballraíochta ann. Bhí bodhar eile i láthair, a labhair go láidir ar an dtaobh eile. Cé go raibh sé ina uachtarán ar Chumann

*Oidí na mBodhar* tráth, níl ach caidreamh imeallach aige le comhluadar na mbodhar anois. Tá a chumas labhartha leo slán fós. Is ar a chumas tuisceana a bhraitheann sé meirg ag teacht. Murab ionann, agus teanga labhartha, is ar an gcumas tuisceana a thagann meath ar dtús.

I rith an ama i gCabhrach dó, d'éirigh leis an dá thrá a fhreastal. Fad is a bhí sé ag gabháil den mhúinteoireacht, de ló, d'fhreastal sé ar chúrsa léinn in Ollscoil Bhaile Áth Cliath istoíche. Bhain se céim BA amach i 1972, sna hábhair, Gaeilge, Béarla agus Fealsúnacht. Bhí sé i gcás idir dhá chomhairle cé acu bóthar a thógfadh sé air féin mar gur éirigh leis marc ard - a bhí ar chomhmhéid - a bhaint amach sa Ghaeilge, agus sa bhFealsúnacht. Is leis an nGaeilge a bhí an lá ar deireadh mar go raibh a chroí léi, a deir sé. Tar éis dó an scrúdú cáilithe a chur de (ní raibh sé ábalta céim onóracha a dhéanamh istoíche), bhain sé céim MA sa Nua-Ghaeilge amach trí mhodh an scrúdaithe, agus an mhiontráchtais, faoi stiúir Thomáis De Bhaldraithe. B'é ábhar a thráchtais ná *Clár Saothair ar Mháirtín Ó Cadhain*.[10] De bharr a shaothair bronnadh Ceim MA le céad onóracha air i 1974. I bhFómhar na bliana céanna d'fhill sé ar a *Alma Mater* - Coláiste Phádraig, Droim Conrach - mar léachtóir i Roinn na Gaeilge. Bhí an

Coláiste ar tí forbartha agus leathnú amach, ag an am, mar go raibh deireadh ag teacht le ré an dioplóma múinteoireachta, agus tús á chur le ré na céime BEd. Thaitin sé leis an léachtóir óg a bheith i lár na cuilithe. I 1981, ceapadh é mar cheann na Roinne Gaeilge. Tá sé lán sásta lena shaol ann, agus is mór aige an caoinchaidreamh agus an comhoibriú, ar bhonn gairmiúil atá i measc na foirne, i Roinn na Gaeilge. Phós Titley, Baile Áth Cliathach mná, Máire Nic Ghearailt i 1972, agus tá cúigear clainne orthu. Saolaíodh an mac is sine Gavan i 1974; Keelan, an iníon is sine i 1976; Aoife i 1979; Bróna i 1981; an mac is óige Feargal i 1987.

Níor chaill sé riamh a spéis sa bhfealsúnacht (tá a rian san le brath go láidir ar a ghearrscéalta). Dála Jacques Derrida, agus lucht an Iar-Struchtúrachais is mar fhicsean a léann sé fealsúnacht.[11] Is maith leis teas na hargóna agus an speach a bhlaiseadh ar an bhfealsúnacht. Tá a leithéid de bhlas, dar leis, ar shaothar Nietzsche agus Kierkegaard cé nach bhfuil a leithéid le brath ar scríbhneoireacht tur, tirm, a lucht leanúna Sartre agus Camus, na hEisithe Francacha. Tá an-fhuinneamh le brath ar shaothar fealsúnachta Unamuno agus Wittegenstein, a deir sé. Ní fhaigheann sé aon bhlas ar fhealsúnacht na bpositíbhigh. Tá an ghráin aige

ar Hume, Kant, agus Descartes. Creideann Titley gur prós-scríbhneoir é, de réir nádúir. Cé gur bhuaigh sé Duais Oireachtais don Dán Fada i 1971, scar sé leis an bhfilíocht go luath ina shaol toisc gan fhéith na liriciúlachta a bheith ann. Is mó a lé le filíocht reitriciúil agus tá tóir dá réir aige ar Baudelaire, agus Walt Whitman. 'Sí an fhilíocht Ghaeilge is mó a thaitníonn leis ná, Bláth agus Taibhse, le Mícheál Mac Liamóir, agus Lux Aeterna, le hEoghan Ó Tuairisc.

Léachtóireacht agus scríbnneoireacht an dá ghairm beatha is ansa leis. Níl sé róthugtha do chúrsaí riarach. áin, cé go n-admhaíonn sé nach féidir éalú ó mhéid áirithe i saol an duine sa bhfichiú haois, go háirithe i saol an té atá ina cheann ar Roinn Choláiste. Tá an t-ádh leis, sa mhéid is go bhfuil traidisiún na neamhfoirmiúlachta préamhaithe go daingean i gcleachtas an Choláiste, agus gur féidir, fós, mórán gnó a chur i gcrích ann ar bhealach neamhfhoirmiúil. Ní duine é a chúbann ar fad ó chúrsaí riaracháin, áfach. Thug se tamall ar Lárchoiste Chomhar na Múinteoirí Gaeilge (1974-'81); ar Choiste Comhairleach Oideachais Radió Teilifís Éireann (1977-'79); ar Bhord Eagarthóireachta Anois (1984-'85). Tá sé fós ar Bhord Eatramhach Riaracháin Choláiste Phádraig, agus ar Choiste Comhairleach

Oideachais Bhord na Gaeilge. Léiriú ar a phearsantanacht ghreannmhar is ea an seift shimplí atá aige chun teacht i dtír ar a chúrsaí gnó féin - dhá sheilf os a chomhair amach, láithreach marcálta aige ar cheann, agus an mhéar fhada ar an gceann eile!

Lasmuigh den mhúinteoireacht, a thaitníonn go mór leis - go háirithe an caidreamh pearsanta a bhíonn aige lena mic agus iníonacha léinn - 'sí gairm na scríbhneoireachta a thugann a chroí an taitneamh is mó di. Cé gur scriobh sé cuid d'úrscéal san Aifric, dealraíonn sé nár luigh sé isteach ar an gceard, i gceart, go dtí gur lonnaigh se ina thír dhúchais arís. Faoin am go raibh na trí bliana déag ar fhichid slánaithe aige, bhí dhá úrscéal curtha de aige - Méirscri na Treibhe (1987), agus Stiall Fhiall Feola (1980).[12] I 1977 bronnadh duais an Oireachtais ar Méirscrí na Treibhe. Sna seachtóidí déanacha, agus i rith na n-ochtóidí ar fad, bhi an-rath ar a shaothar cruthaitheach. Is ar shaothrú an ghearrscéil is mó a dhírigh sé i rith na tréimhse seo, agus bliain i ndiaidh bliana bhain sé duais Oireachtais amach: 1978 Don Bhliain Seo Chugainn i mBerlin; 1980 Oighearaois: Aerís: Arís; 1985 Scéal i mBarr Bata; 1986 An Tuisle Ginideach, agus duais an úirscéil ghairid don sceal, Scéal Bleachtaireachta. Foilsíodh na gearrscéalta seo, maraon le cinn eile dá chuid, sa

chnuasach Eiriceachtaí agus Scéalta eile, i 1987. 'Siad scéalta an leabhair sin a bheidh idir chamáin sa tráchtas seo. Bhuaigh an cnuasach céanna Duais an Bhuitléaraigh, luach £3,000 bronnta air ag The Irish American Cultural Institute. I Feabhra na bliana 1990, léiríodh dráma dá chuid, Tagann Godot, coiméide thraigéideach, dhá ghníomh sa Phéachóig. Go gairid ina dhiaidh sin, thug aisteoirí na Mainistreach camchuairt na nGaeltachtaí leis. I 1981, thug Titley cuairt ar sé chathair dhéag i Meiriceá ag léachtóireacht ar litríocht na hÉireann trí chéile. Ar chuireadh ón American Irish Historical Society (5th Avenue, Nua Eabhrac), labhair sé, as Gaeilge, i 1989 faoi litríocht na Gaeilge.

**1.6 A shaothar criticiúil**

Le linn dó a bheith i mbun a shaothair chruthaithigh bhí Titley ag scríobh ailt chriticiúla, agus eile, do na nuachtáin agus d'iliomad irisí liteartha. Tharraing alt amháin, go speisialta - The Disease of the Irish Short Story - fíoch an phobail air. Alt a bhí ann inar nocht se tuairimí conspóideacha i dtaobh saothrú an ghearrscéil mar fhoirm liteartha, go háirithe, i litríocht Bhéarla na hÉireann:

> ... since the short-story is
> essentially a tertiary form of

> literature, claustrophobic in form, restrictive in manner, and abortive in effect, that is to say a species - fiction.
>
> .... It is necessary that the case against the short-story be stated nakedly. Its influence on contemporary Irish letters is stultifying and debilitating.[13]

Is ar Frank O'Connor is mó a chuireann sé an milleán, agus ar na teoiricí áibhéileacha, mórchúiseacha, a chuir se chun cinn sa leabhar dá chuid The Lonely Voice.[14] Is ann a chraobhscaoil sé go raibh bua nó claonadh nádúrtha san Éireannach chun an ghearrscéil, seachas mar a bhí chun an úirscéil. Teoiric bhréige í seo, dar leis, agus is bac, agus laincis ar an litterateur a bheith rómhór faoina hanáil; rud a tharla in Éirinn, go háirithe sna daichidí, agus sna caogaidí nuair a bhí iris chritice The Bell in ard a réime.

Faoin tráth seo bhí a dhá úrscéal féin curtha de aige, agus is léir gur chreid sé gur éifeachtaí go mór, fada, í foirm an úirscéil chun an duine ina iomláine, ina chastacht, agus ina iomadúlacht a léiriú. Foirm sheanchaite, chalctha, stóinsithe, nach raibh ag freastal ar riachtanaisí ár linne, a bhí sa ghearrscéal réalach, clasaiceach, mar a saothraíodh é i litríocht Nua-Aoiseach na hEorpa, ó Ghogal i leith:

> The Irish short-story in English has been on the whole comfortable, domestic, and safe. It presents good old nineteenth century rationalism, in digestible, and palatable form, stripping literature of the gains made for the spirit by the great novelists of the late nineteenth, and early twentieth century. It has been written for the most part as if modernism had never happened, as if we did not know that man is so much more than the sum total of sociological, and economic facts.[15]

Gné shuaithinseach den alt thuasluaite, ná go n-áitítear ag a dheireadh nach mar a chéile in aon chor do staid an ghearrscéil, sa Ghaeilge. Murab ionann agus a leathbhreac sa Bhéarla, ní raibh an gearrscéal sa Ghaeilge teanntaithe i ngaiste an réalachais, mar go raibh nuafhoirmeacha á tharraingt chuige féin aige; a phréamhacha á leathadh, agus á dhoimhniú in ithir nua cumadóireachta. Faoi mar gurbh é Pádraig Ó Conaire is túisce a leag bunchloch an ghearrscéil chlasaicigh, réalaigh, nua-aoisigh, sa Ghaeilge, b'é Máirtín Ó Cadhain an ceannródaí maidir le foirmeacha nuascéil a shaothrú.[16]

In alt eile dá chuid díríonn sé ar ilghnéitheacht ceardúlachta Uí Chadhain, agus ar a mhíshástacht leis an ngearrscéal traidisiúnta mar mheán litríochta ag cur in iúl a shainmheanmna, agus a shainbhrais-

tintí.[17] Ainneoin a amhrais féin i dtaobh an genre áirithe seo, níor leasc le Titley féin tabhairt faoin ngearrscéal a shaothrú. Tá a chnuasach gearrscéalta Eiriceachtaí agus Scéalta Eile (1987) mar fhianaise go ndearna se beart de réir a bhriathair, ag treabh-adh branair nua dó, agus ag leathnú teorainneacha, agus réimse na samhlaíochta i dtreo is go n-oiriún-aíonn an heteromorphic versatility[18] - a luann sé le saothar Uí Chadhain - go pras don éagsúlacht foirme a chleacht sé féin sa chnuasach seo. Cé go bhfuil dornán beag scéalta ann atá cóngarach go maith don domhan réadach, ní ionadh linn nach é an domhan sin is mó a thaithítear ann. Bhí an méid seo le rá aige i dtaobh téamaí an réadachais, agus a spíonadh i measc lucht ceirde an ghearrscéil:

> There are now so many short-story craftspeople intermittently ploughing their trade in the country that any publisher of these short stories would be assured of a handsome profit if every one of them bought one another's work. This may be good for the market but it is not at all certain that it is good for literature. The same old slices of life are being served up in their raw form without the philtre of the imagination, while it is forgotten that when you slice life up it usually bleeds to death or is otherwise emasculated.[19]

Ón uair gur tháinig Eiriceachtaí agus Scéalta Eile ar an bhfód do b'fhéidir a rá go raibh cóta seanchaite Ghogal caite ar leataobh ag an ngearrscéal Gaeilge. Do b'fhéidir a rá, go deimhin, ón nascadh a dhéantar idir an fhoirm nua agus tuiscintí an údair i dtaobh mórcheisteanna na beatha, go bhfuil meanmna úrnua ar fad ag brúchtadh aníos sa saothar seo. 'Sí an mheanma Iar-Nua-Aoiseach í sin.

B'é Alan Titley féin a thug an t-eolas faoina bheatha dom, atá sa chaibidil seo.

# CAIBIDIL II

# LITRÍOCHT IAR-NUA-AOISEACH: A CHINÉAL

## 2.1 An Ré Nua-Aoiseach

Ba í an tuiscint bhunúsach, aestéitiúil, a bhí i dtreis ón Ré Clasaiceach anall ná gurb é a bhí san ealaín ná scathánú ar an saol.[1] As an tuiscint sin a d'eascair an tuairim gur chóir don ealaín cloí leis an bhfírinne i dtaobh an tsaoil, chomh maith le hrdéal ina thaobh a chruthú.[2] Cé gur minic a tharla easaontas i dtaobh cé acu den dá staid ar cheart scathánú a dhéanamh air - an staid réalach nó an staid idéalach - lean an tuiscint bhunúsach sin ar aghaidh, a bheag nó a mhór, go dtí an Ré Nua-Aoiseach (Modernist Era).[3] Bhain teoiricí na samhlaíochta a bhí ag lucht an Rómánsachais tuisle as an tuiscint sin ar ndóigh, ach tháinig fuadar arís faoi le treisiú an úirscéil réalaigh sa naoú haois déag.[4]

Ina leabhar Axel's Castle ríomhann Edmund Wilson fás agus forbairt na litríochta Nua-Aoisí:

> The literary history of our time is to a great extent that of the development of Symbolism and of its fusion or conflict with Naturalism.[5]

Déantar talamh slán de anois gur le lucht na filíochta Symbolistes sa bhFrainc a tharla an cor is mó, go dtí san, i stair litríochta an domhain. Orthu siúd ina measc bhí Baudelaire (1821-1857) agus go deimhin aithnítear anois é mar cheannródaí na tréimhse Nua-Aoisí sa litríocht. Bhí na cora meoin agus stíle, a chleacht an scoil seo filíochta, bun-oscionn ar fad leis na tuiscintí traidisiúnta ar an litríocht, agus ar na healaíona i gcoitinne.[6] Chuir Oscar Wilde an traidisiún tóin thar cheann nuair a dúirt sé 'Life imitates Art'.[7] An port céanna mórán a bhí ag T S Eliot, Mallarmé, Pound agus Valéry - máistrí móra na linne.[8] Chomh maith lena ndearcadh raidiceach chleacht na Symbolistes teicníocht a bhain an-stangadh as na stíleanna coinbhinseanacha:

> It produced poetry of the kind we call Symbolist with a capital 'S' - poetry that distinguishes itself from ordinary referential discourse by violently dislocated syntax and bewildering shifts of register, poetry in which denotation is swamped by connotation, in which there are no narrative or logical climaxes but instead vibrant, suggestive, ambiguous images, and symbols.[9]

Ba mhó an mhoill a bhí ar an úrscéal nua-aoiseach ag teacht ar an bhfód. Thug sé tamall maith do thraid-

isiún daingean, préamhaithe, an úirscéil réalaigh géilleadh don mhothú nua.[10] De réir, afach, mar a chuaigh James, Conrad, agus Joyce ag tochailt i gcomhfhios an duine aonair - agus go deimhin sa bhfochomhfhios - chuireadar ar leataobh stíl an réalachais, agus chuaigh siad i muinín teicníochta na filíochta.[11]

## *2.2 An Ré Iar-Nua-Aoiseach

Go dtí le fíordheanaí ba leasc le criticeoirí aitheantas mar shainghluaiseacht ann féin a thabhairt do mhothú, agus do mheitifisic atá ag teacht chun cinn sna healaíona le fiche bliain anuas. 'Sé tuairim criticeoirí áirithe, fós fiú, nach bhfuil ann ach gné imeallach den ghluaiseacht Nua-Aoiseach, nó ar a mhéid, síneadh d'eilimintí áirithe sa ghluaiseacht Nua-Aoiseach.[12] Cé nach bhfuil lucht critice agus na scoláirí ar aonfhocal, ta comhréiteach i dtaobh na ceiste ag teacht chun cinn de réir a chéile. Ní leasc leis na scoláirí a thuilleadh Postmodernism a thabhairt ar an mothú nua cultúrtha seo, á scarúint ón mothú Nua-Aoiseach agus á ghairm mar genre aestéitiúil ann féin.

Is téarma é Postmodernism nach ngealann croí mórán. Orthu siúd ta John Barth a aithnítear mar scríbhneoir

den *genre* céanna é féin.[13] Cibé faoi amhras daoine ina thaobh, tá an chuma ar an scéal anois go bhfuiltear ag glacadh leis an téarma nua go forleathan, diaidh ar ndiaidh:

> Thus the term *postmodernism* if we take it literally enough, *a la lettre*, signifies a poetics which is the successor of, or possibly a reaction against, the poetics of early twentieth-century modernism, and not some hypothetical writing of the future.[14]

Is le *nouveau roman* na Fraince, agus le litríocht Mheiriceá le fiche bliain anuas a luaitear an téarma conspóideach seo:

> *Postmodernism* has established as an *écriture* in *Barth's* sense of the word - a mode of writing shared by a significant number of writers in a given period - most plausibly in the French nouveau roman and in American fiction of the last ten or fifteen years.[15]

Faoi mar a luaitear na *Symbolistes* le foinse na healaíne Nua-Aoisí, is leis *Na Dadaists* a luaitear foinse na n-ealaíon Iar-Nua-Aoiseach. Áitíonn *Stephen Connor* go bhfuil an éachtaint is gléine ar aestéitic bhunúsach *Postmodernism* le fáil i bpéintéireacht *Marcel Duchamp*. Téann sé go croílar an

scéil dar leis:

> But the most representative figure of all presumably because of the way that he links modernism and postmodernism is not a writer but the artist Marcel Duchamp the Dadaist of the early years of the century, whose assault on the conventions of art led him for twenty years literally to silence and the actual renunciation of art, but who came back into view, and began to influence artists again in the 1960's.[16]

Tamall roimhe sin chuir Ihab Hassan a mhéar ar an mianach avant-garde atá le brath ar shaothar an ealaíontora chéanna:

> Duchamp loves to appear simply as a respirateur, a breather. Yet his paradoxes take us to the heart of postmodern life. A supreme intelligence of anti-art, he dedicates his existence to the artistic avant-garde. A total skeptic, Cartesian without a method, he emanates a sacramental irony towards creation and says always to his friends "Yes".[17]

### 2.3 Sceach i mBéal Bearna

Ba é Leslie A Fielder[18] ba thúisce a thug faoi thuairisc shainiúil a thabhairt ar an ngluaiseacht liteartha nua. Ina alt cáiliúil Cross the Border -

Close the Gap: Postmodernism dhírigh sé a ainilís ar litríocht Mheiriceá ó 1955 i leith.[19] Faoin tráth seo ní raibh aon leisce air deireadh ré a fhógairt:

> We are living, have been living for two decades - and have become acutely conscious of the fact since 1955 - through the death throes of Modernism, and the birth-pangs of Post-Modernism. The kind of literature which has arrogated to itself the name Modern (with the presumption that it represented the ultimate advance in sensibility and form and beyond it newness was not possible), and whose moment of triumph lasted from a point just before the First World war until one just after the Second World War, is dead ie belongs to history not actuality. In the field of the novel, this means that the age of Proust, Mann, and Joyce is over just as in verse that of T S Eliot, Paul Valéry, Montale, and Seferis is done with.[20]

D'aitigh Fielder i 1969 nach raibh an dara rogha ag foirm an úirscéil (agus foirmeacha eile nach é) i Meiriceá, d'fhonn teacht slán, ach teacht i dtír ar chultúr na ndaoine (Pop Culture).[21] Ní raibh sástacht aestéitiúil le fáil a thuilleadh ag an nglúin óg a bhí ag éirí aníos in ardintleachtúlacht, i gcumas féin - ainilíse, agus i bhfrithrómánsachas Ré T S Eliot.[22] Ba mhó go mór ag an dream óg paisiún, miotas, fantaisíocht, agus maoithneachas.[23]

Bhí gá anois, nó riamh, le pósadh idir uasal, agus íseal idir belles-lettres, agus pop-ealaín.[24]

Saol na teicneolaíochta an míniúchán a thug Fielder ar an tóir nua seo ag Meiriceánaigh óga ar an dúchas, an draíocht, agus an t-iontas. Ba é nádúr na teicneolaíochta an ekstatis a ghlacadh chuige féin:

> All this is less a matter of choice than of necessity, because it has turned out, machine civilisation tends inevitably to synthesise the primitive, and ekstatis is the unforseen end of advnaced technology, mysticism the by-product - no more nor no less accidental than penicillin of scientific research.[25]

Is léir gan amhras go bhfuil scríbhneoirí Meiriceánacha ó na seascaidí i leith ag tabhairt droim láimhe le foirmiúlacht na hardealaíona (High Art) agus ag dul i muinín na bhficsin foirmleacha (formulaic fictions), cibé acu mar ábhar scigaithrise, nó a mhalairt. Ar na ficsin sin is mó go bhfuil tóir ag scríbhneoirí orthu áirítear finscéalta na mbuachaillí bó, ficsean eolaíochta (science-fiction), agus pornagrafaíocht.[26] Orthu siúd is mó a tharraing chuige finscéalta an iarthair bhí John Barth.[27] Cruthaíodh an genre nua seo don chéad uair ina úrscéal cáiliúil Sotweed Factor.[28]. Is cruthú é an

ráchairt atá ar leabhair Bharth - no cuirim i gcás leabhar den chló céanna - One Flew Over the Cuckoo's Nest le Ken Kesey - ar an mian dochloíte sa duine filleadh ar a shaontacht miotaseolaíochta (mythological innocence) agus ar dhomhan an iontais agus na draíochta.[29]

I saol ina bhfuil an oiread sin fuadar faoi fhás na teicneolaíochta, ní ionadh go rachadh lucht litríochta i muinín science-fiction chun mothú sainiúil na linne a chur abhaile. Eagla agus neamhchinnteacht i dtaobh todhchaí an domhain, agus an duine a bhíonn taobh thiar den fhoirmle seo de ghnáth. 'Se Kurt Vonnegut Jr an scríbhneoir is mó a bhain earraíocht as an bhfoirmle áirithe ina úrscéalta The Sirens of Titan, agus Cat's Cradle.[30] Ainneoin an t-éileamh a bhí ag an bpobal óg ar a scríbhneoireacht, rinne na criticeoirí leathchuma dó ar feadh i bhfad. Tá sé anois i mbun teagaisc na scríbhneoireachta in Ollscoil Nua Eabhrac, agus a shaothar á mholadh go crannaibh na spéartha ag na meáin. I gcás Vonnegut is ag an ógphobal a bhí an lá ar deireadh.[31]

Toradh eile a bhí ar an rapprochement seo idir Ard-Litríocht agus Pop-Litríocht ná go nglacfaí leis an ngraostacht mar ghné nádúrtha den phósadh nua.[32] Ní bheadh glacadh ag ollphobal (mass society) leis an

idirdhealú a rinneadh idir láimhseáil ealaíonta na pornagrafaíochta (m/sh Lady Chatterly's Lover) ar thaobh amháin, agus an stuif crua (hard core) ar an dtaobh eile. Ní ar imeall na litríochta a bhí an ghraostacht a thuilleadh, ach ina ghné lárnach mar atá i Lolita le Nabokov, nó i Why are we in Vietnam le Norman Mailer.[33] Ba é príomhchonclúid Fielder nár mhór do chriticeoirí ainilís a dhéanamh feasta ar an nualitríocht ar bhonn fiúntais. Mhol sé dóibh droim láimhe a thabhairt le hidirdhealú a dhéanamh idir Ard-Ealaín agus Pop-Ealaín:

> What the final intrusion of Pop into the citadels of High Art provides, therefore, for the critic is the exhilarating new possibility of making judgments about the 'goodness' and 'badness' of art quite separated from the distinctions between 'high' and 'low' with their concealed class bias.[34]

Bhí Na Foirmiúlaigh Rúiseacha (The Russian Formalists) ar aon fhocal le Fielder maidir le héabhlóid na litríochta.[35] Ba é a dteoiric siúd go raibh sé i nádúr na litríochta, agus na healaíne i gcoitinne teacht i dtír ar fhoirmleacha na bhficsin d'fhonn teacht slán.[36] Ní mar a chéile, áfach, an léamh a bhí acu ar na toscaí saoil a thug a leithéid de chéim éabhlóide chun cinn. Ba é teoiric na 'shifting

dominants' a chuir Jackobson chun cinn agus é ag leanúint na Rúiseach. An fhoirm liteartha a bhí ina ábhar spraoi, agus caitheamh aimsire ag glúin amháin d'fhéadfadh go nglacfadh glúin eile leis mar mheán dáiríreachta.[36] Dá réir sin áitíonn Patricia Waugh gur nós le scríbhneoirí an Ré Iar-Nua-Aoisigh foirmle liteartha an scéil bleachtaireachta, agus an scéil spiadóireachta a tharraing chucu féin toisc a oiriúnaí is atá siad eagla, agus neamhchinnteacht na linne a chur abhaile, agus go háirithe amhras, agus easpa iontaoibhe na linne i gcumas reasúnaíochta an duine.[37]

## 2.4 Epistéimeolaíocht V Onteolaíocht

Ba é teoiric na shifting dominants de chuid Jackobson a chuir Brian McHale i bhfeidhm san ainilís chomparáideach a rinne sé idir litríocht Nua-Aoiseach, agus litríocht Iar-Nua-Aoiseach.[38] Tuigtear dó gurb í an ghné onteolaíoch (ontological) a bhíonn chun tosaigh sa litríocht a saothraíodh ón Dara Cogadh Domhanda i leith, murab ionann agus an ghné epistéimeolaíoch (epistemological) atá chun tosaigh sa litríocht Nua-Aoiseach.[39] Ní ionann san is a rá nach bhféadfadh an dá ghné a bheith taobh le taobh in aon dréacht faoi leith litríochta. Is amhlaidh áfach gurb iad na himpleachtaí onteolaíocha na cinn is

práinní sa litríocht Iar-Nua-Aoiseach.[40] Eolas i dtaobh an domhain ina mairimid agus i dtaobh ról an duine ann is mó a bhí ag déanamh tinnis d'údair na litríochta epistéimeolaíochta.[41] Ceisteanna i dtaobh brí na beatha, agus an tsaoil a bhíonn i dtreis i litríocht onteolaíoch:

> ... the dominant of postmodernist fiction is ontological. That is, postmodernist fiction deploys strategies which engage and foreground questions like the ones Dick Higgins calls post-cognitive: "Which world is this? What is to be done in it? Which of my selves is to do it?"[42]

Is minic go ndéantar tochailt ar níos mó ná domhan amháin, agus fiú ar dhomhan na litríochta féin.[43] Is trí láimhseáil a dhéanamh ar genre na fantaisíochta a chuirtear na domhain éagsúla ar mhuin mairc a chéile.[44] "An ontology" a duirt Thomas Parvel "is a theoretical description of a universe".[45] Glacann McHale leis go bhféadfadh níos mó ná univérs amháin a bheith i gceist.[46] Zone a thugann sé ar an spás áirithe seo a bhíonn faoi na domhain éagsúla a thagann i dtreis sa nualitríocht.[47] A deir sé i dtaobh The Empire of the Great Khan le Italo Calvino:

> But the collapse of regimes and national boundaries, it turns out, is only the outward and visible sign of the collapse of

> ontological boundaries. As the novel unfolds, our world, and the "other world" mingle with increasing intimacy, hallucinations and fantasies become real, metaphors become literal, the fictional worlds of the mass media - the movies - comic books - thrust themselves into the midst of historical reality. The zone in short, becomes plural.[48]

Gné shuaithinseach de litríocht na haoise seo is ea an t-iolrachas. Is léiriú fírinneach é ar mheanmna agus ar leagan-amach an tsaoil mar atá, agus is macalla é den iolrachas atá ina orlaí trínár gcultúr teicneolaíochta.[49] Áirionn McHale na scríbhneoirí seo a leanas mar réamhtheachtairí na gluaiseachta Iar-Nua-Aoisí: Beckett, Robbe-Grillet, Fuentes, Nabakov, agus Coover. Cé go bhfuil an ghné onteolaíoch ag brúchtadh aníos ina saothair ní éiríonn leo teacht i dtír go hiomlán air. Is é an saothar onteolaíoch par excellence, dar leis, ná The Crying of Lot 49 le Pynchon.[50]

### 2.5 Cruthú na nDomhan Onteolaíoch

Chomh maith le earraíocht a bhaint as genre na fantaisíochta chun na domhain éagsúla a chur taobh le taobh, is minic a tharraingíonn scríbhneoirí ó Pynchon, go Salman Rushdie, go Seamus Mac Annaidh, ciúta na staire chucu féin.[51] Sáraítear

teorainneacha in aon chibeal aerach amháin ina mbailítear, i dteannta a chéile, carachtair ón stair, ón domhan réalach, agus ó dhomhan an fhicsin. Tá an mhóitíf carnivalesque ina shnáth trí Cuaifeach Mo Lon Dubh Buí on séans meánoíche go dtí teacht-le-chéile Phádraig Mhic Phiarais agus Sid Vicious.[52] Suíomh carnivalesque a chruthaíonn Terry Eagleton ina úrscéal, Saints and Scholars, nuair a thugann sé Wittgenstein, Baktin, Séamus Ó Conghaile, agus Leopold Bloom i dteannta a chéile i mbothán in Iarthar na hÉireann.[53] Ní leasc leis na scríbhneoirí seo a leithéid de chleas a tharraingt chucu féin mar go ndíríonn sé aird ar fhicsean na staire, ceist a bhíonn ag déanamh tinnis dóibh, agus do lucht teoirice agus critice na nualitríochta. A luaithe agus a dhéantar imtheorannú téacsúil (recontextualised) ar charactair stairiúla cuirtear an stair as a riocht, no b'fhéidir a rá go ndéantar ficsean den stair.[54]

Leathbhreac an mhóitíf carnivalesque is ea an retour de personnages.[55] Sa chás seo tógtar carachtair ar iasacht ó shaothar cruthaitheach eile. 'Sé an toradh a bhíonn ar an bpróiséas seo ná spás idirthéacsúil (intertextual zone) a chruthú. Sa tslí seo déantar comhcheangal idir dhá dhomhan ficseanacha. Transworld identity a thugann Umberto Eco ar a leithéid de

chiúta atá go rábach sa litríocht Iar-Nua-Aoiseach.[56] Ina úrscéal Mulligan Stew tógann Gilbert Sorrentino an carachtar Ned Beaumont ar iasacht ó The Thin Man le Dashill Hammett, agus is ó At Swim-Two-Birds le Flann Ó Briain a ardaíonn sé leis Anthony Lamont.[57]

Dála Fielder áiríonn McHale genre an science fiction ina ghné lárnach den litríocht seo. Is é an genre onteolaíoch par excellence é, mar gurb ann is treise a mhothaímid an mhóitíf sin.[58] Trí dhomhain dhifriúla a chur i dteangmháil lena chéile nó uaireanta i ngleic lena chéile, tarraingítear aird ar an tréith onteolaíoch atá mar bhunchloch ag an bhficsean Iar-Nua-Aoiseach.[59] Cé gur genre ann féin é, beag beann ar an litríocht postmodernist is minic lucht na litríochta seo ag baint earraíochta as topoi an science fiction. Is lú de thóir atá acu áfach ar an topos idirphlainéideach (interplanetary) ná ar topoi a bhaineann leis an saol sa todhchaí. Na fionnachtain teicneolaíochta, agus a n-impleachtaí sóisialta is mó a bhíonn idir chamáin ag lucht na nualitríochta.

Ní ionadh go bhfuil an-lé ag na scríbhneoirí seo le genre na fantaisíochta. Bíonn siad de shíor ar thóir topoi an genre céanna díreach mar a bhíonn siad ar thóir topoi an science fiction. Faoi mar is dual don science fiction a bheith faoi réir ag an móitíf

onteolaíoch is mar a chéile ag genre na fantaisíochta é. Ní ghéilleann McHale do theoiric Todorov go ndeachaidh genre na fantaisíochta faoi thalamh le teacht chun cinn an fhrithréalachais. Géilleann sé, áfach, go bhfuil titim áirithe chun leamhais le brath ar an bhfantaisíocht áirithe seo.[60] Is amhlaidh, dar leis, a ghéaraíonn sé seo ar an gcoimhlint idir an dá shaol - saol an réalachais, agus saol na fantaisíochta. Tá rian laidir an leamhais le brath ar shaothar fantaisíochta ar nós Midnight Children le Salman Rushdie, nó ar One Hundred Years of Solitude le Gabriel Garcia Marquez. Géilleann McHale do Todorov go mbionn sruth fantaisíochta faoi thalamh, fiú sna saothair Iar-Nua-Aoiseacha nach den genre sin iad.[61]

'Sé atá sa bhfantaisíocht ná chomhlint idir an saol réalach, agus saol nach bhfuil faoi réir ag an dlí nádúrtha. Briseann saol eile no saol osnádúrtha isteach ag cur an tsaoil seo as a riocht. Is minic a tharlaíonn sé seo droim ar ais, nuair is duine daonna a chuireann isteach ar shaol eile. Cibé acu é, cuirtear an dlí nádúrtha tóin thar cheann, agus leagtar síos teorainn idir an saol seo, agus an saol béaldorais.[62] Scríbhneoir a chuaigh i ngleic le stíl an réalachais ba ea Jorge Luis Borges. Tharraing sé chuige genre na fantaisíochta d'aonghnó, chun fogha a thabhairt, go speisialta, faoin úrscéal siceolaíoch,

nádúrtha. Chuir sé i gcuimhne do ghearrscéalaithe, agus d'úrscéalaithe a linne go raibh ceird na sceal-aíochta imithe sa bhfraoch orthu.[63] Ina ghearrscéal cáiliúil Tlon Uqbar Orbis Tertius cruthaíonn sé an domhan idéalach Tlon. Is iad na neacha neamhshaolta a chuireann ar ár súile dúinn go bhfuil eilimint osnádúrtha sa treis. Is gearr, áfach, go gcuireann an t-osnádúrachas an domhan réalach ó mhaith ar fad. In úrscéal de chuid Carlos Fuentes tagann triúr neach neamhshaolta aniar aduaidh ar shaol réalach na Spáinne le linn Ré Philib II. Teachtairí ó shaol eile is ea gach neach díobh, agus déanann siad scrios ar shaol socair, sámh, na Spáinne ag an am.[64]

### 2.6 Metafhicsean

Tugtar metafhicsean ar fhicsean a tharraingíonn aird ar a nádúr féin, go háirithe ar an gceangal idir fhicsean agus an domhan réadach.[65] Tuigtear do chruthaitheoirí an mhetafhicsin nach bhfuil sé ar chumas an scríbhneora an domhan réalach ina iomláine a thabhairt leis/léi trí mheán teanga.[66] Ní ghlactar a thuilleadh leis an dteoiric simplí go ndéanann teanga scathánú cruinn ceart ar dhomhan oibiachtúil. Aonad neamhspleách ann féin is ea teanga, agus is mō cor, agus casadh sa cheangal idir é, agus an domhhan réalach.[67] Is i dteoiricí teangeolaíochta Saussure,

athair an Struchtúrachais, agus ina dhiaidh Jacques Derrida a dhéantar an ceangal casta seo idir theanga, agus réadachas a chíoradh, ina iomláine. Córas comharthaíochta atá i dteanga, dar le Saussure. Dhá chuid atá sa chomhartha féin (signifier) ie fuaim an fhocail, nó a chuma grafúil ar pháipéar, agus an bhrí a chuireann comhartha faoi leith in iúl (signified).[68] Is ar bhonn difríochta idir chomharthaí difriúla a chothaítear teanga. "In the linguistic system" a dúirt Saussure "there are only differences."[69] Ní ar chaint nó parole a dhírigh sé a aird ach ar struchtúr seachtarach na comharthaíochta, a bhí mar bhonn leis an parole. Langue a thug sé ar an struchtúr sin.[70] Chuaigh Jakobson níos sia nuair a dúirt sé go raibh an gaol idir chomhartha, agus ábhar an chomhartha as alt. Ciallaíonn san, dar leis, go raibh spleáchas áirithe ag an gcomhartha ann féin, beag beann ar a ábhar.[71]

Chuaigh Jacques Derrida an fealsúnaí Francach, agus lucht an Iar-Struchtúrachais nios sia fós nuair a rinne siad deighilt ghlan idir an comhartha agus a ábhar.[72] Dar leo, nach mbíonn an chiall ina iomláine lonnaithe in aon chomhartha amháin. Trín idirghaol idir sraith comharthaí a thagtar ar chiall teanga. Ní fuirist teacht ar a leithéid mar gur earra éal-

aitheach é ar deireadh thiar thall:

> Another way of putting what we have just said is that meaning is not immediately present in a sign. Since the meaning of a sign is not, its meaning is always in some sense absent from it too. Meaning, if you like, is scattered or dispersed along the whole chain of signifiers: it cannot be easily nailed down, it is never fully present in any one sign alone, but is rather a kind of constant flickering of presence and absence together.[73]

Thug Derrida, agus a lucht leanúna droim láimhe le sainmhíniú an Struchtúrachais ar theanga ie gur ní é teanga, a bhí socair, siméadrach, bunaithe ar struchtúr. A mhalairt a bhí fíor dar leo. B'ionann teanga agus gréasán fada, fánach, ina raibh gach eilimint agus brí fite fuaite ina chéile.[74]

Glacann a leithéid de thuiscint col le stíl réadach (representational) scríbhneoireachta mar go nglactar leis ina leithéid de stíl go bhfuil an chiall iomlán lonnaithe sa chomhartha, agus gur aonad struchtúrach ann féin gach comhartha seachas cuid de ghréasán fánach. B'é tuairim Barthes go raibh gaol gairid idir ghluaiseacht an Nádúrachais Eolaíochta, agus stíl réadach scríbhneoireachta. Cuireann siad araon an focal agus an comhartha ar chomhchéim. Is acu

araon atá an focal deireanach maidir le ciall agus brí a chur in iúl.[75] Raideann An t-Iar-Struchtúr-achas i gcoinne tabhacht an chomhartha ann féin. Ina theoiric cháiliúil, deconstruction, shéan Derrida go raibh teanga, ina dhéantús, i dtaobh le córas an chéad phrionsabail.[76] Níl aon struchtúr seasamhach ag an dtéacs ann féin, ná míniú cinnte dearfa, ach an oiread:

> The writable text, usually a modernist one, has no determinate meaning, no settled signifieds, but is plural and diffuse, an inexhaustible tissue or galaxy of signifiers, a seamless weave of codes, and fragments of codes, through which the critic may cut his own errant path.[77]

Aonad mór amháin is ea an litríocht, agus a chodanna go léir bainteach lena chéile. Níl a leithéid de rud sa litríocht, agus saothar bunaidh de réir teoirice an deconstruction. Ina theannta san, tá gach saothar litríochta idirthéacsach (intertextual), agus scéith-eann siad thar teorainneacha a chéile. Géilleann Derrida gur sa litríocht is treise a bhraitear teanga ag feidhmiú, cé gur leasc leis,agus lena lucht leanúna idirdheighilt a dhéanamh idir litríocht per se, agus 'scríbhneoireacht' de shórt eile. Ba é tuairim Paul de Man go raibh mianach meafarach i ngach sórt teanga, agus scríbhneoireachta. Ní raibh

scríbhneoireacht ná teanga ar bith saor o laincisí an fhicsin. "It is a mistake to believe that any language is literally literal" a dúirt sé.[78]

Ní ionadh gur tháinig scríbhneoirí sna seascaidí, agus sna seachtóidí faoi anáil na nuatheoiricí seo. Tá a rian go láidir ar shaothar na scríbhnoirí a chloígh, go háirithe, leis an genre metafhicsean. 'Sí an chloch is mó ar a bpaidrín ná cíoradh na ceiste: an féidir an saol a athchruthú go cruinn trí mheán teanga? Tugann siad droim láimhe, de ghnáth, le stíl réadach an naoú haois déag. Is mór go deo an tóir a bhionn acu ar scigaithris, ar imeartas focal, agus ar nuastíleanna, agus nuafhoirmeacha litríochta. Is minic, go deimhin, gur mar a chéile acu ábhar, agus stíl.[79]

## 2.7 An Weltanschauung Iar-Nua-Aoiseach agus comharthaí sóirt na litríochta comhaimseartha

Cé gur luadh an téarma Postmodernismo chomh luath le 1934, níor tosnaíodh ar iarracht a dhéanamh sainmhíniú a thabhairt ar an bhfealsúnacht a bhí laistiar de go dtí na caogaidí déanacha.[80] Cé gurb é alt Fielder i 1969 an tuairisc is uilghabhálaí de na tuairiscí luatha, is fiú go mór aird a dhíriú ar an spléachadh a thug criticeoirí eile ar an mbraistint

nua seo. [81] Bhí Howe and Levin ar aonfhocal le Fielder nuair a luaigh siad frithintleachtúlacht, agus easpa dáiríreachta (anti-serious) leis an ngluaiseacht nua.[82] Ba mhar a chéile mórán an léamh a bhí ag Sontag air.

Is mór ag na scríbhneoirí óga Meirceánacha, dar leo, spraoi agus spleodar, agus bíonn fuinneamh na beatha le brath go láidir ar a saothar. 'To grab things as they are' - b'shin mar a dúirt Federman é. Ina theannta sin bíonn siad de shíor ar thóir nua-fhoirmeacha, agus dhealródh sé gur mó acu an fhoirm ná an substaint ar uairibh.[83]

Díríonn Spanos, Wasson, agus ina dhiaidh Ihab Hassan ar thréith na mírialtachta sa litríocht Postmodern. Go deimhin tá an chuma ar an scéal gur ag fonóid a bhionn ealaíontóirí ár linne faoin tóir a bhí ag na Modernists, ach go háirithe, ar ord, agus eagar, agus ar aontacht ealaíne:

> Such a Postmodernist literature refuses to fulfill casually orientated expectations to create fictions ... with beginnings middles and ends.[84]

Murab ionann agus na Modernists, tugann na Postmodernists droim láimhe leis an tuiscint gur

féidir ord, agus eagar ealaíne a bhualadh anuas ar chíor thuathail an tsaoil. Is as an rí-rá seo a eascraíonn an mothú ar a nglaonn Wasson amhras onteolaíoch (ontological doubt).[85] Ba é tuairim Spanos ná gurbh é a bhí sa Weltanschauung Postmodern, ná fogha faoi chultúr réasúnach an iarthair arbh é an Logos a bhunchloch.[86]

Dála Wasson agus Spanos díríonn Ihab Hassan - an té is mó ata dulta amach ar an La condition postmoderne - ar Dílarú (decentralisation), agus an titim-as-a-chéile a leanann é. Neamhchinnteacht (indeterminacy), agus imeanacht (immanence) an dá príomhthréith a luann sé leis an nuachultúr. Ar dhá cheann an mhoil atá siad, ceann acu ag claonadh i dtreo na haontachta, an ceann eile i dtreo an iolrachais. Idir an dá cheann áiríonn Hassan na tréithe seo a leanas: bloghrachas (fragmentation); treascairt na mbó beannaithe (decanonisation); múchadh an ego (self-less-ness); neamhréalachas; íoróin; nuafhoirmeacha (hybridisation); cibeal agus raibiléiseachas; spraoi agus spleodar; stíl agus ceapadóireacht thriaileach neamhchoinbinseanta.[87]

Ní mór idir an léamh a dhéanann Ihab Hassan, nó fiú Spanos agus Wasson roimis, ar an La condition postmoderne, agus léamh David Lodge ar an écriture

postmoderne. Díríonn sé aird go háirithe ar an easpa leanúnachais is dual do na nuascríbhneoirí a chleachtadh. Cuireann sé béim ar an gclaonadh chun bladhmainn, agus caint gan dealramh. Déanann Lodge an-nath den chiúta ar a nglaonn sé short circuit air. Maíonn sé gur trí mhodh an chóngair a bhaineann na scríbhneoirí postmoderne geit as léitheoirí. Ní leasc leo ficsean, agus a mhalairt a chur taobh le taobh, nó fiú an t-údar féin a tharraingt isteach sa scéal d'fhonn teacht aniar aduaidh ar an léitheoir.[88] Cleas éifeachtach eile acu is ea an earraíocht a bhaineann siad as an samhlaoid aisteach d'fhonn an léitheoir a bhaint dá threoir. Tá na húirscéalta Trout Fishing in America, le Richard Brautigan breac lena leithéid de shamhlaoidí neamhchoitianta.[89] Déanann Federman agus Fokkema araon tagairt de theicníocht na liostála. Seanchleas i measc lucht litríochta is ea é, agus déanann na Postmodernists a gcuid féin de.[90]

Tá Alan Wilde ar aonfhocal le Ihab Hassan i dtaobh tréith na híoróine a bheith go rábach go háirithe sa chatagóir ar a dtugann sé Midfiction air. Ina leabhar Horizons of Assent, déanann se idirdheighilt idir na Metafictionists, na Surfictionists, agus na Midfictionists. Murab ionann agus an dá chatagóir eile ní thugann na Midfictionists droim láimhe leis

an saol.[91] Disjunctive irony a chleacht na Modernists, dar leis. B'ionann sin agus iarracht a dhéanamh ar ord, agus eagar a bhualadh anuas ar chíor thuathail an tsaoil. Ní mar sin in aon chor ag na Postmodernists é. Istigh i lár an aonaigh atá siad siúd. Cé go gcuireann siad rúille búille an tsaoil, i láthair an léitheora ní haon chúis bróin acu é. Is domhan gan bhrí, gan tuiscint é, ach ní leasc lena chruthaitheoirí aghaidh a thabhairt ar chruachás mórálta an duine i ngleic lena leithéid de dhomhan. Suspensive irony a thugann Alan Wilde ar an spleachadh a thugann scríbhneoirí ar nós Max Apple, agus Stanley Elkin dúinn ar an dilemma comhaimseartha seo.[92]

## 2.8 Tátal

Ón Dara Cogadh Domhanda i leith is léir go bhfuil mothú, agus meitifisic nua ag teacht chun cinn sna healaoíne i gcoitinne. I measc scríbhneoirí Mheiriceá agus na Fraince is mó a bhraitear an mothú nua seo. Cé go raibh an aidiacht cháilíochta Postmodernismo sa tsiúl ó 1934, ba leasc le criticeoirí, ar feadh i bhfad, aitheantas a thabhairt don ghluaiseacht nua ann féin. Is ar ghné fhrithintleachtúil na nualitríochta a dhíríonn, nach mór, gach criticeoir ó Leslie A Fielder go Ihab Hassan. Ag tabhairt

droim láimhe le hardintleachtúlacht na Modernists, agus le stíl réalach an naoú haois déag a bhíonn na scríbhneoirí comhaimseartha. Bíonn an-tóir acu ar fhantaisíocht, ar mhiotas, ar science-fiction, ar scigaithris, agus ar nuafhoirmeacha stíle agus ceapadóireachta. Is trína meáin úd a chuireann siad a n-amhras onteolaíoch (ontological doubt) in iúl. Ní cúis bróin acu a leithéid d'amhras a bheith orthu i dtaobh an domhain, agus brí na beatha. Dá bhrí sin, tá a saothair lán de bheocht, agus de theas na daonnachta.

# CAIBIDIL III

# DOMHAN NA FANTAISÍOCHTA

## 3.1 An Scríbhneoir agus Meanma a Linne

I léacht Uí Chadhain 1978[1] rinne Louis de Paor scagadh, agus ainilís liteartha ar ghearrscéalta Uí Chadhain. B'é an cur chuige a bhi aige ná Ó Cadhain a mheas mar scríbhneoir Nua-Aimseartha, Iar-Fhreduach, agus a scéalta a scagadh sa chomh-théacs sin. Lean sé lorg Uí Thuama san ainilís a rinne se ar fhilíocht Sheáin Uí Ríordáin sa leabhar Filí Faoi Sceimhle.[2] Ní gnáthach leis an scríbh-neoir ealú ó mheanma a linne, ná ó na nósmhaireachtaí liteartha a fháisctear as an meanma sin:

> As meanma na linne a fháisctear na nósmhaireachtaí liteartha a stiúrann cleacht an scríbhneora i bhfilíocht nó i bprós agus tagann stiúir nua ar an litríocht nuair a thagann claochlú ar an meanma choitianta sin.[3]

Freagraíonn an t-ealaíontóir don fhuadar idir-náisiúnta a thagann ar shála aon suaitheadh mór fealsúna, agus liteartha. Le fuinneamh a chuid samh-laíochta cuireann sé a chló féin ar an Weltanschauung nua sin. Faoi mar a luann de Paor, Emile Zola le

gluaiseacht na nua-eolaíochta sa naoú haois déag, luann sé Ó Cadhain leis an bhfuadar idirnáisiúnta, aigneolaíochta Iar-Fhreduach. Le gach gluaiseacht acu tháinig stiúir nua ar an insint liteartha de réir mar a saothraíodh teicníocht nua chun fuadar na nua-ghluaiseachta, a scaoileadh i bhfoirmeacha an phróis liteartha. Tá a fhianaise sin le brath go láidir ar litríocht Zola, agus Uí Chadhain faoi seach.[4] I dtreo dheireadh a léachta admhaíonn de Paor go bhfuil an stádas a bhí ag an ngnáthdhuine sa phrós nua-aimseartha - o réalachas nithiúil Zola go dtí sruth comhfheasa Joyce - ag dul i léig ó dheireadh an Dara Cogadh Domhanda i leith.[5] Ón uair sin tá amhras á chaitheamh ar fhiúntas an duine, a bhí mar bhunchloch le fealsúnacht an daonnachais.

'Sé an t-amhras onteolaíoch sin atá mar bhunchloch leis an meanma Iar-Nua-Aoiseach.[6] Amhras atá ann i dtaobh an duine, a dháin, a dhomhain, agus a Chruth-aitheora. I gCaibidil II thug mé cuntas ar an Zeitgeist Iar-Nua-Aoiseach agus ar an stiúir nua a tháinig ar an insint liteartha, ag freagairt don mheanma nua. Baineann Alan Titley leis an mothú Postmodernismo agus is i gcomhthéacs an écriture postmoderne a dhéanfar scagadh ar a ghearrscéalta sna caibidil seo a leanas.



LIBRARY

## 3.2 An t-Amhras Onteolaíoch sna Scéalta Fantaisíochta

Áiríonn Fielder agus McHale araon mianach na fantaisíochta mar thréith lárnach sa litríocht Iar-Nua-Aoiseach.[7] Baintear earraíocht aisti chun an ghné onteolaíoch a chur chun tosaigh.[8] Scéalta iad An Tuisle Ginideach, An Triú Scéal Déag, agus Cuíorscéal atá ag teacht go gléineach le teoiricí Fielder agus McHale. Tá siad suite go huile agus go hiomlán, geall leis, i ndomhan fantasia agus 'sé an t-amhras onteolaíoch a bpríomhthéama. Sa scéal An Tuisle Ginideach cuirtear na déithe os ár gcomhair mar dhream díomhaoin, drabhlásach, a tharraingíonn cruthú an domhain, agus an duine chucu féin, go botúnach, d'fhonn éalú o shíoraoibhneas, agus ó shíorleamhas neimhe. Is go drochmheasúil tarcaisniúil a dhéantar tagairt do 'na daoine' seo:

> 'Seo mar a fheicimse é' arsa Jia,
> 'déanfad daoine a chruthú'
>
> 'Daoine?' arsa Uga, 'cén saghas
> neamhnaí iad sin?'
>
> 'Ní thuigim', arsa Faonriar
> 'eachtraigh leat'
>
> 'Neacha', arsa Jia, 'ar nós na
> scrum is na scram is na
> scromadach scaofaí.' (14)

Deantar cibé dínit agus sollúntacht a shamhlaíonn an duine leis féin, a pholladh. An mothú is treise sa scéal is ea gur bhuail an Cruthaitheoir bob ar an gcine daonna trína gcruthú, gur rip af mór a bhí ann (15), agus go bhfuiltear de shíor á ngriogadh le leideanna beaga eolais a chur chucu faoina nádúr, agus a ndán:

> 'Ach ní hé sin deireadh an scéil', arsa Jia ag cnúscairt chuige féin go héiritheach, 'cuirfidh mé fáithe chucu, agus tabharfaidh mé geallúintí dóibh, agus scaoilfidh mé leideanna ina dtreo anois is arís agus beidh cnoanna caocha le n-ithe acu, agus gheobhaidh siad smuit de scéalta seachráin uaim thall is abhus, agus ardóidh mé a meanmna uair umá seach ...' (15)

Laistiar den spórt agus den spraoi sa scéal seo tá amhras á chaitheamh ar na dogmaí is beannaithe, agus is ceartchreidmhí amuigh. Is clochchúinne de chuid an Chreidimh Chriostaí an fhírinne gur chruthaigh Dia an duine ina dhealramh féin. Má sea, cuirtear a leithéid de dhogma tóin thar cheann, mar nach bhfuil mar thoradh ar an diagacht a mhórann dínit an duine ach áiféis. Na prionsabail, na suáilcí, agus na coincheaptha fealsúnta atá mar bhonn le sibhialtacht Iarthair na hEorpa ó thús na Críostaíochta is mar mheascán mearaí i liosta neafaiseach a chuirtear iad

os ár gcomhair. Is coincheaptha iad, áfach, nach minic a bhionn daoine ar aon fhocal fúthu:[9]

> Cuir i gcás, sonas, agus grá, agus fírinne, agus áilleacht, agus cearta, agus fuath, agus dílseacht, agus laochra agus freagracht, agus míniú agus litríocht, agus eolas, agus fíricí, agus loighic, agus tuiscint, agus mistéir, agus teoiricí, agus réasún, agus nádúr, agus coinsias, agus réalachas, .... (14)

Cuirtear domhan na fantaisíochta, agus an domhan réalach ar mhuin mairc a chéile sa scéal <u>An Triú Scéal Déag</u> - gnás coitianta a chleachtann lucht Iar-Nua-Aoisí. Cé gur i mBaile Áth Cliath atá sé suite is scéal fantaisíochta é sa mhéid gur ríomhadh aerach atá ann ar <u>Lá Pilib a' Chleite</u>. Is i bPáirc an Fhionnuisce atá láthair an Bhreithiúntais, ina bhfuil Dia, agus a chomhluadar lonnaithe, agus pobal na cathrach ag tiomáint leo ó thuaidh ina dtreo. Go deimhin is deacair gan buille faoi thuairim a thabhairt go raibh turas an Phápa ar an bpáirc chéanna go comhfhiosach, nó go fochomhfhiosach in aigne an údair, i mbun cumadóireachta dó. Is díol spéise é go raibh Titley féin i láthair ag an ócáid chéanna i mbun comhraíochta na mbodhar.[10] Treascairt na mbó beannaithe is ea ceann de chomharthaí sóirt na litríochta comhaimseartha a deir <u>Ihab Hassan</u>:

> Thus from the 'death of God' to 'the death of the author', and 'death of the father', from the derision of authority to revision of the curriculum, we decanonise culture, demystify knowledge, deconstruct the languages of power, desire, deceit ....[11]

Ní leasc le Titley na tuiscintí is bunúsaí i dtaobh Dé, agus na móráltachta sa traidisiún Críostaí a threascairt. An fhonóid a déanadh faoin duine, agus a theoiricí mórchúiseacha i dtaobh a bhunaidh agus a dháin féin sa scéal, <u>An Triú Scéal Déag</u> is ar Dhia, nó íomhá an duine i leith Dé, agus ar theagasc mórálta na hEaglaise a dhírítear é an turas seo. Déantar magadh faoi dhiagairí, agus daoine nach iad, a chuireann cló daonna ar choincheap na Diachta. Tarlaíonn aighneas i measc an tslua faoi chibé acu fear, nó bean é Dia:

> 'Chuala é sin', arsa feairín rua go béasach, 'agus ní féidir liom teacht leat ann is cuma cad déarfá. Chonaic mise cúpla nóiméad ó shin é agus bhi se mór ramhar, mongach. An Pápa ina chrutaon é cé i móite de ghruaig mhothallach.'
>
> 'Ta breall oraibh, a bhithiúnaigh.'
>
> Bhí bean ina seasamh, a gruaig léi scaoilte síos go slaodach, agus fiuchadh le draighin oilc aighnis fúinn, agus bhí fhios againn go maith cad a bhí ag teacht. 'Bean is ea í, adeirim libh. Bean mhásach chnámhach

> ghoirgeach ghaibhdeach a bhfuil spéaclaí uirthi.' (201)

Faoi mar a réabtar na fírinní is bunúsaí, agus na dogmaí is beannaithe sa thraidisiún Giúdach-Chríostaí sa scéal An Tuisle Ginideach iompaítear bunoscionn an mhóráltacht Chríostaí sa scéal seo, sa mhéid is nach luachsaothair atá i ndán don té a chomhlíonann aitheanta Dé, agus a leanann teagasc na hEaglaise. Is go borb míbhuíoch a labhrann Dia leis an sagart a rinne a leithéid, agus a rinne talamh slán de go raibh sé ar shlí na fírinne dá bharr. Earra guagach is ea an fhírinne dar le Dia an scéil seo. Thug sé bata, agus bóthar don sagart bocht diaganta toisc go raibh sé ró-cheangailte a thuiscint gurbh í an fhírinne 'Uaireanta seo, uaireanta sin, agus uaireanta an rud eile.' (204) Ní de bharr aon ghníomh tromchúiseach peacúil a bhí déanta acu, a daoradh daoine go hIfreann ach ar na cúiseanna is áiféisí agus is neamhfhuaimintiúla amuigh:

> Ní raibh cárta aitheantais ag an gcéad duine eile, ní raibh dóthain airgid ag an mbean a tháinig ina dhiaidh sin, agus ní raibh na toisí cearta ag an triú duine. Damnaíodh iad sin go léir. (204)

Dá chomhartha sin saoradh daoine ar na cúiseanna áiféiseacha céanna:

> ... mar go ndeachaigh duine acu go dtí an scoil cheart. (203)
>
> Tugadh sochar an amhrais do dhuine eile mar bhí fiacla deasa aice, agus bhí gaol aici le máthair-ab. (205)

Is gníomh oiriúnach é marú Dé ag deireadh an scéil An Triú Scéal Déag mar i ndomhan Iar-Nua-Aoiseach, Iar-Chríostaí Nietzsche tá sé ag teacht le ciall agus le loighic Dia a dhíbirt, dála an lama, nó an Dalai Lama. (imeartas focal Titlíoch ag teacht i dtreis anseo.)

Domhan na fantaisíochta a chruthaítear sa scéal Cuíorscéal sa mhéid go bhfuil sé suite sa saol eile, in Inis an Fhírinne. (Sonc á thabhairt faoi lucht gramadaí!) Daoine saolta is ea iad siúd a thagann aniar aduaidh air.[12] Cé nach bhfuil an scéal seo chomh greanta ina dhéantús leis an scéal An Tuisle Ginideach, tá mianach nach beag ann. An snáth céanna machnaimh agus fealsúnachta atá ag sní tríd an scéal, Cuíorscéal, is atá ag sní tríd na scéalta a pléadh go dtí seo. Chomh maith leis an amhras onteolaíoch, tá an frithintleachtúlacht - a luann gach criticeoir ó Fielder go Hassan leis an meanma Iar-Nua-Aoiseach - le brath go láidir ar an scéal seo. Is faoi 'fhilí fáithe, agus fealsaimh atá ar feadh na mílte bliain ar thóir na Fírinne' (59) a dhéantar fonóid. Cibé

iarracht a dhéantar ar an bhfírinne a aimsiú, nó a cheannsú, nó a chur i bhfriotal ní bhíonn mar thoradh air, ach neamhní agus áiféis. Ní bhíonn 'ag deireadh an bhogha ceatha taréis na tóraíochta go léir ach banc dramhaíl' nó b'fhéidir 'ceann de chrúibíní muice Chití Barra nár éirigh léi a dhíol i ndeireadh na hoíche.' (49)

Ní hiad mangairí an réasúin agus na loighice amháin, áfach, a mhaíonn go bhfuil an focal deireanach acu maidir leis an bhfírinne. Cé gurb iad intleachtóirí, agus a ndeismireachtaí cainte is mó atá faoi ionsaí sa scéal Cuíorscéal, níl aon dabht ná gurb iad Pápaí, easboig, agus cennairí eaglasta trí-chéile atá i gceist on uair go gcastar 'An t-Aoire' orainn sa scéal. Tar éis an tsaoil is iad is mó a mhaíonn go bhfuil cur amach acu ar an bhfírinne. Ar shiombalachas an Aoire (54) agus a chaora (54) chomh maith leis an gcrúca a bhí ina láimh dheis, is mó a bhraitear íomhá na hEaglaise, nó na nEaglaisí. Carachtar áiféiseach, ainspianta ina dhealramh, agus ina ghuth is ea an tAoire:

> Murab ionann agus an t-Aoire a
> bhí ina sheasamh ina measc seacht
> dtroigh os cionn na hithreach.
> Dá mbeadh sé mórán níos airde bhí
> an baol ann go gceapfaimis gur
> fathach a bhí ann agus bheadh ar
> dhuine éigin é a mharú. (54)

Is díol spéise é gur comhairle phraicticiúil faoi thábhacht an airgid an t-aon nath ciallmhar a luaitear leis an Aoire:

> Ba shaonta an mhaise do dhuine dul ag lorg na fírinne, gan airgead éigin bheith ar chrann na boise aige. (57)

An t-aon smut den fhírinne a ghéilltear is sa phragmatachas a luíonn se ar nós marú an tSníoparcháin:

> Ní deirim ná go bhfuil smut den fhírinne sa mhéid sin féin mar atá san fhéachaint a gheofá ó lúraíce i mbéal na hoíche. Cad a dhéanfadh mac na tuaiplise ach an Sníoparchán a mharú? (52)

Níl an fhírinne le fáil i dteoiricí fealsúnacha, ná i bhfíorais matamaiticiúla, ná fiú i ndogmaí na n-Eaglaiseach. Fuair na daoine a chuaigh ag tóraíocht na fírinne ar Inis na Fírinne an freagra céanna is a fuair an sagart, a cheap go raibh sí le fáil i gcomhlíonadh aitheanta Dé agus na hEaglaise. Ní raibh cinnteacht, ná ceartchreidmheacht sa bhfreagra a fuair ceachtar acu. Ta an fhírinne - sa mhéid is go bhfuil sí ar fáil in aon chor - guagach. Ní ann don fhírinne chinnte dhearfa de réir soiscéil

Titley. Sin é an t-amhras onteolaíoch ag teacht in uachtar i saothar Iar-Nua-Aoiseach.

### 3.3 Comharthaí Sóirt Hassan ar Fud an Bhaill sna Scéalta Fantaisíochta

Níl aon amhras na gur trín ngreann - bíodh sé ina ghreann raibiléiseach nó ina ghreann bog íoróineach a chuireann Titley a chló indibhidiúil féin ar an mothú postmoderne. Cé go bhfuil na scéalta fantaisíochta thuasluaite, go háirithe, ar maos leis an ngreann, agus an spleodar Titlíoch is leis na fearais teicníochta a luann David Lodge, agus Ihab Hassan leis an litríocht Iar-Nua-Aoiseach a chuirtear in iúl é. Orthu siúd tá an scigaithris.[13] Cuid mhór den ghreann éadtrom aerach, agus den mheon raibiléiseach atá ag sní trí héirim an scéil An Tuisle Ginideach eascraíonn sé as an scigaithris a dhéanann an t-údar ar litríocht na Gaeilge, go háirithe ar stíl bhladhmannach na fiannaíochta, agus na scéalta rómánsacha:[14]

> Um rá na cainte sin do léim dia beag feosaí ina sheasamh ar chlár na lionn, agus draidhin oilc cothaigh ar fiuchadh ina chlí. Ar éigean má bhí se in ann labhairt leis an reacht-bhruth a bhí air agus déarfá go raibh fáthanna a bhéil ceangailte dona chéile le spalladh triomaigh. Má bhí sé

> garabhogánta féin thuigfeá go bpléascfadh sé nua no dall. (11)

Ciúta stíle is ea an scigaithris atá go rábach tríd an leabhar ar fad, agus cé gur as traidisiún liteartha na Gaeilge is mó a tharraingíonn an t-údar, níl sé taobh leis sin amháin. Le prapadh na súl, athraítear ó stíl an bhladhmainn go dtí an macalla scigiúil ar thosach Shoiscéil Naomh Eoin:

> ... Mar bhí an briathar cloiste acu, agus bhi an briathar ann i dtús na náire agus gan é níor imríodh aon ní dar imríodh mar is ann a bhí an spórt agus ba é solas na ndéithe an spórt agus bhí an solas ag caochadh san sorchadas, agus ghabh an sorchadas é. (10)

go dtí an scigaithris ar an gCredo:

> Creidim san adamh an bia uilchumhachtach, bruthadóir screimhe agus allmhain, agus in píosa príosta, a éanghlac san, ár liairne, a gabhadh ón troid éabhlóide, a rugadh ón gcoire, agus creidim i gcloichín na gcraobh, i gcleithiúnas na bpacaí, in aiseirí na fulangtha agus sa chreathadh fíoraí le scéal na scéal, agus le síol na síol áimín. (13-14)

Tá an scigaithris ar Apacailipsis Eoin ina mhacalla soiléir tríd síos sa scéal, An Triú Scéal Déag.[15]

Braitear é go háirithe sna tagairtí do Dhia ar a ríchathaoir; na haingil ag séideadh a dtrumpaí; an scrios, an loscadh, agus an doirteadh fola a tharlaíonn ó neamh go talamh:

> Nuair a shéid an chéad duine a thrúmpa tharla clocha sneachta agus tine measctha ar fhuil agus teilgeadh anuas ar an talamh iad ionas gur loisceadh a raibh thíos fúthu. (200)

Tá an t-iliomad macalla liteartha sa scéal Cuíorscéal ó Scéalta Echtraí agus Immrama na SeanGhaeilge, go Donncha Rua Mac Conmara, go Seán Ó Ríordáin. Braitear anáil an Ríordánaigh go tréan ar an scéal seo de bharr macallaí a dháin cháiliúil - Oileán agus Oileán eile:[16]

> Tugadh le tuiscint dúinn go dtiocfaimis ar an bhFírinne go lom ar an oileán seo.... (55)
>
> ... ag síorchantain ceoil ar gach géig agus an duais le bailiú ar an taobh thall den chaise ar oileáin agus oileáin eile. (52)
>
> Déarfá gur láimh láidir dhéarfá a bhreac, lámh a bhí siúrálta di féin, lámh a thuig aon ní amhain gan bhréig. (62)
>
> agus barra bog slím ar na caoin cnoic i bhfad uainn ar a raibh mil agus uachtar ag gluaiseacht ina slaoda (52)

Dealraíonn sé go raibh an t-údar go háirithe faoi anáil Scealta Echtraí agus Immrama na SeanGhaeilge. Is i mbád a théann lucht tóraíochta an scéil seo go hInis na Fírinne, nó go dtí an saol eile, mar a tharla sna seanscéalta.[17] Ag magadh dó faoin bhfealsúnacht a shamhlaoínn an fhírinne le teibíocht agus le foirmlí loighiciúla, déanann Titley ionramháil cliste ar an nath loighiciúil, foirmiúil:

> 'B'fhéidir go bhfuil an Freagra san Fhoirmle', arsa Dicí, 'ach ná déan machaire réidh de go bhfuil an Fhírinne ann. Ni hionann an Fhírinne, agus an Fhoirmle mar a dúirt an seanfhocal, agus ní feidir an seanfhocal a shárú mar a dúirt an nath. Dá bhrí sin, agus dá réir sin ní hionann an Freagra agus an Fhírinne. Is dóigh liom go bhfuil an méid sin chomh loighiciúil le hIpso Facto agus a mhuintir.' (51)

Greann raibiléiseach atá sa scéal An Tuisle Ginideach, agus is leis an gcasadh cliste ar an seanfhocal, ar an nath cainte, agus ar ghnath-bhéarlagair a chuirtear in iúl é. Tagann cleasfhoclaíocht go mór i dtreis sa litríocht Iar-Nua-Aoiseach. 'Play is the vice and joy of post-modernism' a deir Hassan.[18] 'The performative mode' nó 'the playful strain' a ghlaoigh Graff air.[19] Is faoi anáil an Struchtúrachais, agus an Iar-Struchtúrachais a tháinig sé chun cinn sa

nualitríocht.[20] Baineann Titley earraíocht as an gciúta stíle seo go rábach sa scéal seo, agus éiríonn go seoigh leis a mhothú áiféiseach a chur abhaile orainn:

> Sínte ar fhleasc a mbumba (10)
>
> ... gan tada le déanamh acu ach an mhóin a thocras. (11)
>
> Tuigtear domsa go bhfuil an ceart agat ó thuar go hiar. (11)
>
> ... thuigfeá go bpléascfadh sé nua no dall. (11)
>
> ... gan reimhe go deo na nglór (11)
>
> ... bualtrach bos, bualtrach bos. (12)
>
> ... gach aon fhiagaí gío-mánach. (11)
>
> ... ó fholamh an domhain. (12)
>
> ... mar a bhlítear a shíl-tear (12)
>
> ... Dar fírinne ár gcaoin síos. (14)
>
> ... Nach mbeadh bum ná bán leo (14)
>
> ... Ni fhágfaimid rogha an dá chí féin acu. (15)

Tá macallaí an phop-chultúir (a áiríonn Fielder mar chuid den écriture postmoderne)[21] le brath ar an mbéarlagair a tharraingítear isteach sa scéal:

'Sé an rip af mór é. (15)

An hancaí tancaí ar fud beanna neimhe. (10)

Tugaimis a thuilleadh pórtair don bhean sa leaba. (12)

Tá graostacht agus diabhlaíocht folaithe fiú in Ainmneacha na ndéithe: 'Ápa', 'Pollucs', 'Boda', 'Jia', 'Dóipí', 'Slóipí', 'Micí', 'Easgárda'.

'Sé an greann talmhaí céanna atá le brath ar an scéal Cuíorscéal. Eascraíonn furmhór de as imeachtaí na ndaoine a théann ag lorg na Fírinne. Ina measc tá Cití Barra carachtar a thagann cruinn díreach amach as béaloideas Chorcaí, bean phraicticiúil, gurb iad cúrsaí bia is mó a bhíonn ag déanamh tinnis di. Ní ionadh san mar bhí pub agus tigh iteacháin cáiliúil aici ar Ché an Ghuail i gCathair Chorcaí 'sa saol roimhe seo'. Fear gnó be ea Ben go raibh na tréithe gur dual dá cheird aige. Fear prionsabail ba ea Aindí a bhí 'chomh bunúsach le fuaimint'. (52) Is í Iúraíce an bhean seoigh, í lan d'iontas, agus de mhealltacht gnéis. Típeanna is ea na daoine seo, agus ainneoin a flosc chun fírinne bheadh a dtréithe, agus a dtuiscint cúng, teoranta, ar an mbac is mó idir iad, agus í, dá mba ann di.

Murab ionann agus an dá scéal eile 'sé an greann bog íoróineach atá ag sní tríd an scéal An Triú Scéal Déag. Tá an suspensive irony a luann Alan Wilde leis an mothú Iar-Nua-Aoiseach ina órlaí tríd an scéal seo:

> Suspensiveness, then, embracing chaos at all conceivable levels - universal and mundane, cosmic and quotidian - engers modes of acceptance that equally run the gamut of possibility from the most expansive to the most shrunken, and shriveled.[22]

'Sí an íoróin í seo, a chleachtann scríbhneoirí a ghlacann go nádúrtha le rí-rá an tsaoil. Sin é díreach a dhéanann Titley sa scéal seo. Fuintear cuid mhaith den íoróin ann as an gcumarsáid idir an reacaire, agus a pháirtí Aimhirgin. Tagann an retour de personnages i dtreis sa mhéid is gur file Sean-Ghaeilge é Aimhirgin chomh maith.[23] Is tríd a mheon siniciúil, fuarchúiseach a fhaighimid léargas ar Lá an Bhreithiúntais. 'Sé Aimhirgin an duine leithleasach par excellence. 'Caitheann an saol dul ar aghaidh'. (198) Sin é a phort fiú, agus é ag tabhairt aghaidh 'ar ghnúis Dé'. (205) Le teann dánaíochta admhaíonn sé a leithleas féin os comhair Dé, agus 'sé buaic na híoróine go ndaortar Aimhirgin - ainneoin na macántachta a léiríonn sé ina

leith féin - mar gheall ar aon deaghníomh amháin a rinne sé i rith a shaoil. Eascraíonn cuid mhór de ghreann, agus d'áiféis an scéil seo as an nascadh idir shaol an spioraid, agus an saol talmhaí teicneolaíoch. 'Sé barr grinn é dhá heileacaptar a fheiceáil sa spéir lá deireadh an domhain (192) agus aingeal ag tiomáint leoraí. (202) Is áiféisí fós fiú go mbeadh an Herald nó Press á cheannach ag daoine ar a slí go dti an saol eile, nó go mbeadh cannaí Coke agus Oráiste á ndíol leo. (200) Is ar dhaille agus ar mheon cúng an té nach féidir idirdhealú a dhéanamh idir mhionrudaí, agus mhóreachtraí atá ár naird á dhíriú anseo.[24] Iad a bheith gafa rómhór i ngaiste an ábharachais faoi dear dóibh gan a bheith dírithe ar an sprioc ceart. Ba mhar a chéile é ag na hiriseoirí mar gur leanadar ar aghaidh ag bailiú 'a ndata' agus ag rangú leo, fiú ar a mbealach go dtí an saol eile. Is i líon a naircisíocht féin atá siad siúd gafa, mar ainneoin a ndua lena dtomhas,agus a rangú bhíodar dall ar a gclaonta féin mar go raibh siad 'an-fhábharach dóibh féin, ach chonaic siad an-chuid lochtanna ar pholaiteoirí nár thaitin leo.' (197) Dála a chomhscríbhneoirí Iar-Nua-Aoiseacha déanann <u>Titley</u> a chuid féin de sheanchleas na liostála.[25] Is maith mar a mhúsclaíonn ciúta na liostála blas agus sainmhothú Bhaile Áth Cliath:

> ... An Cabhrach, Baile Phib, Cnoc
> an Earbhair, Bothar na gCloch,
> Inse Chór ... Bán Halla,
> Seantreabh, agus Ascaill ó Gríofa
> .... (196)

Ní greann go dtí é muintir Bhaile Áth Cliath a shamhlú ag bogadh leo ó thuaidh go Páirc an Fhionnuisce, láthair an Bhreithiúntais, agus Aiséirí na Marbh á nochtadh dóibh. Tá an stíl bhladhmannach an-éifeachtach ag cruthú radharc na reilge ar an Lá Deireanach, ach is trín ionramháil a dhéantar ar an móitíf carnivalesque is mó a éiríonn leis an údar mothú na círéibe a chur in iúl.[26] Tugtar de Valera, Ruairí Mac Easmainn agus Dónall O Conaill i dteannta a chéile in aon chibeal aerach amháin agus is den íoróin Titlíoch é, Ó Conaill 'a chur ag adhcóidíocht leis na haingil'. (199)

Ceann de na ciútaí stíle is suaithinsí in Eiriceachtaí - agus a théann go croílár na meanman Iar-Nua-Aoisí -is ea an earraíocht a bhaintear ann as caint gan dealramh agus randamandádaíocht. I gcéad leabhar Hassan, The Dismemberment of Orpheus - d'áitigh sé (gan an focal postmoderne a lua) gurbh é a bhí sa nualitríocht ná gluaiseacht i dtreo an chiúinis, agus é ag sárú teorainneacha teanga.[27] Sa leabhar is déanaí uaidh seo mar a chuir sé síos ar 'The Literature of Silence':

> The force of evasion, or absence, in the new literature is radical indeed; it strikes at the roots and induces metaphorically, a great silence. But the same force, moving up to the trunk and foliage, bursts into a great babel of noises.[28]

Sna scéalta fantaisíoctha baineann Titley earraíocht as an gcaint gan dealramh chun an unrepresentable (i bhfocail Hassan) a chur in iúl. Tugtar droim laimhe do ghnása, agus do ghnáthrialacha teanga agus cuirtear focail ag feidhmiú ar leibhéal eile ar fad. 'Sí an raiméis gan dealramh seo a chuireann na déithe sa scéal An Tuisle Ginideach dóibh, maraon le Dia an scéil An Triú Scéal Déag. Freagraí folmha gan bhrí a thugann an t-Aoire sa scéal Cuíorscéal ar na daoine a lorgaíonn 'Slí na Fírinne' air. Níl caint na ndéithe ná caint an Aoire intuigthe, mar go bhfuil an iarracht ar an mbearna idir Dhia, agus an duine a threasnú dodhéanta. Níl teacht ar aigne Dé nó ar an bhfírinne. Sin é a thuairim fealsúnta ag Titley á chur abhaile orainn trí theicníocht atá, dála an scéil, ina órlaí trí Finnegan's Wake le Joyce.[29]

**3.4 Tátal**

Sna scéalta fantaisíochta tagann an t-amhras onteolaíoch i dtreis go mór. Ta sé seo ag teacht le

tuairim McHale, mar de réir a theoirice siúd baineann na scríbhneoirí Iar-Nua-Aoiseacha earraíocht as an bhfantaisíocht chun an ghné onteolaíoch a chruthú ina saothar. Sna scéalta seo cuirtear na tuiscintí traidisiúnta i dtaobh an duine, an domhain agus an Chruthaitheora tóin thar cheann. An t-amhras onteolaíoch atá ina shnáth machnaimh tríd na scéalta seo, tá sé ag teacht leis an meanma Iar-Nua-Aoiseach mar a thuairiscíonn na criticeoirí Lodge, Hassan, McHale, Douwe, agus Fokkema air. Ta na fearais teicníochta go léir, geall leis, a luann siad leis an écriture postmoderne le brath ar na scéalta fantaisíochta. Orthu siúd tá an greann; an spraoi; an spleodar; an scigaithris; an íoróin; an chleasfhoclaíocht. Is tríd an ngreann, go háirithe, a leagann Titley a chló indibhidiúil féin ar an meanma Iar-Nua-Aoiseach.

# CAIBIDIL IV

## Ainilís ar Scéalta Áirithe: Scéalta Fonóide

### 4.1 An Síscéal de Réir Eoin

'Sé an scéal seo an eiseamláir is gléiní atá in Eiriceachtaí agus Scéalta Eile ar an tóir a bhíonn ag an scríbhneoir comhaimseartha ar nuafhoirmeacha agus éagsúlacht stíle.[1] Is ar shaol an duine agus ar an iliomad cor agus casadh ann a dhíríonn Titley sa scéal seo. Ag trácht dó ar chumadóireacht a dhlúth-chara James Joyce, bhí sé seo le rá ag Samuel Beckett:

> His writing is not about some-
> thing; it is that something
> itself.[2]

D'oirfdeadh an ainilís chriticiúil sin do shaothar Alan Titley sa chás seo, mar gur mar a chéile stíl agus ábhar aige. Le sraith stíleanna difriúla cuirtear na tréimhsí éagsúla, a chuireann an duine de, ó haois go bás os ár gcomhair. Trí shraith d'orduithe simplí, gnáthlaethúla a chuirtear blas agus mothú na hóige in iúl go pras:

> Déan é seo; déan é siúd; éirigh i
> do shuí; dúisigh aníos; cuir ort

> do bhríste is do stoca; oscail an doras; ... faigh an salann; cuir amach an cat; scuab an t-urlár; glan amach an gluaisteán (121)

Ta an-chosúlacht idir an stíl seo agus an stíl a tharraingíonn an t-údar chuige féin agus é ag plé leis an seanaois mar go bhfuil cosán caol idir aois an linbh agus an aois leanbaí. Is í an daoirse chéanna í daoirse an tseanduine, agus daoirse an linbh, nó ní mór eatarthu pé scéal é:

> Seo e an leaba ullamh, seo í an adhairt bhrionglóideach, seo é an dochtúir saibhir, seo é an buidéal draíochta ... sin í an lámh ag sileadh, sin é an bíogadh tamall, ach seo í bitseach an bháis, agus seo iad do chaidhp is do chónra (130)

Trí mhodh 'an tsrutha coinsiasa' nochtaítear aigne réabhlóideach an déagóra i leith lucht údaráis, go háirithe múinteoirí. Léirítear fonn díoltais, agus meon binbeach an gharsúin go greannmhar, gáirsiúil:

> ... ach bhí marsbars agus iq breá sásta nuair a chuala siad an díoltas a bhí beartaithe agam dó an t-am seo an focar murab ionann agus an uair roimhe sin nuair a chuireamar an t-ispín caca isteach sa bhosca agus é a fheistiú le páipéar bronntanais agus le ribín buí agus é a chur chuige tríd an bpost ... (122)

I bhfoirm dráma aon-ghníomh ina bhfuil an greann agus an ghraostacht fite fuaite ina chéile go cliste, diabhlaí a chuirtear teacht in inmhe gnéis in iúl:

> <u>Cailín Fionn</u>:
>
> 'Is maith liomsa leictreachas. Ta cic ann ar a laghad.' (Ní deireann siad tada go ceann tamaill ach fáisceann Eoin isteach uirthi de réir mar a théann an ceol i mboige)
>
> <u>Eoin</u>:
>
> (isteach ina cluais) - 'Bhfuil árasán agat nó ar tháinig tú le cara?'
>
> <u>Cailín Fionn</u>:
>
> 'An raibh cabáiste agat i gcóir dinnéir? Cheap mé gur mhothaigh mé an stúmpa.' (123-4)

Tagann ciúta na scigaithrise i dtreis, arís, sa mhéid go bhfuil macallaí an tSoiscéil le brath go láidir ar an bhfadhalscéal, ina léirítear aois na fearúlachta, agus na gaisciúlachta ar pháirc na himeartha. Níl aon amhras ná go bhfuil magadh i gceist faoin óráid phaisiúnta (mí-Chríostaí) gur dual do bhainisteoirí foirne a thabhairt uatha da dtrúpaí, á ngriosadh chun comhraic:

> An té atá le leagadh, leagaigí é,
> agus an té atá le scoilteadh
> scoiltigí é (124)

Is go leath-mhagúil spórtúil a bhreathnaítear ar shaontacht agus ar dhíograis an fhir óig, a chomhlíonann orduithe a mháistir go dílis, cé nach buíochas ach a mhalairt a fhaigheann sé dá bharr.

Lena mhalairt ghlan de stíl a chleachtadh tugtar spléachadh dúinn ar an tréimhse is mó corraíola i saol an duine. Is eol don té go bhfuil rian éigin den aibiúlacht ar a fhealsúnacht, agus ar a iompar nach gan dua, gan deacracht, a bhaintear ceann scríbe amach. Is mó cor, agus casadh ar an mbóthar i dtreo teacht in inmhe nó fás suas. Le samhlaoidí áiféiseacha Ríordánacha a chuireann Titley in iúl braistint na círéibe, agus an chíor thuathail a chiapann an duine an trá sin dá shaol:

> Ta an iupaí ag iupáil sa chlub oíche, tá an sagart ag cuimhneamh ar pheacaí na mblianta fadó, tá na tonntracha ag beannú don ghaoith, ta eireaball na muice ag casadh siar air féin ... tá an t-uan ag múineadh méilí dá mháthair, tá an staighre ag dul in airde (125)

Seo chugainn an duine óg ag imirt báire a bhaoise:

> tá an fear óg seo ag loisceadh a loine, tá an fear óg seo ag greadadh a ghríbhe, tá an fear óg seo ag longadúdal a lireacáin, tá an fear óg seo ag tochas a phéiste ... ta an fear óg seo ag

teacht in inmhe, tá an fear óg
seo ag fás suas (126)

*Tá an láimhseáil a dhéanann an t-údar ar stíl an tseanchaí, agus ar chiútaí an bhéaloidis, ag teacht go seoigh leis an ríomhadh raibiléiseach a dhéantar ar an bpósadh, agus ar an nósmhaireacht a leanann é. Seo mar a chuirtear síos ar ghliocas na mná ag áiteamh ar an bhfear luí léi:

> 'Cuirim de cheist, de bhreith,
> agus de mhórualach ort', adúirt
> sí, 'gan dhá bhéile bia a ithe ar
> aon bhord, na dhá oíche a
> chodladh ar aon leaba, chun go
> ndéanfaidh tu an bheart liom!'
> adúirt sí (127)

D'aon ráib amháin réabtar an miotas gurb é an fear an sealgaire. Sa chomhluadar ceadaitheach ina mhairimid, sa deichniúr deireanach den fhichiú haois, tá sé ag teacht le loighic agus le réasún gurb é nós an bhéaloidis (go gcaithfeadh cúpla a chaith an oíche i dteannta a chéile pósadh) a bheadh mar dhlí na tíre seachas mar atá! An íoróin Titlíoch ina steillebheatha! Ag druidim le deireadh an aistir dó, ní hé an suaimhneas aigne, agus an buanseasmhacht a shamhlaítear de ghnáth leis an seanaois atá i ndán don duine. Leis an gcasadh cliste ar an seanfhocal, ar an nath liteartha, agus ar an nath seanchaite,

cuirtear in iúl mearbhall, naimhdeas, agus paradacsa an tsaoil, mar a fheictear iad don duine meánaoiseach.

D'fhoghlaim sé:

> gurb ionann, a dó is a dó, agus ceathair cuid éigin den am, nach raibh an scríbhneoireacht ar an mballa soiléir ar chor ar bith, go raibh deora goirt, agus deora áthais ann, go raibh londubh mór os cionn a gháire, nárbh fholáir dul ó theach an domhain go teach an díola, gur ró-chiúin é brúcht na carraige báine, nárbh fhada é ina luí le Louis, ... go raibh umar na haimléise neamhdheas, go raibh an saol is a mháthair mídhlistineach (128)

Ní lua ná san cruatan an té atá thíos, agus pribhléidí gan teora an té atá thuas:

> gur shlán iad leacacha an tí mhóir, go raibh uasal seachas íseal thuas seal, agus suas seal, nárbh aon mhaith cara sa chúirt má bhi airgead ag an duine eile (128-9)

Scéal is ea <u>An Síscéal de Réir Eoin</u> ar a bhfuil blas na meanman Iar-Nua-Aoisí. Déantar treascairt ar na ba beannaithe a bhaineann le saol an duine ó bhreith go bás. Cibé cinnteacht nó buanseasamhacht atá ann is ionann é, agus leithleas an duine ag tochas ar a

cheirtlín féin, á chosaint féin agus a chuid, mar 'gurbh é féin, bunrúta, agus barrfhâth an tsaoil' (128) nó 'gur chuma sa bhfoc leis duine ná daonnaí'. (129) Cibé uaisleacht nó idéalachas a shamhlaítear le saol an duine cuirtear de dhroim seoil é sa scéal seo. Nuastíl fhrithréalach a chleachtann Titley dála a chomhscríbhneoirí. 'Sé cineál na stíle capall na hoibre,[3] agus baintear an-earraíocht as ciúta na scigaithrise ag treabhadh an iomaire nua dó. Tá an scéal breac le ciútaí eile Iar-Nua-Aoiseacha. Ina measc tá an greann, an íoróin, an raibiléiseachas, agus an casadh cliste ar an seanfhocal, agus ar an nath seanchaite.

### 4.2 Scéal i mBarr Bata

Is ar an duine daonna agus é ag broic le ciúinsí na beatha i saol héadónach na linne seo, a dhírítear aird an léitheora sa scéal Scéal i mBarr Bata. Tá an fantasia, agus an réalachas fite fuaite ar a chéile tríd an scéal go léir. Isteach i gceartlár críocha an domhain réadaigh a sheoltar sinn i dtús an scéil. An liosta neafaiseach de thrioblóidí, agus d'fhadhbanna na nóchaidí, a chuireann san ar ár súile dúinn:

> Tá mórán rudaí bunoscionn leis an saol, gan amhras, dífhostaíocht, uafás, foréigean, fearéigean, banéigean, truailliú na

> timpeallachta, an cogadh núicléach, deireadh an domhain, an peaca in aghaidh an Spioraid Naoimh, drugaí ag daoine óga, corn an domhain,agus Ronald Reagan (178)

Tá blas cultúir Iarthair Domhain ar na tagairtí greannmhara do chultacha an Oirthir atá a gcleachtadh anois san Iarthar, chomh maith leis na leideanna homaighnéasacha atá go rábach sa scéal, agus atá ag teacht go binn lena meanma raibiléiseach. Ní mór d'fhrithlaoch an scéil seo éalú ón tranglam ina thimpeall, agus imeacht ar laethanta saoire i bhfad ó bhaile go háit nach é 'Sitges ná Torremolinos, Mykanos agus an Cósta del Craic'. (178) Ní sa scéal seo amháin a bhíonn turasóirí agus a ngeáitsíocht ina gceap magaidh.[4] Ina theannta tá a chara fireann Tomaltach - a roghnaíonn sé as fógra i bpáipéar nuachta.

Ón uair go dtugann an bheirt siúd 'tíortha teo' orthu féin scuabtar an léitheoir le prós mealltach fileata - a sheasann ó thús deireadh - isteach i réimsí na samhlaíochta. Tá faobhar faoi leith ar na samhlaoidí úrnua a thagann cruinn díreach amach as deichniúir dhéanacha an fhichiú haois - tréith, dála an scéil, a luann David Lodge leis an écriture postmoderne:[5]

> Bhí an ghrian ag spalpadh anuas orainn chomh te le jacuzzi agus sinne ag éirí chomh cráite le bóiní dé i bpróca ghloine (180)

> Lean an bus ag gnúsachtach leis i gcoinne an aird mar a bheadh ceol Beethoven á sheinnt ag JCB (180)

> Bhí aghaidh uirthi mar a bheadh ar dhuine nar léigh riamh ach billí gáis (181)

> Chomh glan, chomh gasta le Diego Maradonna trí chúlaithe Shasana (188)

Féach chomh gasta is a shleamhnaítear thar teorainn isteach i gceantar na samhlaíochta:

> Chuamar thar dhroichead adhmaid os cionn claise nach raibh a grinneall le feiceáil, agus bhí fhios againn láithreach go raibh focail áirithe fághta inár ndiaidh againn leis an imeacht sin. Cupán tae, reifreann, árachais saoil, comhartha bóthair, piardalaí, iris. (180)

An duine seo a théann ag spaisteoireacht go críocha imigéin ar thóir 'an mise ceart' nó chun a mhianta a shásamh (mar a dúirt an bróisiúr) ní saoirse, ach a mhalairt, a bhíonn i ndán dó. Ar an mbus chun na háite tá an clastrafóibe á chrá:

> D'itheamar go léir ár gcuid ceapairí cé go raibh cuid de na paisinéirí ag cnagadh a gcuid fiacla níos glóraí agus níos drochbhéasaí ná daoine eile ar

> chuma a thabharfadh le fios duit
> nár chuaigh siad ar scoil ceart
> nó nach bhfuair siad léasadh breá
> riamh óna dtuismitheoirí (181)

De ghnáth bíonn brí mheafarach le hainmeacha dílse i saothar Titley, a dhéanann scathánú ar luachanna an phobail ar de iad.[6] 'Siad an Ginearál Factorum, agus An Mhaoir Aiceanta comharthaí sóirt an <u>regime</u> deachtóireachta i gceantar comhlíonta na mbrionglóidí. Tá róchosúlacht idir ghníomhartha na ndaoine a théann ag ligean a racht, agus gníomhartha uafáis, agus creachadóireachta ár sochaí féin. Ní túisce iad i mbun gnímh ná siúd leo, 'ag crústach na ndiuracán leis na tithe gloine', 'Ar aghaidh leo ag tabhairt faoi bhoscaí teileafóin', (183) 'ag gabháil le tairní meirgeacha ar na gluaisteáin nua', 'ag gabháil do sheanmháithreacha críonna caite', (183) 'agus 'ag sciobadh an seanphinsin o chúpla duine sinseartha'. (184) Tabhair faoi deara go maíonn Tomaltach go bhfágfaidh sé 'dorchadas agus aineolas na meánaoise' ina dhiaidh, agus geallann an Ginearál Factorum 'go mbeidh deireadh le peaca nuair a bheidh an cúrsa críochnaithe'. (190) Ní bhíonn mar thoradh ar an liobrálachas ainrialach, agus ar an dímhórálacht a shéanann an peaca ach féin-scrios. Is ionann saoirse an Ghineráil, agus daoirse mar go gcaithfear cloí le 'script'. Tá radharc deireanach an scéil ag

cur thar maoil le sanas na deachtóireachta. Nuair a thiomáineann an té atá ar thóir na saoirse i BMW síos bóthar an bháis, mar gur ordaigh an 'script' é, tá sé loighiciúil ar fad gurb é an scrios a dheireadh. An té a éalaíonn ó cheangail, agus ó chuibhreacha na nósanna traidisiúnta, á chomhlíonadh féin i dtimpeallacht gan teir, is dó is measa, mar go ngéilleann sé do dheachtóireacht an ainrialachais arbh é féindhíothú a dheireadh.

Is beag gné den fhreacnairc ghuagach nach bhfuil gafa laistigh de leathanaigh an scéil seo. Is minic Titley ag magadh faoi shocheolaithe, ach is iad na siceolaithe nó na 'sickeolaithe' mar a ghlaotar orthu in áit eile, a thagann faoina lais anseo.[7] Seo mar a dhéantar tagairt folaithe do Jung;

> Tháinig an mhaidin aníos arís i ngan fhios dúinn nuair a bhíomar inár gcodladh ag taibhreamh ar bhunaircitípeanna, agus ar shiombail de chuid anima mundi agus a cháirde (185)

Chomh maith le siceolaíocht Jung, tá diagacht an bhéarlagair, ríomhairí, agus bogábhar, bochtanas an Triú Domhain, an chogaíocht cheimiceach, agus na galair go léir atá ár gciapadh:

> ... lá breá gréine buí eile
> romhainn amach ina cháilíocht
> féin lena ghinmhilleadh is lena
> ailse, lena aids, agus lena cham
> reilige (189)

Scéal é seo atá ag teacht leis an meanma Iar-Nua-Aoiseach sa mhéid is go seoltar an léitheoir cruinn díreach isteach i gcíor thuathail an tsaoil.[8] Ag léamh an scéil seo,is deacair gan cuimhneamh ar a raibh le rá ag Federman i dtaobh na nuascríbhneoirí, agus an flosc a bhíonn orthu chun an tsaoil mar atá sé à léiriú:

> ... to grab things as they are,
> to make a reassessment of the
> world, of its objects, of its
> people, but without imposing
> upon them a pre-established
> signification.[9]

Feicimid carachtair an scéil ag imeacht le haer an tsaoil ar an mbealach héadónach, arbh é an bás a dheireadh. Cé go bhfuil trioblóidí an tsaoil go léir cuimsithe laistigh dá theorainneacha, níl aon rian den angst ná den gravitas mórálta atá go rábach sa litríocht nua-aimseartha (modernist) le brath air.[10] Cíor thuathail aerach an bhraistint is treise ann faoi mar gurbh í an bhraistint is treise céanna i saol pearsanta an duine aonair sa scéal An Síscéal de Réir Eoin. Is tríd an mháistreacht stíle, a

chuireann an t-iliomad cor, agus casadh íoróineach de, a éiríonn le Titley a dhearcadh leathmhagúil, Iar-Nua-Aoiseach, ar an domhan suaite seo a chur abhaile orainn.

### 4.3 Scéal Faoi Dhá Chaithir

Scéal spéisiúil ó thaobh foirme de, is ea an scéal Scéal Faoi Dhá Chaithir. Scéal faoin ngrá is ea é seachas scéal grá, *per se*. Stíl fhrithréalach díl-áthraithe (deconstructed) a chleachtann an t-údar ó thus deireadh, agus mar is dual don scríbhneoireacht chomhaimseartha, múchtar an t-údar agus a *ego* ina leithéid d'fhoirm, agus de stíl.[11] Faoi mar a dúirt Spanos i dtaobh na nualitríochta, go ginereálta, ní gearrscéal é seo sa ghnáthchiall réalach den fhocal gearrscéal.[12] Is mó is cosúil é le dráma trí-mhír, agus 'sí an bhean 'sise', agus a thiteann amach di, an snáth a dhlúthaíonn na radharcanna le chéile. Níl sa phlota áfach ach an fráma ar a gcastar an gréasán machnaimh agus stíle. Suite go teann sa domhan réad-ach atá an chéad radharc, agus an radharc deireanach. Idir eatarthu 'sé domhan na fantaisíochta is mó a thaithítear.

Isteach i lár an aonaigh, nó i lár an fhéasta sa chás seo, a thugtar sinn i gcéad radharc an scéil. Is ann

a leagtar méar ar chuisle aicme lucht gnó nó yuppies trí mheán an chomhrá bhríomhair thíriúil. 'Sí an íoróin ar a nglaonn Alan Wilde suspensive irony an tréith is suaithinsí atá le brath ar an gcuid seo den scéal.[13] Is tríd a éiríonn leis an údar meon, agus dearcadh lucht an Le Piat D'Or a thabhairt leis sa chomhthéacs comhaimseartha, sóisialta. Fadhbanna eacnamaíochta, agus airgidis na tíre is mó a bhíonn ag déanamh tinnis dá leithéidí. 'Sí an chloch is mó ar a bpaidrín ná tabhairt faoin gCóras Leasa Shóisialaigh a scriosadh, nó ar a laghad é a lagú go mór. Is gráin leo córas dian cánach na tíre seo:

> 'Bfhéidir go bhfuil sé á thuilleamh agat' arsa Jacinta, 'ach cé dúirt go bhfuil sé á fháil agat?' (25)
>
> 'Dá bhfaighinn féin é' arsa Nigel, 'bhainfeadh an cháin an mhórchuid ar fad díom. Is í an cháin an bastard.' (25)

De ghnáth ní hí teist an tírghra is mó a bhíonn amuigh ar na daoine seo:

> 'Ná habair le héinne, ach bhíomarna dáiríre, píre, ag cuimhneamh ar dhul ar imirce, go dtí an Astráil, b'fhéidir.' (25)

Is é bunchloch a gcuid fealsúnachta gurb iad na bochtáin, agus ár muintir ar an gcaolchuid criolár faidhbe an Stáit:

> 'Ach go háirithe na sumaraí' arsa Nigel, 'is gráin liom na daoine seo go léir nach ndéanann stróc oibre agus atá ag fáil ár gcuid airgid saor in aisce.' (26)
>
> 'Sé fear an niocsair an namhaid is mó da bhfuil againn.
>
> 'Dól, ól, ceol, agus hól, sin a bhfuil sa saol anois..' (26)

Cé gur magadh, agus fonóid atá anseo faoi ghalamaisíocht, agus luachanna saolta aicme an <u>Le Piat D'Or</u> (nó an t-uas-mheánaicme) maolaítear ar an mbinb le héifeacht grinn an chomhrá trína shníonn an t-údar an béarlagair, agus an nath seanchaite ar a chéile go cliste.

Taréis dó an gáire sin a bhaint asainn tugtar spléachadh dúinn ar an bpósadh leamh tuirsiúil. Is leis an mbogíoróin ghreannmhar a láimhseáltar frustarachas na mná atá ceangailte le fear a bhfuil speach na hóige tráite ann:

> 'Cad is féidir a dhéanamh le fear céile atá dulta stálaithe? Ní féidir é a chur ar phicil nó ar salann, is é a choimeád sa phróca in aice an dorais.' (28)

'Cad ina thaobh nach ligeann sé
béic as uair umá seach, a deir-
eadh sí leis an vása ar an matal,
cén fáth nach, ndeanann sé dán-
aíocht éigin orm?' (28)

Téann Titley i muinín na hionramhála stíle arís, agus é ár seoladh isteach i ndomhan samhlaíochta na mná a bhíonn ag taibhreamh faoin ngrá rómánsúil. Tríd an scigaithris ar fhriotal na nAmhrán Grá déantar magadh faoin ngrá bog maoithneach:

'Is tú mo leaba fholcais'
'Mo bhachall caol dubh'
...
'Mo sheo meala'
'Mo shiola mear'
'Mo pháistin fionn'
'Mo chroí a shlad mar a shníomh-
faí slat'
Labhair mo thaoscach sa chur-
raichín doimhin ort (29-30)

I stíl mheáite thomhaiste cuirtear réasúnaíocht na mná i dtaobh nádúir an ghrá in iúl, agus í ag argóint go loighiciúil ar thaobh, agus i gcoinne an ghrá rómánsúil paiseanta. Bíonn an casadh íoróineach ar a eireaball thiar mar is gnáthach:

B'shin iad an dá mhol ar a raibh
sí ag casadh idir dhá cheann na
meá, anonn is anall ag marcaíocht
ar adharca cróna an amhrais ...
d'fhonn an ghealach is an ghrian
á bhaint de nó Dia féin da mba
rí-mhór ag dul chun fadair leis
mar scéal a bhí sé. (30)

De réir mar a théann sí níos doimhne isteach sa scéal nochtaítear an t-amhras ag borradh inti faoi chaitheamh i ndiaidh seo an ghrá lasmuigh de chuing an phósta:

> An amhlaidh go raibh sí i ngrá le grá? Nó an raibh aon chaitheamh amháin eile den iontas, den áiféis, den laige i ngealacán na nglún, agus den iomartas draíochtúil fan an chroí ag teastáil uaithi sula mbéarfadh na laethanta liatha uirthi, agus nach bhféachfadh fear uirthi anall go deo arís? (31)

Déantar moill beag eile i gcathair na samhlaíochta ag blaiseadh mianach an ghrá chollaí mar a léirítear é i scannáin, agus i soap-operas Hollywood. Is baolach go mbíonn sé leithleach, beag beann ar an saol, agus ar mhóráltacht:

> Is cuma faoin saol. Ta an saol amaideach. Tugadh an saol aire dá ghnó féin. Bíodh an diabhal acu go léir .... Gura fada uainn an Luan. (31)
>
> An dóigh leat go ndaorfar go hIfreann sinn? Leag uait na piseoga, a chroí, agus féach, cuir an adhairt isteach faoi chaol do dhroma arís. (32)

Tá radharc deireanach an scéil suite go teann sa domhan réadach. An friotal lom a chuireann síos ar

ghnáthchúramaí laethúla bean a'tí is mó a chuireann leimhe agus leadrán an tsaoil abhaile orainn:

> D'éirigh sí an mhaidin seo ag a hocht a'chlog agus nigh sí a lámha agus a haghaidh. Ansin chuir sí an cat amach is dhein sí cupán tae .... Scuab sí an t-úrlár agus chuir sí an salachar isteach sa mhála mór plaisteach. Ní bhaileofaí an brúscar go ceann dhá lá eile. Faoin am sin bheadh an mála plaisteach lán. (34-35)

Ní cathair mar a thuairisc an grá, ach an oiread, faoi mar a tharlaíonn sé sa domhan réadach. Nuair a thagann a grá bán níl ann ach gárda on mbeairic áitiúil, agus is mór idir an gcaidreamh támáilte, tuathalach, a bhíonn eatarthu, agus oícheanta an Le Piat D'Or ag taibhreamh faoin ngrá rómánsúil, meall-tach. Scigaithris ar thús ghearrscéil Frank O'Connor, The Majesty of the Law atá ar siúl ag an bpointe áirithe nuair a thagann an gárda isteach sa scéal.[14] Nuair a imíonn 'Sise' ina theannta i lár an lae ghil níl i ndán di, ach an íde chéanna a fuair banadhaltrach an tSoiscéil. Sin é mar atá ag an saol, is cuma cad deir mangairí na soap operas, agus na mbanirisí loinreacha.

Is é ciúta na liostála a tharraingíonn Titley chuige féin ag deireadh an scéil. Seanchleas i measc lucht

litríochta é seo, agus déanann na scríbhneoirí Iar-Nua-Aoiseacha a gcuid féin de.[15] Tá an carnadh focal le fáil go fada, fairsing, i litríocht na Gaeilge, agus na hÉireann trí chéile, cé gur dhócha gurbh é a fhoinse ó cheart, ná Gargantua agus Pantaguel le Francois Rabelais, (Leabhair 1, Caib 21).[16] Tuairimíonn Titley féin i scéal eile sa chnuasach gur dhócha go raibh an t-aistriúchan a rinne an tAlbanach Sir Thomas Urquhart ar shaothar Rabelais léite ag údar Phairlement Chloinne Thomáis.[17] Cibé scéal é tá Titley ina oidhre ar leithéidí údair Phairlement Chloinne Thomáis, ar Mháirtín ó Chadhain, ar Mhyles na gCopaleen, ar James Joyce, agus Samuel Beckett, agus an saghas seo teicníochta á chleachtadh aige.

Tá cumas grinn agus cleasaíochta le brath, go háirithe, ar liosta na ndaoine. Ina measc tá daoine inaitheanta ar nós:

| | |
|---|---|
| Liam na Sopóige: | Will o' the Wisp |
| Aisling Ó Meabhail: | Aisling Meabhuil; dán Aogáin Uí Rathaille[18] |
| Giolla na Seisce: | Giolla na Leisce - scéal béaloidis |
| Banna Mhic Con Mara: | McNamara's Band |
| Abú Cána: | Gearrsceal Phádraig Uí Chonaire - Aba-Cána-Lú[19] |

| | |
|---|---|
| Abú Búna: | Comhlucht foilsitheoireachta a bhí ag Gabriel Rosenstock. |
| Pilib na Scaoinse: | Pearsa béaloidis |
| Tadhg an Bhogaigh: | Cumasc de Teigue of the Bogside agus Tadhg an Bhodaigh as úrscéal Uí Mhaoileoin 'Bríde Bhán'[20] |
| An Molach Éadoigh: | An Bealach Éadoigh - cnuasach dánta le Rita Kelly |
| Mac an Bheadaí: | Mac an Cheannaí |
| Maggie Láidir: | Maggie Thatcher |
| An Sceilpín Fánach: | An Spailpín Fánach |
| Anna Chuain: | Anach Chuain - Amhrán Raifteirí |
| Grabbit Fuzzbal: | Garret Fitzgerald |
| An Craipí Nocht: | An Croppy Bocht |
| Dónal na Péine: | Dónal na Gréine (Amhrán) |
| Fíona Pháil: | Fianna Fáil |
| Tusa Freisin: | U2 (Popghrúpa Éireannach) |
| Bod na Gaoithelge: | Bord na Gaeilge |
| Mac an Dada: | Ainm méire an fháinne |
| An Mac Imreasáin: | Pupil of eye |
| Séamas a Taca: | Séamas a' Chaca (leasainm na nGael ar an Rí Séamas II) |
| Raibhí Seancéir: | Ravi Shanker, ceoltóir on Ind |
| Brídín Ghraosach: | Brídín Bhéasach, amhrán |

| | |
|---|---|
| | Connachtach |
| Knave Kevin: | cf 'Cuaifeach mo Lon Dubh Buí'[21] |
| An Giolla Meidhreach: | An Giolla Mear |
| Clive Bolus: | An Claidheamh Solais |
| Narodnaya Volya: | Cumann ainrialach Rúiseach ón naoú haois déag |
| An Stócach Baddie: | Beadaí; duine atá tugtha do bhia milis |
| Hiúdai, Hiúdai, Hiúdai: | Líne as dán Thomáis Mhic Shíomóin 'Ar Leathmhás Gann'[22] |
| An Rud Trom agus an Ruidín Éadtrom: | 'Trom and Éadtrom' - clár teilifíse |
| An Van Caointe: | Van Morrison (amhránaí) |
| Madame Seoirse: | 'Madame George' - amhrán le Van Morrison |
| Murchú agus Mánus: | 'Táim gan Mhurchadh gan Mhaonas anois' - seanfhocal |
| An Tuatach Frútaí: | 'Tootie Fruty' - amhrán le Little Richard |
| Eileanóir Rigbí: | Amhrán na mBeatles |
| An Seoirse ab fhearr: | George Best |
| Sailí Ard Fhada: | 'Long Tall Sally' - amhrán le Little Richard |
| Máire Lú: | Amhrán ó na seascaidí 'Mary Lou' |

| | |
|---|---|
| Anna Mhac Earraí: | Eanach Mhic Dheirg |
| Sinsēar Mac Ruairí: | Ginger Rogers - Amhránaí |
| Lúidín ó Laoi: | Scéal do pháistí |
| M'uncail Somhairle: | Uncle Sam |
| An Réal Mac Aodha: | The Real McCoy |
| Riúbaí Ciúbaí: | Rubic Cube |
| Dódó an Búb: | Dodo the Clown |
| An Fluncaí Féasógach: | Flunky (snob) |
| Tadhg an dá Shmig: | Tadhg an dá thaobh |
| An Faoitín a d'fhill: | 'An Baoitín a d'fhill' - dán <u>Seáin Uí Thuama</u>[23] |
| Seanchas Tromphéist: | Seanchán Torphéist |
| An Bhanríon Bhreac: | Báirín Breac |
| An Fear Subh: | An Fear Dubh |
| Ann Trim Náisiúnta: | The National Anthem |
| Tomás Mór: | 'Pairlement Chloinne Thomáis' |
| Labhraí Laoiseach: | Labhraí Loingseach - pearsa béaloidis |
| Aibhistín Craosach: | Austin Deasy TD |
| Danny Gall: | Dún na nGall |
| Bhuf Tone: | Wolfe Tone |
| Connla a' Chroí: | Amhrán (A Chonnla a' Chroí) |
| Cac Rí na gcurs in Éirinn: | Mac Rí na gCur - pearsa béaloidis |
| Alfie Omega: | Alpha Omega |
| Tim R Mortis: | Rigour Mortis |

| | |
|---|---|
| Clea gan Chomhla: | Cliath gan Chomhla |
| Brian na Mionn; | Dar bhrí na Mionn |
| An Nathaíodóir Milis: | cf 'Círéib' le <u>Máirtín Ó Cadhain</u>[24] |
| Fred Blicliu: | Fled Bricriu as Seapáinis |
| Robbie an tSeabhráin: | Ribe an tSeabhráin[25] |
| Mac an tSagairt: | Leabhar gearrscéalta le <u>Mícheál Ó Conghaile</u>[26] |
| An Soidéalach Súgach: | cf 'Círéib' le <u>Ó Cadhain</u> |
| Rae Marbhán: | Rae Mhuirfean (Merrion Row) |
| Harry Statle: | Aristotle |
| Dollaí Broc: | Donnybrook |
| Aturnae Mháire: | Túirne Mháire (Amhrán) |
| Angela Rasa: | Tabula Rasa - téarma fealsúnach |
| Seán Dóite: | Gáire Sheáin Dóite |
| Torc Amada: | Ciapthóir Spáinneach a bhí bainteach leis an <u>Inquisition</u> - <u>Torque Amada</u> |
| Herr Mafrodit: | hermaphrodite |
| Murcadail Truflais: | pearsa as úrscéal <u>Annraoi de Paor</u> - 'Buan ar Buairt' |
| An tEarra um Chúrsaí Fear: | Minister for Men's Affairs |
| Neain M Chroim: | In aimn Chroim |
| Joe Joe Arís: | Go deo deo arís |
| Lola Phádraig: | Lá 'le Pádraig |

| | |
|---|---|
| An Ghin Aifreanda: | Hellish creature |
| Pete Cois Bealaigh: | Pise cois bealaigh (wayside pease - easy of access)[27] |
| Seanaí Bí Maith: | 'Johnny B' Goode' - amhrán le Chuck Berry |
| Punk Tom Delens: | Punctum delens |
| Mohangi óg: | Shan Mohangi - macléinn ón Aifric Theas ar cuireadh dúnmharú ina leith, i mBaile Áth Cliath sna seascaidí |
| Endola Mheidhreach: | 'Endola Gay' - ainm an eitleáin a chaith an buama ar Hiroshima |
| Con Maichne: | Conmhaicne (a sept; a tribe) |
| Bod Wiser: | Budwiser (Beoir) |
| Mitsa Bishi: | Mitsubishi |
| Inion an Twit ón nGleann: | Iníon an Fhaoitigh ón nGleann - amhrán |
| Púca Piles: | Muisiriúin |
| Iris Taidhm: | Irish Times |
| An Slíbhín Aoibhinn: | An Chraoibhín Aoibhinn |
| Cáit an Mheán Oíche: | Cúirt an Mheán Oíche |
| Peigí Sú: | 'Peggy Sue' - amhrán le Chuck Berry |
| Síle na nDeor: | Ag sileadh na ndeor |
| Anna Ghaire: | Anaghaire - ainm áite i dTír Chonaill |

| | |
|---|---|
| Maurice Gnaw: | Mar is gnáth |
| Gráinne Ghrúpaí: | 'Groupies' - daoine a leanann bannaí ceoil |
| An Bhléin Phisigh: | Bliain bhisigh |
| Puisín go Leor: | 'Pussy galore' - pearsa as 'Dr Know' scannán James Bond |
| An Mhaighdean Fhírfhliuch gan Suan gan Sreang: | Is fada liom oíche fhírfhliuch gan suan, gan srann - líne as an dán 'Is Fada Liom Oíche' le Aogán Ó Rathaille |
| Louis an Chrom Phinn: | Lus an Chromchinn |
| Taidhgín Tréan: | Pearsa as scéal greannmhar |
| Foichín Francach: | An Feichín Francach as Sraith Rosie agus Paybo |
| Gloria Mundi: | Sic transit gloria mundi |
| Cothraige Págánach: | Foirm na SeanGhaeilge ar 'Pádraig' |
| An Dá Raghnaill: | The Two Ronnies |
| An Bum Ó Báille: | Bum-báille (a bum bailiff) |
| Frainc Furtair: | Frankfurter |
| An Súipéir Ó Súilleabháin | Super O'Sullivan - dráma le hEoghain Harris |
| Bricreo Leamhtheanga: | Bricriu Nimhtheanga |
| Ciarán agus Ciarán eile: | Ciaróg agus Ciaróg eile |
| Saile Fhéile: | Shillelagh |
| Luther Éatair | Liútar - éatar |

| | |
|---|---|
| Mo Chara Sultra: | 'Cama Sutra' - leabhar on Oirthear ar an ngnēas |
| Mein Herr Dolmen: | Menhir/dolmen |
| Eamonn Donnbhuí: | Eamonn Dunphy - iriseoir spóirt |
| Mannar Ó Mórtach: | Mannar na mórtach (who is not weak in handling corpses)[28] |
| Somhairle Claonta: | Sam Klein - Iúdach saibhir |
| Eibhlin a' Mhúin: | Eibhlín a Rúin (amhrán) |
| Asal Mór na hÉireann: | Aspal Mór na hÉireann |
| Cathal Mac Fiondruine: | Cathal Mac Fínguine as an scéal: Aisling Meic Con Glinne |
| Beití Ní Mháirtín: | All me eye, and Betty Martin - nath seanchaite |
| Gliogram Ó Gleo: | cf Foclóir an Duinnínigh lch 548 (apocryphal followers of a piper) |
| Mo Dhá Mhicí: | Úrscéal le Séamus Mac Annaidh[29] |
| Ellen Tory: | Oilean Tóraigh |
| Pádraig Peeo: | Padre Pio |
| Penis Angelicus: | Panis Angelicus |
| Éamon Magáine: | Amhrán |
| An Sáirsint agus Dill: | Sáirséal agus Dill (Tigh foilsitheoireachta) |

| | |
|---|---|
| O Caidóc: | Okey doke |
| Puis agus Dubh Puis: | Mis and Dubhrois (Scéal Meán-Ghaeilge) |
| Phil Ispíneach: | Filistíneach |
| Cúr Craos Ó Braim: | Conor Cruise O'Brien |
| An File Beag: | An filleadh beag (kilt) |
| Cora Chaitlín: | Ainm áite i gCo An Chláir |
| An Liairne díomhaoin: | Lazy loafer |
| Harraí na bPóg: | Arrah na bPogue - leabhar le *Dion Boucicault* |
| Peig na hAirde agus Nuala na hÓige: | cf 'Ó Mórna' dán *Ui Dhireáin*[30] |
| Clór Ó Fill: | Chlorophýll |
| Fannaí Mhilis Mhic Ádhaimh: | Sweet Fanny Adams |
| An tSiúr Ceapord: | Sister Sledge (grúpa ceoil rock) |
| Emer na gCártaí: | Imir na Cártaí |
| An Tough Óg: | Tufóg (fart) |
| An Gabhal Gaelach: | An Gabha Gaelach |
| Aodh Freislí: | Ae Freislighe |
| Connie Lingus: | Aer Lingus |
| Jean Mhillte: | Ginmhilleadh |
| Deasún Moines: | Desmoines - cathair i Meiriceá |
| Fingall Hunt: | Cumasc den Rise and Fall of |

| | |
|---|---|
| | Fingall Bunt (píosa ceoil ó na seascaidí) agus The Fingal Hunt |
| An Buachaill Baitín agus an Cigire Tónach: | Dhá nath as canúint na Gaillimhe a chiallaíonn homaighnéasach |
| An Mhuc Alla: | Macalla |
| Peadar Otti: | Pavarotti (amhránaí) |
| Mag Meld: | Magh Meall sa tSeanGhaeilge |
| Mac na Scine: | Mac the Knife |
| Diarmaid Treallúsach: | Carachtar béaloidis |
| An Bataimlios Pit: | The Bottomless Pit |
| Bullaí Shuibhne: | Buille Shuibhne |
| Bó Dheirid: | Bo Derek (pop-amhránaí agus réalt scannan) |
| Lóbus Meidhreach: | Lóbus Ladhrach as 'Pairlement Chloinne Tomáis' |
| Leah Fail: | An Lia Fáil |
| Gay Bulga: | Gath Bulga |
| Hiúdaí Bras: | Carachtar as Hamlet |
| Boidín Fheidhlimidh: | Báidín Fheidhlimidh - amhrán |
| Fingers Rónáin: | Fingal Rónáin |
| Éamonn a' Phric: | Éamon a' Chnoic (amhrán) |
| Marc Seagal: | Mark Shagall (fealsúnaí Francach) |
| An Bheau Bheannaithe: | An Bhó Bheannaithe |
| Conús Dearóil: | Cnú Dearóil - abhac as an |

| | |
|---|---|
| | bhFiannaíocht |
| Steve Gaga: | TV Gaga - clár teilifíse |
| Aindí Bogadaí: | Crandaí Bogadaí |
| Carúl a' Tuile: | An Pápa - Karol Wojtyla |
| Pleintí Ó Tuathail: | Plenty O'Toole - carachtar de chuid James Bond* |

Ta an saol mór, agus a mháthair ann, gach éinne ag séideadh a adhairce féin, agus iad go léir ullamh an chéad chloch a chaitheamh.

Cé go bhfuil an mheanma Iar-Nua-Aoiseach le brath go láidir ar fhoirm an scéil Scéal Faoi Dhá Chaithir tá eilimintí eile den mheanma chéanna ann chomh maith. Is cuid den amhras onteolaíoch é an magadh agus an fhonóid atá ann faoi aon tóir idéalach a dhéantar ar an ngrá. Tá an íoróin ann, agus ina theannta san tá an chleasfhoclaíocht, agus an raibiléiseachas le brath, go háirithe, ar an liosta thuasluaite.

---

* B'é Alan Titley féin a chabhraigh liom cuid de na ceisteanna crosta a réiteach sa liosta thuas.

## 4.4 Oighearaois: Aerís: Arís; An File ar Leaba a Bháis

Scéal Iar-Nua-Aoiseach go smior is ea an scéal Oighearaois: Aerís: Arís sa mhéid is gur den genre science fiction é.[31] Is díol spéise é mar a dhéanann Titley ionramháil ar an stíl áirithe a chleachtann scríbhneoirí an genre sin chun fonóid a dhéanamh faoin dearcadh go bhfuil réiteach gach faidhbe ag an eolaíocht; go mbeimis ar mhuin na muice méithe ach Bealach na Bó Fine, agus córas na gréine a bheith faoinár smacht. Ainneoin an spraoi, agus an spleodar íoróineach atá ina orlaí tríd an scéal 'sé an tamhras onteolaíoch a chroílár: amhras faoi chumas (nó míchumas) na heolaíochta na mórcheisteanna fealsúnta a réiteach, go háirithe ceist an bháis:

> Bás m'athar mar shampla. Fág is nach rabhas ach im' bhuachaill óg ag an am, thugas cuimhne an lae tubaistigh úd liom amach ar fhithis fhada na gréine. I measc nithe magáinneacha eile gan amhras. Nárbh áiféiseach agus nárbh amaideach an tslí mar tógadh uainn é i macralaethanta seo na saotharlann spéire, na sícsimfóiní agus na spéirmeatasón saorga? (114)
>
> B'iad barra a mhéireanna is iad ag scríobh dúdail ar an trá an radharc deireanach a fuaireas air. Níor thángthas ar a chorp féin. (114)

> Tá's againn go bhfuil an chruinne mar a ritheann tuairim is 26,000,000 solas-bhlianta trasna go hachomair, agus í ag méadú de réir luas an tsolais. Tá's againn anois nár cruthaíodh neamh agus talamh san aon taite amháin ag a naoi a'chlog ar maidin ar an 23ú lá de Dheireadh Fómhair sa bhliain 4004 den tseanfhéilire r ch. Tá's againn nach bhfuil san inchinn dhaonna ach cnuas de dheich míle milliún niúron, fág milliún thall is abhus as an áireamh. Na ceisteanna ba dheacra féin faoi bhundamhna na bithe bhí siad réitithe fadó againn. Ach cá raibh m'athair? B'shin rud ná féadair aoinne. (114)

Machnamh ar nádúr na healaíne trí aigne Aogain Uí Rathaille, agus é ag deireadh a shaoil, faoi bhráca, atá sa scéal An File ar Leaba a Bháis. Is iad na hiliomaid macallaí liteartha go háirithe as filíocht Uí Rathaille féin, is mó a thugann blas Iar-Nua-Aoiseach don scéal seo:

> Theastaigh riamh uaidh an saol a fheiceáil trí ghile na gile le criostal an chriostail. (132)
>
> An marbh ba mharbh is marbh a bhí, agus ba mhairg é a mharbh féin san chlais seo suite thíos. (132)
>
> Níorbh aisling ghéar ar leaba go lagbhríoch i gcónaí é. (132)
>
> Brí eile ar fad a bhí aige leis an oíche fhíorfhliuch an tam úd. (132)
>
> Bhi eagla air roimh fhíogaigh is ruacann abhann agus roimh na

> taibhrimh a shiúil ar leirg an
> chnoic. (133)
>
> An ainnir shéimh a tháinig ina
> ghaor ag marcaíocht an mhaidin úd
> sular smaoinigh Titan ar a chosa
> a luaill. (135)
>
> Is ann a bhí a chodhnach uile
> glic - chumas shíl Aogáin. (137)
>
> Stadfadh sé feasta mar ba ghairid
> uaidh an t-éag is é druidte le
> haois. (138)

Macalla dáin le Hugh Mac Diarmaid atá, dála an scéil, sa chéad líne - A drunk man looks at a thistle.[32] Tá amhras ina shnáth machnaimh tríd an scéal: amhras i dtaobh buaine na filíochta, agus fiú i dtaobh buaine an fhocail féin.

## 4.5 Tátal

Tá an mheanma Iar-Nua-Aoiseach le brath go láidir ar na scéalta a cíoradh sa chaibidil seo. Déantar treascairt ar na ba beannaithe a bhaineann le saol an duine ó bhreith go bás sa scéal An Síscéal de Réir Eoin. Stíl fhrithréalach a chleachtann an t-údar tríd síos. Is mar a chéile stíl agus ábhar sa mhéid is gur trí ionramháil stíle, go háirithe trín scig-aithris, a chuireann Titley a mhothú áiféiseach i dtaobh saoil an duine abhaile orainn. Tugtar spléachadh dúinn ar an duine ag imeacht le haer an

tsaoil ar an mbóthar héadónach i saol suaite an fhichiú haois sa scéal, Scéal i mBarr Bata. Is i muinín na híoróine is mó a théann Titley - mar is dual, go deimhin, don nuascríbhneoir - chun a bhraistint aerach i leith an tsaoil a chruthú sa scéal seo. Scéal Iar-Nua-Aoiseach ó thaobh foirme, agus ábhair is ea an scéal, An Scéal Faoi Dhá Chaithir. Chomh maith le rian an iar-struchtúrachais a bheith ar fhoirm an scéil, ta rian an amhrais ar ábhar an scéil. 'Sí an bhó bheannaithe a chuirtear de dhroim seoil an uair seo ná an grá rómánsúil. Tá an t-amhras onteolaíoch i gcroílár an scéil Oighearaois: Aerís; Arís,cé gur trí stíl aerach an science fiction a chuirtear abhaile orainn é. Níl an scéal An File ar Leaba a Bháis gan a mhacallaí Iar-Nua-Aoiseacha, ach an oiread. 'Siad macallaí Aogáin Uí Rathaille iad san.

# CAIBIDIL V

## AN DOMHAN RÉADACH AGUS NA SCÉALTA FEALSÚNTA

### 5.1 Don Bhliain Seo Chugainn In Berlin

Scéal greanta, críochnúil, is ea an scéal Don Bhliain Seo Chugainn In Berlin, ina bhfuil an chumhacht, agus an stíl mháistriúil chéanna is atá sa scéal Scéal i mBarr Bata, mar shampla. Cé go bhfuil sé cóngarach ina dhéantús don ngearrscéal traidisiúnta, réalach, tá an mothú Iar-Nua-Aoiseach ag brúchtadh aníos ann, ó thús deireadh. Lena chois sin tá sárchumas an scríbhneora seo, blas, agus mothú áite a mhúscailt le sonrú air. Faoi mar a músclaíodh atmasféar sainiúil na hAifrice i gcéad úrscéal Alan Titley - Méirscrí na Treibhe, (1978) músclaítear atmasféar Jerusalem anseo, gona fhoirgnimh ársa, bheannaithe, a mhargaí Arabacha, agus a thurasóirí mothaolacha ar a dtóir áiféiseach ar fhoirgneamh, i ndiaidh foirgnimh. Tá an sceal breac le hainmneacha idir logainmneacha, agus ainmneacha na ndaoine - ciúta stíle a chuireann blas na háite abhaile orainn. Trí thuairisc Iúdach mná a threoraíonn triúr Gearmanách timpeall na cathrach i dteannta a beirt chompánach Ofra, agus Tirza a nochtaítear an plota. Tá an scéal ar tinneall, ó thús deireadh, le gairsiúlacht chliathánach, le cora

íoróineacha - a thagann go minic aniar aduaidh ar an léitheoir - agus le spraoi agus spleodar. Is iad na tréithe sin a thugann blas Iar-Nua-Aoiseach don scéal.

'Sé tuairim Sheáin Uí Thuama gur cur-amú d'aon ghnó atá sa bhob a bhuailtear ar an léitheoir ag a dheireadh thiar. Is gníomh mí-ealaíonta a leithéid, dar leis, agus coilleadh is ea é ar an gcomhthuiscint idir údar, agus léitheoir.[1] Os a choinne sin do b'fhéidir a rá, go bhfuil cúrsaí imithe sa bhfraoch i bhfad roimhe sin sa scéal, agus go rabhthas ár n-ullmhú ar shlí, i ngan fhios dúinn féin, don chasadh neamhghnáthach seo. Tá na tagairtí dorcha, diabhlaí ann do 'theas', do 'chistin', 'd'oigheann', do 'shorn' (22) 'do bhéile iomlán níos faide anonn' (19), agus go háirithe seachaintacht an reacaire ina comhrá polaitiúil leis an nGearmánach leathscéalach. Fad is a bhí sé siúd ag tagairt don Dara Cogadh Domhanda, ligeann sí uirthi gurb é Cogadh 'Yom Kippur' a bhí i gceist. 'Uisce faoi thalamh' a ghlaonn Wilde ar a leithéid de chor sa nualitríocht. Ag tagairt dó de shaothar de chuid Sukenick deir sé:

> Nevertheless, the major effort is one of subversion, and there are a number of arch efforts to undermine the status of reality, and the expectations of readers.[2]

Cén léamh is ceart a dhéanamh ar an scéal seo? An amhlaidh ata an t-údar ag magadh faoin leas ata scríbhneoirí, agus lucht déanta scannán ag baint as An Uileloscadh le blianta anuas? Nó an iad an greann, agus an gháirsiúlacht na húirlisí is fearr i lámha an údair, chun teacht i dtír ar ghníomh all-tachta, agus uafáis nach bhfuil léamh ná, scríobh, ná insint béil air? Dob fhéidir, gan amhras, gur chum-asc den dhá mheon ata laistiar den scéal. Cibé scéal é, ní thagann na hIúdaigh slán ach an oiread. Leirí-tear iad mar dhaoine díoltasacha i leith a gomharsana Arabacha. Scéal is ea An Bhliain Seo Chugainn In Berlin ar a bhfuil teas na daonnachta le brath go láidir. Sin é comhartha sóirt na nualitríochta.

### 5.2 An Saol Salach

Scéal eile atá suite sa domhan réadach is ea an scéal An Saol Salach. Cé nach den mhianach liteartha céanna é, agus an scéal Don Bhliain Seo Chugainn In Berlin tá cumas grinn, agus magaidh ann. An greann a tugadh chun míntíreachais, agus chun barr foirfeachta sna scéalta fantasaíochta, tá sé anseo i dtús fáis. Ar chúl an ghrinn, áfach, tá an searbhas, agus an íoróin shéimh. Is ag fonóid faoi aicme phribhléid-each eile dár bpobal - micléinn Ollscoile - atá Titley an uair seo. Tá an comhrá idir reacaire an

scéil atá ina chléireach bainc, agus an macléinn leighis beo, bríomhar, talmhaí. Ar ruathar drabhlásach dóibh, faoi thithe tábhairne Bhaile Áth Cliath, a dhéanann siad an chaint lena chéile. Gintear cuid mhaith d'íoróin an scéil as an gcontrárthacht idir chaint shofaisticiúil an mhicléinn leighis, agus a iompar déistineach ar a dtugann an reacaire léas dúinn ó am go ham:

> 'Bhfuil fhios agat', ar seisean, agus an chéir á cuimilt idir a mhéireanna aige um an taca seo, 'táimid ag gabháil don chorpdhíoscadh anois le cúpla seachtain, agus is é an chuid is suimiúla ar fad den chúrsa leighis go dtí seo é.' (43)
>
> 'Tá sé ann', ar seisean, ionga leis ag lorg céarach istigh ina chluais, 'murab ionann agus ag daoine eile.' (43)

I ndeireadh na hoíche ragairní filleann an bheirt ar shalachar sheomraí an mhicléinn:

> - grabhróga ar an urlár, buidéil ar fud an bhaill, nuachtáin bhuí sa chúinne, scoilt ar an bpláta, trí chos faoin gcathaoir, smúit ar na seilfeanna, gaiste luiche in aice an dorais, im san luaithreadán agus gréisc ar an bhfriochtán. (46)

Baintear buaic na híoróine amach nuair a tharlaíonn go bhfuil ganntanas uisce ainneoin a bhfuil de fhlúirse dí. 'Sé an casadh is íoróiní ar fad, ná go dtugann an macléinn leighis uisce as babhla na n-iasc órga dá chara le hól i gcóir bricfeasta. Cé go bhfuair sé an droch-bholadh uaidh, níor thuig sé cad a bhí ólta aige, go dtí go bhfaca sé an dá iasc órga ag léimt ar an staighre ar a shlí amach!

Tarraingítear ár n-aird ar thréith spéisiúil eile i gcarachtar an mhicléinn mhórchúisigh seo. Ón uair gur thug sé an mhórchathair air féin, dealraíonn sé go mb'éigean dó cúl-le-cine a thabhairt dá dhúchas Corcaíoch. Ó thóg sé na gothaí cosmopolatánacha air féin, níl spéis a thuilleadh aige i ndul-chun-cinn foirne iománaíochta a chontae dhúchais, peaca a bhí domhaite de réir creidimh an chúigeachais ina raibh a chara fós gafa 'fiú go n-ordódh sé piúnt Murphy's fág is nach n-ólfadh sé riamh i gCorcaigh é.' (42) Tá sé siúd teanntaithe i ngaiste a theoiricí, agus a chultúir féin:

> Ní labhródh éinne faoin gcluiche ná faoin gcóras airgeadaíochta Eorpaí, ná faoi ghnáthchúrsaí an tsaoil, agus níor thuigeas cén fáth go rabhthas ag iarraidh mé a stop nuair a theastaigh uaim na 'Banks' a rá arís, nó gur caitheadh amach mé nuair a thosnaíos

ar 'Lovely City beside the Anner
at the foot of Fair Hill'. (46)

Pé acu iad micléinn liobrálacha, nó cléirigh bainc ceartchreidmheacha, nó Corcaígh mórtasacha, baintear dá phrapaireacht iad, agus le gaoth bhog na híoróine séidtear chun siúil a mór-is-fiú, agus a ngalántacht bhréige. Cé nach bhfuil sa scéal An Saol Salach ach juvenilia, ta comharthaí sóirt na litríochta Iar-Nua-Aoisí le brath air ie an greann, an íoróin, agus beocht na beatha.

## 5.3 Cibé Scéal É

Gearrscéal Iar-Nua-Aoiseach ina fhoirm go háirithe is ea an scéal Cibé Scéal É. 'Sé atá ann ná cumasc den fhicsean, agus den aiste thuairisciúil, ina nochtann an t-údar a fhealsúnacht oideachais. Is gné den teicníocht Iar-Nua-Aoiseach é a tharraingionn David Lodge aird air.[3] Baineann na nuascríbhneoirí ear-raíocht as, dar leis, d'fhonn teacht aniar aduaidh ar an léitheoir. Machnamh ar nádúr an oideachais atá sa chuid thuairisciúil den scéal, agus tá an dlús int-leachtúil ann atá i roinnt de chumadóireacht Jorge Luis Borges, a bhí an-tugtha é féin den fhoirm áir-ithe seo.[4] 'Sí an bhó bheannaithe atá á threascairt sa scéal seo, ná an córas oideachais, agus an greim

atá ag an réasún ar an gcóras céanna. Ceann de na clocha is mó ar phaidrín fealsúnach an údair is ea dúshlán na loighice agus an réasúin a thabhairt. Tá an dearcadh seo ag teacht leis an bhfrithintleachtúlacht, atá de réir na gcriticeoirí Howe, Levin, agus Fielder ar fud an bhaill sa litríocht chomhaimseartha.[5] Ta dúshlán na loighice, le brath fiú ar theideal an leabhair, Eiriceachtaí agus Scéalta Eile mar nach ann don scéal dár teideal 'Eireachtaí'; An Triú Scéal Déag is teideal don scéal deireanach cé go bhfuil ceithre scéal déag ann ó cheart. Ta an t-amhras seo faoi thíorántacht an réasúin, agus na loighice, agus a thionchar míchuibheasach ar an saol nua-aimseartha ag dó na geirbe ag Titley le fada an lá. Mar léachtóir i gColaiste Oideachais ní ionadh go gcaithfeadh sé amhras ar chúinsí oideachais a linne, agus a n-éifeacht ag spreagadh scríbhneoirí cruthaitheacha den scoth. Tá amhras air go leanfaidh an traidisiún fada scríbhneoirí óna Choláiste féin - Coláiste Phádraig, Droim Conrach:

> An saghas oiliúna ina raibh meas ar an bhfocal, ar an litríocht, ar an tsamhlaíocht faoi ghné na saoirse di, ní mór ná go bhfuil sí sin imithe i léig i measc oideachasóirí. Ta bun maith lena cheapadh go bhfuil an gort go léir gafa anois ag an síchmhéadair, lucht tomhaiste an chloiginn, miosúraithe an taibhrimh. Dhealródh doghanna an chúrsa go mb'fhéidir go bhfuil an lúb

> snaidhmthe briste, go mba iar-
> racht amú agus dóchas baoth é a
> bheith ag siúil go gcuirfeadh an
> coras mar atá, scríbhneoirí ar
> ardchaighdeán de arís.[6]

Sa scéal <u>Cibé Scéal É</u> nochtann Titley a amhras i dtaobh gnéithe áirithe den chóras oideachais seo againne. De bharr na béime ar an teicneolaíocht i gcúrsaí oideachais tá baol ann go ndéanfar faillí ar thoise mistéireach an duine. Ní féidir leis an 'utamáil le teicnicí, le hionstraiméid le gléasanna, agus le fudairnéisí' (147) ionad an mhúinteora a thógaint riamh mar is ag duine amháin atá an bua croí, anam, agus inspioráid a shéideadh faoin oideachas. Is é tuairim Titley go bhfuil fealsúnacht oideachais an lae inniu ró-mhór faoi laincisí an réasúin. Ta an lá leis na hintleachtóirí fuara, matamaiticiúla. Is beag oideachasóir inniu a luafadh 'bua uafás, agus iontas' (143) mar gur 'focail mheánaoisiúla, phearsanta, neamheolaíochta, neamhchruinne' (143) a leithéid, agus ta siad faoi dhrochmheas i saol seo 'an bhogábhair, agus mumbó seombó breageolaíochta'. (149) 'Scoilitheoir' is ea an t-oideachasóir a dhéanann faillí ar an spiorad a chaomhnú agus a chothú, agus a chuireann é i mbaol a bheith sloghta siar i gcraos na teicneolaíochta. Is díol spéise é go bhfuil macallaí na dtéamaí céanna seo i bhfilíocht <u>Nuala Ní Dhomhnaill</u>. I ndán léi,

'Clann Horatio', a thiomnaíonn sí 'do na hintleachtóirí inár measc', tá teachtaireacht thábhachtach aici dóibh siúd go bhfuil saol an spioraid ligthe i ndearmad acu, le teann réasúnaíochta, murab ionann, agus í féin, agus a muintir faoin tuath atá fós i dtiúin leis an toise spioradálta, mar is léir ó na nósanna a chleachtann siad:

Dhera ná fuilimse dáiríre, i gcónaí
Is dála mo mhuintir faoin tuath
Cé ná creidimid puinn i faic
Fós ní bhréagnaimid éinní
Mar tá níos mó ar thalamh is ar neamh
Ná mar is eol daoibhse, a chlann Horatio[7]

I bhficsean an scéil déantar cur síos ar ragairne, agus ar réiciúlacht múinteora sa ghnáthshaol. Tá raibiléiseachas an fhicsin i bhfrithshuíomh leis an bhfealsúnacht uasal, ardaigeanta a chuireann an t-údar inár láthair sa chuid thuairisciúil den scéal. Is minic i gcúrsaí an tsaoil, gur mór idir an idéalachas, agus an réadachas.[8] Snítear an ficsean go snoite trí shnáth an scéil á éadromú, agus á mheabhrú don léitheoir conas a bhíonn an scéal in institiúidí áirithe léinn. Is baolach gurb iad na teoiricí, agus na giúirléidí is mó tábhacht:

D'ólamar sláinte an chórais,
agus na cailce, agus na n-uimhir-
pátrún, agus na mbloc-
chairteacha, agus an gcruthanna
trí-thoiseacha, agus na

> spreachall phéinteála, agus na gcuimilteán, agus na n-ábhar forgánta, agus na gleacaíochta oideasaí. (157)

Tá an salachar, agus an samhnas a bhaineann le saol ragairneach an mhúinteora i gcontrárthacht ghlan le gléine an mhachnaimh. Tar éis an ardú meanman go léir, níl romhainn sa tsaol ach córas oideachais leamh, mídhaonna, dúire Dhraic, an príomhoide míthuisceanach, agus múinteoir patuar. Ar eagla go rachadh an léitheoir amú tamall eile i dtranglam smaointe, faigheann sé aon léas amháin réadach ar radharc cathrach lena dhuairceas, agus a thruamhéil:

> An buachaill nach bhféadfadh thar naoi mbliana d'aois a bheith aige ag bolú an phróca gliú ar thaobh na sráide .... An fear dall ag lorg déirce ar leathchois ar an bpábháil fuar; an bhean gan fhiacla ag iarraidh ull cócaireachta a chogaint i lúibín an lána. B'aoibhinn a bheith beo gan aon agó. (150)

Tá rian an phopchultúir le brath ar an scéal Cibé Scéal É, faoi mar atá sé le brath ar scéalta eile sa leabhar.[9] Seo mar a scuabtar sinn isteach i ndomhan dorcha, diabhlaí, an phárlúis pheilte. Radharc é seo atá lán den raibiléiseachas - é folaithe go háirithe i liosta ainmneacha na gcleas ina leithéid d'áit:

> Chuimil sé a bhosa dá chéile, agus mhínigh sé a gcuid seirbhísí dom i nglór a bhí ar tinneall le peaca, agus ag fáiltiú roimh airgead .... Braitheann sé ar fad ar cad tá uait. Ar mhaith leat An Chuimilt Chraicneach ar dheich bpúnt ... nó An tSaoire sa Ghabhaltacht ar chúig phúnt is fiche ... nó an Dúrach Dotheoranta ar chúig phúnt is seachtó, nó Nuilenífaoinspéir ar cibé arigead is mian leat a chaitheamh. (151)

Trí nuafhoirm sceil ina bhfuil ficsean, agus a mhalairt fite fuaite ar a chéile cuireann Titley a fhealsúnacht oideachais abhaile orainn. Dála scríbhneoirí eile Iar-Nua-Aoiseacha is iad ba beannaithe an chórais is mó a chuireann sé de dhroim seoil.

## 5.4 Scéal Bleachtaireachta

'Sí foirm an scéil Cibé Scéal É atá á ionramháil arís ag an údar sa scéal Scéal Bleachtaireachta - an ficsean agus machnamh an údair fite fuaite ar a chéile. Toisc gurb é ábhar an scéil, ná machnamh ar nádúr na litríochta, tá rian an metafiction le brath air.[10] Genre é seo a chleachtann scríbhneoirí Iar-Nua-Aoiseach, mar go bhfuil siad an-tugtha do nádúr an fhicsin a chíoradh:

> Knowledge about the world - traditionally claimed by fiction - must be replaced by the act of

> searching - researching even - within the fiction itself for the meaning of what it means to write fiction. It is an act of self-reflection ....[11]

Sa scéal seo tarraingíonn Titley modh oibre an scoláire chuige - ar a ghlaonn sé bleachtaire - agus téann sé i mbun taighde. 'Sé an toradh a bhíonn ar seo, ná go nochtaítear fíricí a chaitheann amhras ar na ba beannaithe is mó sa tsiúl, le fada an lá, i measc na scoláirí, agus lucht léirmheastóireachta.

I bhficsean an scéil seo tarraingíonn Titley an mhóitíf carnivalesque[12] chuige féin nuair a chuireann sé Dáithí De Barra[13], údar Phairliméid na bhFíodóirí, agus údar Pharlement Chloinne Thomáis, in adharca a chéile. Teist eile ar shárchumas Titley sainmhothú ama, agus áite a mhúscailt is ea an tslí ina éirionn leis atmasféar saoil Dháibhí, in aimsir Uí Chonaill a thabhairt leis. Is beag meas a bhi air i measc a chomharsana, ná ar a shaothar litríochta i measc lucht léinn. Ainneoin sin, bhi sé ag stracadh leis go dtí gur tháinig na mairbh aniar aduaidh air. Cor íoróineach sa scéal is ea ainmniú údair Pharlement Chloinne Thomáis - rud nár éirigh leis na scoláirí a dhéanamh riamh. 'Sé barr na híoróine é gurbh iad na lochtanna céanna a chuir an Duinníneach i leith Dháibhí, is a chuirtear i leith scríbhneoirí i ngach

glúin. Gadaí a bhí ann mar gur ghoid sé _genre_ na Pairliminte uaidh féin. Easpa cumais, agus tréith-iúlachta sa duine is cúis leis gan a bheith ábalta ceapadóireacht _ab ovo_ a dhéanamh. An raibh aon rud le rá ag scríbhneoirí na Gaeilge seachas a raibh ráite cheana féin? Tá blas an _deja vu_ ar na hasa-cháin a chaitear le _Dáibhí De Barra_.

Faoi mar is nós leis, caitheann Titley drochmheas ar lucht scoláireachta, agus léirmheastóireachta:

> Bleachtaire is a an scoláire
> Breitheamh is ea an critic
> Coirpeach is ea an scríbhneoir agus
> caithfear breith air (95)

Cosúil leis an oideachasóir sa scéal _Cibé Scéal É_, a dhéanann faillí ar spioraid an duine, 'scoiltitheoir' is ea an duine a chuireann bac ar shamhlaíocht an scríbhneora. Mórann an litríocht aonad na beatha. Is é bua na litríochta nach maíonn sí go bhfuil aon fhreagraí aici faoi mar a dhéanann an fhealsúnacht, an siceolaíocht, agus socheolaíocht. (96) Murab ionann agus mangairí an réasúin a scoilteann, agus a réabann rompu, ar thóir na bhfreagraí, cuireann an litríocht an saol inár láthair 'ina shlánchruinne, ina shlánloime'. (97) 'Sé an toradh a bhíonn le 'taighde' an údair, sa scéal seo, ná go nochtann sé

fíricí nach bhfuil ag teacht in aon chor le teoiricí ceartchreidmheacha lucht léirmheastóireachta. Cé nár thuig an tAthair Peadar, agus an criticeoir Marxach Pekhanov é, bhí earraíocht á bhaint as caint na ndaoine sa litríocht ó na Meánaoiseanna i leith 'chun easurraime agus tarcaisne a tharraing ar na gnáth-daoine (106), agus níor thaise d'údar Pharlement Chloinne Thomáis é. Maidir le caint ghonta, shnoite, is ag Conchúir O Duinnín, a bhí an focal deireanach ina thaobh:

> Beannaím uaim siar na habairtí gearra páistiúla, a scríobhfadh an tachrán linbh, .... Is fada o fuaireas faill ar mo chuid aid-iachtaí a leagadh ar an saol. Níorbh aon chéim liom é seo a aithris tráth ach is eagal liom gur ag dul i bhfad siar atá tuis-cint an duine ar fhíorlitríocht ag imeacht. (99-100)

Is aníos chugainn as póirsí aigne an údair féin a thagann an macalla is láidre sa scéal. Níl sa scríbhneoir a ghéilleann d'orduithe, agus do theoiricí na gcriticeoirí, dar leis, ach 'gárda singil'. (111) Ní mór don scríbhneoir chruthaitheach a bheith faoina stiúir féin. Sa scéal Scéal Bleach-taireachta, cuireann Titley a chló féin ar genre an metafiction d'fhonn a fhealsúnacht i dtaobh nádúir na litríochta a nochtadh. Ina theannta sin caitheann sé

amhras ar chuid de na tuiscintí is ceartchreidmhí i measc lucht scolártha, le fada an lá.

## 5.5 Wittgenstein i gComamara; An T-Aire Dlí (agus Cirt)

Ní ionadh go deimhin go mbeadh scéal bunaithe ar bheatha, agus ar fhealsúnacht Wittgenstein i saothar de chuid Alan Titley, mar gurb é duine de na fealsaimh is mó go bhfuil meas aige ar a shaothar. Go deimhin dob fhéidir a rá nach aon scéal nua é Wittgenstein a bheith suite go teann i lár saothair Iar-Nua-Aoiseach. Ina leabhar Against The Grain cuireann Terry Eagleton ar ár súile dúinn go raibh tionchar nach beag ag Wittgenstein ar fhealsúnacht teangeolaíochta Angla-Sacsanach, agus fiú ar theoiricí Jacques Derrida.[14] Ce gur scéal fealsúnach an scéal Wittgenstein i gConamara, tá blas na daonnachta air. 'Sé is cúis leis sin, gan dabht, ná go bhfuil sé bunaithe ar thréimhse áirithe i saol an fhealsaimh Wittgenstein. Sa bhliain 1947 d'éirigh Wittgenstein as an ollúntacht a bhí aige i gCambridge, agus thug sé dhá bhliain in Éirinn ag gabháil dá shaothar fealsúnach - Philosophical Investigations. I gConamara a thug sé samhradh na bliana 1948.[15] Níor foilsíodh ach leabhar amháin dá chuid i rith a shaoil - An Tractatus Logico Philosophicus, a scríobhadh i

bpriosún i rith an Chogaidh (1914-1918). Leabhar ba ea é a chuaigh i bhfeidhm go mór ar an bhfealsúnacht. Ta leagan amach an scéil de réir leagan amach an <u>Tractatus</u>. É scríofa i nathanna, agus seanfhocail ghonta chríochnúla de réir ord uimhreacha. 'Sé a chuir W roimhe sa <u>Tractatus</u>, ná struchtúr loghiciúil teanga a aimsiú d'fhonn teacht ar struchtúr, agus teorainn smaointe. B'ionann struchtúr, agus teorainn teanga, agus struchtúr agus teorainn smaointe dar leis.[16] Cheap W go raibh deireadh ráite aige faoin bhfealsúnacht taréis do an <u>Tractatus</u> a chur de. Shíl se go raibh sé i bhfoisceacht 'mbeannaí Dia do gach réiteach'. (76) Ní mar sin a bhí. I dtús a shaoil ba é seasamh W ná gurbh í an loighic bunchloch na tuisceana. Theastaigh uaidh 'ord a bhualadh ar an gcíor-thuaifill go léir'. (77) Ba leis an coincheap lom nocht a bhí a lé ar nós 'muga de chócó Van Heutten cosnochta' nó 'carraig lom' Chonamara. (67) Snítear siombalachas na dúthaí máguaird trí mhachnamh an fhealsaimh. Ba é <u>Credo</u> W ag an dtráth sin dá shaol ná:

Ní féidir botún a dhéanamh san loghic
Tá loighic roimh eispéaras
Is athluaiteachas iad tairiscintí na loighice
Tá an loighic tarchéimnitheach
Taobh amuigh den loighic tá chuile sórt aicídeach
Ta an fiúntas céanna ag chuile thairiscint. (66)

De réir a chéile phréamhaigh an t-amhras in áit na cinnteachta. Nochtaítear crá croí, agus anama an fhealsúnaí, agus é ag corraíocht le cuibhreacha, agus ceangail na loighice, ar tí lánsáil amach ar mhuir na beatha lena mistéirí, agus a limistéirí do-theoranta. Ní mór an meas a bhí riamh aige ar theanga tur, tirm na bhfealsamh, agus ba mhór a spéis i gcanúint, agus deismireachtaí cainte na ngnáthdhaoine.[17] Is i gcanúint Chomamara atá an scéal seo scríofa - rud atá ag teacht le meoin, agus dearcadh Wittgenstein i leith teanga. Tá beocht agus daonnacht ag baint le teangmháil W le seanduine Chonamara. (69) Sníonn an greann íoróineach tríd an gcomhrá atá eatarthu, mar go bhfuil réidhchúis agus neafais an tseanduine i gcontrárthacht le dithneas, agus dícheall W, cé go ngéilleann sé go drámatúil, ar deireadh, do ghaois na muintire:

> 'Ag obair go bun is gan tada ar a shon' arsa mo dhuine, a ghroig-eadh féin ar an gclaí.
>
> 'Béarfaidh bó éicint, lao éicint, lá éicint', arsa W leis, cé gur ghoill sé ar a scórnach é a rá. Bhi sé ar bhonn na háite anois agus bhí sí ag cur na gcéanna crua air tíocht chun réitigh. Deile céard déarfadh sé le sean-duine ar bhóthar san iargúl-tacht? (69)

Ba é an t-athrú croí faoi deara do W éagsúlacht agus iomadúlacht an tsaoil, agus an teanga a bhlaiseadh. Seo mar a chuireann Eagleton síos air:

> There was no single inner form to the world, or to language. Language hooked on to the world in many different ways, from a cheer to a curse. There was no secret essence to it all, just a Babel of differences .... Philosophy detested all this difference, strove like the Emperor Franz Josef to hammer it into unity. Philosophy was a form of terrorism, unable to live and let live.[18]

In ionad díriú ar 'an gcarraig lom' amháin dhírigh sé ar an iliomad - 'faocháin, carraigín agus creathnach', mar a chonaic sé iad ar thrá Chonamara. (67) Shéan W na teoiricí teanga a chuir se chun cinn sa Tractatus, sna Philosophical Investigations. Ba í feidhm teanga dar leis, anois ná iomadúlacht na beatha a mhóradh. Ba gheall le 'nead seangáin' an saol, agus b'fhearr 'an rud atá ina ghiobail a fhágáil ina ghiobail' seachas a bheith ag iarraidh ord agus eagar a bhualadh ar an gcíor thuathail. (77) Ba i dteach saoire an Draodaigh, nó an Dochtúir Maurice O Connor, iarscoláire leis ó Chambridge, agus cara saoil a bhí Wittgenstein ag cur faoi i Rosrua, agus tá scéalta sa tsiúl i seanchas na háite fós i dtaobh na cumarsáide a bhíodh aige leis na héin.

Athchruthaítear an caidreamh sin le híogair sa scéal. (67) 'Sé an t-athchruthú a dhéantar ar eachtraí daonna i saol an fhealsaimh féin, a thugann beocht don scéal. 'Sé an t-athchruthú a dhéantar ar fhealsúnacht Wittgenstein, a thugann blas Iar-Nua-Aoiseach don scéal.

Tá foirm an scéil An T-Aire Dlí (agus Cirt) cosúil le foirm an scéil Scéal Bleachtaireachta, sa mhéid is go bhfuil an ráiteas fealsúnach ag sní trid an bhficsean ann. Is lú den fhealsúnacht atá ann, áfach. 'Sé plota an scéil ná dúnmharú Aire Stáit, de chuid Rialtais Bhaile Áth Cliath, i lámha státseirbhísigh. 'Sé ábhar an mhachnaimh na dearbhú saoirse an duine, i gcoinne daoirse an stáit. Go deimhin, dob fhéidir a rá gur staidéar ar shícé an sceimhlitheora pholaitiúil atá ann; iarracht ar an ainmhí seo a thuiscint ón taobh istigh. Cé gur i mBaile Áth Cliath atá suíomh an scéil, téama uilíoch atá ann - frustarachas an duine de bharr blianta fada daoirse faoi chlaondlí stáit, agus tiorántacht státairí. Stíl mheáite, thomhaiste, staccto, geall leis, atá ann, sa tslí is go mbraitear an teannas, agus an díoltas ag méadú de réir a chéile, agus ag pléascadh ar deireadh ina racht buille, agus ina ghníomh fuilteach:

> Anois an t-am! Anois an uair
> bheo! Bheartaigh a intinn mire

> an ghnímh fiche uair as a chéile. Anois! Bhí an t-uisce fós ag plobarnaíl trín bpoll mar a bheadh scórnach á ghearradh. (175)

Baintear earraíocht chliste as ciúta na liostála d'fhonn peacaí na tíorántachta a ríomhadh:

> briogún trín bholg mar oineachlann ar dhubh - bhraighdeanas a raibh riamh i bpriosún, ceilt chearta, sroighle, agus sciúrsáil na colainne, cruaspága na bpóilíní sa phus, agus a séanadh sa chluais, creideamh cheannfoirt sa chúirt, míscéalta oifigiúla, púdar pheiriúic an bhreithimh, seile san aghaidh, langaire faoin smig, dorn sna dúáin, bróg sna magairlí, paltóg in úll na scórnaí, bun toitín sa tóin, bior sna colpaí, gloine briste faoi bhonn na gcos, stiall sna heasnacha, lasc thar chraiceann droma, tachtadh tamall, lámhach carad. (176)

Tá macallaí uafáis Cogaidh na Nigéire i gcoinne na <u>nIbo</u> le brath ar an scéal seo. Bhí Titley féin, i lár an aonaigh, sa Nigéir ag an am úd. Bhí sé i láthair ag cur chun báis poiblí leis. Insint liteartha ar an sceimhle a chonaic se lena dhá shúil féin atá sa scéal <u>An T-Aire Dlí (agus Cirt)</u>.

## 5.6 Tátal

Cé gur stíl réadach, traidisiúnta atá sa scéal Don Bhliain Seo Chugainn In Berlin, 'sé an mothú Iar-Nua-Aoiseach atá ag brúchtadh aníos ann, ó thús deireadh. Tá an flosc chun na beatha, agus teas na daonnachta le brath air. Tá greann ann; é íoróineach magúil uaireanta; é talmhaí oscailte uaireanta eile. Trí nuafhoirm scéil a chleachtadh - foirm atá Iar-Nua-Aoiseach ó bhonn - sníonn an t-údar ficsean agus a mhalairt ar a chéile sna scéalta Cibé Scéal É, Scéal Bleachtaireachta, agus An T-Aire Dlí (agus Cirt). Trí mheán na nuafhoirme seo cuireann sé a fhealsúnacht i dtaobh oideachais, agus i dtaobh nádúir na litríochta abhaile orainn, chomh maith le saoirse an duine i gcoinne tíorántachta an stáit a dhearbhú. Cé nach bhfuil sa scéal An Saol Salach ach juvenilia, tá blas Iar-Nua-Aoiseach air. Tá meanma an phopchultúir le brath air, mar shampla. Ina theannta sin tá an íoróin, agus an greann a tugadh chun foirfeachta sna scéalta fantaisíochta, i dtús fáis sa scéal seo.

## CONCLÚID

Ón Dara Cogadh Domhanda i leith tá meanma nua ag teacht chun cinn sna healaíona i gcoitinne. I gCaibilid II tugadh mionchuntas ar an ngluaiseacht postmoderne, agus ar na nuafhoirmeacha, agus na teicníochtaí liteartha a shaothraítear ag freagairt don mhothú nua. 'Sé an t-amhras onteolaíoch atá i gcroílár na meitifisice nua - amhras i dtaobh an duine, a dháin, a dhomhain, agus fiú a Dhia. 'Sé an toradh a bhíonn leis an amhras seo go minic ná treascairt na mbó beannaithe. Ní cúis angst é, áfach, go bhfuil a leithéid de neamhchinnteacht, agus de rí-rá sa saol seo againne;

> The weary existential angst of the modern is transformed/ performed by the spirited free play of the postmodern.[1]

Gné eile den mheanma Iar-Nua-Aoiseach is ea an fhrithintleachtúlacht. Raideann sé i gcoinne ard-intleachtúlacht na Modernists. Tugann na nuascríbhneoirí - agus iad faoi anáil an struchtúrachais - droim laimhe le stíl réalach an naoú haois déag. Ní leasc leo nádúr na litríochta féin a chíoradh sa bhfoirm ar a ghlaotar metafhicsean. 'Siad comharthaí sóirt na nualitríochta mar a ríomhann gach criticeoir

iad ó Fielder, go Fokkema, go Hassan, ná tóir ar an bhfantaisíocht, ar mhiotas, agus ar genre an science-fiction; spraoi, spleodar, greann, íoróin, scig-aithris, nuafhoirmeacha stíle, agus ceapadóireachta.

Taispeánadh i gCaibidlí III, IV, agus V gurb í an mheanma postmoderne a gheit samhlaíocht Alan Titley agus a d'fhág rian láidir ar an gcnuasach gearr-scéalta dá chuid atá faoi chaibidil againn. I gCaibidil III déanadh na scéalta fantaisíochta a phlé. Tá an t-amhras onteolaíoch ina shnáth mach-naimh tríd na scéalta An Tuisle Ginideach, An Triú Scéal Déag, agus Cuíorsceal. Baintear earraíocht as an bhfantaisíocht - ag teacht le teoiric McHale - chun an ghné onteolaíoch a chruthú. Ina theannta sin ta na ciútaí stíle go léir a luann Lodge, agus Hassan leis an écriture postmoderne, le brath ar na scéalta fantaisíochta. Orthu siúd tá an spraoi, agus an spleodar, an scigaithris, an chaint gan dealramh, agus an randamandádaíocht, an chleasfhoclaíocht, agus an greann íoróineach agus talmhaí.

Tá rian na meanman Iar-Nua-Aoisí le brath ar na scéalta a scagadh i gCaibidil IV chomh maith. Treas-cairt na mbó beannaithe a bhaineann le saol an duine, ó bhreith go bás, is cás leis an údar sa scéal An Soiscéal de Réir Eoin. Stíl fhrithréalach a chleach-

tann sé sa mhéid is gur mar a chéile ábhar agus stíl. An duine ag imeacht le haer an tsaoil is ábhar don sceal aerach: Scéal i mBarr Bata, agus is i muinín na híoróine a théann Titley chun bó beannaithe an liobrálachais ainrialaigh a threascairt. Tá an tIar-Nua-Aoiseachas le brath ar an scéal Scéal Faoi Dhá Chaithir ó thaobh foirme, agus ábhair de; rian an bhloghrachais ar an bhfoirm, agus rian an amhrais ar an ábhar. An t-amhras onteolaíoch atá i gcroílár an scéil Oighearaois: Aerís: Arís, agus earraíocht á bhaint as topos an science-fiction chun é a chur abhaile ar an léitheoir.

Mar a léiríodh i gCaibidil V, tá an mothú Iar-Nua-Aoiseach le brath ar an dá scéal sa chnuasach a bhaineann leis an genre réalach - Don Bhliain Seo Chugainn In Berlin, agus An Saol Salach. Scéalta iad atá lán de bheocht na beatha, mar is dual don litríocht chomhaimseartha a bheith. Taispeánadh i gCaibidil V chomh maith gur chleacht Titley nuafhoirm scéil atá Iar-Nua-Aoiseach ina dhéantús sna scéalta Scéal Bleachtaireachta, Cibé Scéal É, agus An T-Aire Dlí (agus Cirt). Ag baint earraíochta as an gcineál seo scéil cuireann sé a fhealsúnacht - atá frith-intleachtúil, agus frithloighiciúil ina éirim - abhaile ar an léitheoir.

Saothar Iar-Nua-Aoiseach go smior is ea an saothar Eiriceachtaí agus Scéalta Eile. Tá na príomhghnéithe a luann na criticeoirí leis an meanma postmoderne le brath ar ghearrscéalta an chnuasaigh, mar a taispeánadh i gCaibidli III, IV, agus V. D'oir an fuadar idirnáisiúnta do mheoin raibiléiseach Alan Titley, agus d'éirigh leis a chló féin a leagadh ar an meanma Iar-Nua-Aoiseach. Ina aiste cháiliúil 'The Function of Criticism At The Present Time' d'áitigh Matthew Arnold go raibh sé riachtanach go dtiocfadh dhá bhuneilimint le chéile chun go gcruthófaí litríocht fhiúntach - mianach cruthaitheach an údair, agus meanma liteartha a linne:

> ... because, for the creation of a master-work of literature two powers must concur, the power of the man, and the power of the moment, and the man is not enough without the moment ....[2]

B'í an teist chéanna a thug Seán Ó Tuama ar na hamhráin, agus na dánta grá, agus ar fhilíocht Sheáin Uí Ríordáin - saothair litríochta a ghin ealaíontóirí trína séala féin a bhualadh anuas ar mhothú idirnáisiúnta a linne.[3]

## NÓTAÍ

### CAIBIDIL I

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Gill and Macmillan (1981) | |
| 2. | Ó Muirthile, | lch 38 |
| 3. | Cuireadh deireadh leis Na Coláistí Ullmhúcháin i 1961, agus tosnaíodh ar an gcomórtas oscailte chun ábhar bunmhúinteoiri a eacrú | |
| 4. | Bhris cogadh cathartha amach idir An Nigéir agus Biafra i 1967 | |
| 5. | Titley; 'Blianta Foghlamtha', | lch 10 |
| 6. | ibid, | lch 10 |
| 7. | Titley; 'Féasta Fola', | lch 5 |
| 8. | ibid, | lch 6-8 |
| 9. | Titley (1978) | |
| 10. | Titley (1975) | |
| 11. | Eagleton (1983), | lch 45 |
| 12. | Titley (1980) | |
| 13. | Titley: 'The Disease of the Irish Short Story' | |
| 14. | O'Connor (1963), | lch 13-25 |
| 15. | Titley op cit, | |
| 16. | Ó Háinle, | lch 163 |
| 17. | Titley; 'Máirtín Ó Cadhain', (1906-1970) | lch 6-26 |
| 18. | ibid, | lch 21 |
| 19. | Titley: 'High Seas and Shallows', | |

## CAIBIDIL II

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Lodge (1986,) | lch 5 |
| 2. | ibid, | lch 5 |
| 3. | ibid, | lch 5 |
| 4. | ibid, | lch 5 |
| 5. | Wilson, | lch 30 |
| 6. | Lodge (1986), op cit, | lch 5 |
| 7. | ibid, | lch 5 |
| 8. | ibid, | lch 5 |
| 9. | ibid, | lch 6 |
| 10. | ibid, | lch 6 |
| 11. | ibid, | lch 6 |
| 12. | Lodge (1977), | lch 228 |
| | McHale, | lch 4 |
| 13. | Waugh, loc cit, | lch 21 |
| 14. | McHale, op cit, | lch 5 |
| 15. | Lodge (1977), | lch 221 |
| 16. | Connor, | lch 110 |
| 17. | Hassan (1982), | lch 256 |
| 18. | Fielder, | lch 329 |
| 19. | ibid, | lch 329-351 |
| 20. | ibid, | lch 229 |
| 21. | ibid, | lch 330 |
| 22. | ibid, | lch 331 |
| 23. | ibid, | lch 331 |

24. 'It is time at any rate to be through with pretences, for to Close the Gap means also to Cross the Border be-

tween the marvellous and the Probable, the Real and the Mythical, the world of the boudoir, and the counting house, and the realm of what used to be Faerie, but for so long been designated mere madness'
ibid, lch 346

25. ibid, lch 346

26. ibid, lch 350

27. ibid, lch 340

28. ibid, lch 340

29. ibid, lch 337

30. ibid, lch 341

31. ibid, lch 341

32. ibid, lch 342

33. ibid, lch 342

34. ibid, lch 344

35. Waugh, op cit, lch 79

36. ibid, lch 79

37. ibid, lch 81-83

38. McHale, op cit, lch 4-10

39. ibid, lch 10

40. 'This in a nutshell is the function of the dominant: it specifies the order in which different aspects are to be attended to, so that, although it would be perfectly possible to interrogate a postmodernist text about its epistemological implications, it is more urgent to interrogate it about its ontological implications. In Postmodernists texts, in other words, epistelmolgy is backgrounded, as the price of foregrounding ontology.'
ibid, lch 11

41. 'I will formulate it as a general thesis about modernist fiction: the dominant of modernist fiction is epistemological. That is, modernist fiction deploys strategies which engage and foreground questions such as: How can I interpret this world of which I am part? And what am I in it? Other typical modernist questions might be added: What is there to be known?; Who knows it?; How do they know it, and with what degree of certainty?; How is knowledge transmitted from one knower to another, and with what degree of reliability?; How does the object of knowledge change as it passes from knower to knower?; What are the limits of the knowable? And so on.'
ibid, 1ch 9

42. ibid, 1ch 10

43. ibid, 1ch 10

44. ibid, 1ch 16

45. ibid, 1ch 18

46. ibid, 1ch 27

47. ibid, 1ch 44

48. ibid, 1ch 45

49. ibid, 1ch 39

50. ibid, 1ch 12-25

51. ibid, 1ch 17

52. MacAnnaidh, 1ch 108-118; 235

53. Eagleton (1987),

54. 'However, metafictional texts which introduce real people and events expose not only the illusion of verisimilar writing, but also that of historical writing itself. The people and events here may match those in the real world, but these people and events are always recontextualised in the act of writing

history. Their meanings and identities always change with the shift in context. So history, although ultimately a material reality (a presence) is, shown to exist always within textual boundaries. History to this extent, is also fictional also a set of 'alternative worlds.'
Waugh, op cit, 1ch 106

55. McHale op cit, 1ch 58

56. ibid, 1ch 57

57. ibid, 1ch 36

58. ibid, 1ch 59

59. ibid, 1ch 60

60. ibid, 1ch 75

61. ibid, 1ch 75

62. ibid, 1ch 75

63. 'Deliberately polemical in tone, Bioy offers the fantastic as an antidote to the realist text, and sees in Borges's work a twentieth-century form of the fantastic, one in which horror and fear have been replaced by literary and metaphysical speculation. All fantastic texts question and subvert the real, the monological vision of the realist text, and single or unitary ways of perceiving the world.'
King, 1ch 108-109

64. McHale, op cit, 1ch 77-78

65. 'Metafiction is a term given to fictional writing which self-consciously and systematically draws attention to its status as an artefact in order to pose questions about the relationship between fiction and reality. In providing a critique of their own methods of construction, such writings not only examine the fundamental structures of narrative fiction, they also explore the possible fictionality of the world outside the liter-

ary fictional text.'
Waugh, op cit, 1ch 2

66. 'The metafictionist is highly conscious of a basic dilemma: if he or she sets out to "represent" the world, he or she realises fairly soon that the world, as such, cannot be "represented". In literary fiction it is, in fact possible only to "represent" the discourses of that world. Yet if one attempts to analyse a set of linguistic relationships using those same relationships as the instruments of analysis, language soon becomes a "prisonhouse" from which the possibility of escape is remote. Metafiction sets out to explore this dilemma.'
ibid, 1ch 3-4

67. ibid, 1ch 3

68. Eagleton (1983), 1ch 96

69. ibid, 1ch 97

70. ibid, 1ch 97

71. ibid, 1ch 98

72. ibid, 1ch 127

73. ibid, 1ch 128

74. ibid, 1ch 129

75. ibid, 1ch 137

76. ibid, 1ch 132

77. ibid, 1ch 138

78. ibid, 1ch 145

79. Waugh, op cit, 1ch 2

80. Fokkema, 1ch 12-13

81. cf, 1ch 35

82. Fokkema, op cit, 1ch 15

83. ibid, lch 18

84. ibid, lch 21

85. ibid, lch 19

86. ibid, lch 25

87. Hassan, lch 167-182

88. Lodge (1977), lch 239

89. ibid, lch 236

90. Fokkema, op cit, lch 94

91. Wilde, lch 129

92. ibid, lch 132-165

## CAIBIDIL III

| | | |
|---|---|---|
| 1. | De Paor, | lch 16-22 |
| 2. | Ó Tuama (1978) | |
| 3. | De Paor, op cit, | lch 17 |
| 4. | ibid, | lch 17-18 |
| 5. | ibid, | lch 18 |
| 6. | Fokkema, | lch 19 |
| 7. | cf, | lch 33 |
| 8. | cf, | lch 38 |
| 9. | 'Sé a bhí in aigne an údair, agus an liosta á chumadh aige na gur coincheaptha iad gur beag aontacht i dtaobh a mbrí atá i measc an chine daonna. | |
| 10. | cf, | lch 18 |
| 11. | Hassan (1987), | lch 10 |
| 12. | cf, | lch 42 |
| 13. | cf, | lch 49 |
| 14. | Ó Tuama (1987), | lch 19 |
| 15. | Apacailipsis Eoin (An Tiomna Nua), | lch 250-257 |
| 16. | Ó Ríordáin, | lch 78-84 |
| 17. | Dillon, | lch 101-131 |
| 18. | Fokkema, op cit, | lch 16 |
| 19. | ibid, | lch 16 |
| 20. | cf, | lch 45-46 |
| 21. | cf, | lch 33 |
| 22. | Wilde, | lch 135 |
| 23. | cf, | lch 40 |

24. An t-údar fein a thug an t-eolas seo dom.

25. cf, lch 50

26. cf, lch 40

27. Hassan (1982), lch 247

28. Hassan (1987), lch 3

29. Titley; 'Litríocht na Gaeilge, Litríocht an Bhéarla', lch 131

## CAIBIDIL IV

1. cf, lch 52
2. Atlas, lch 187
3. Ó Tuama (1987), lch 19
4. cf <u>An Bhliain Seo Chugainn In Berlin</u>, lch 20-21
5. Lodge (1986), lch 14
6. Ó Dúshláine, lch 63
7. cf <u>An Saol Salach</u>, lch 45
8. cf, lch 51
9. Fokkema, lch 39-40
10. ibid, lch 18
11. cf, lch 49
12. cf, lch 48
13. lch 51
14. O'Connor (1953), lch 178-187
    An t-údar féin a tharraing m'aird air seo, agus mé i mbun comhrá leis.
15. cf, lch 50
16. Ó Dúshláine, op cit, lch 70
17. cf <u>Scéal Bleachtaireachta</u>
18. Dineen agus O Donoghue, lch 24
19. Ó Conaire (1987), lch 62-70
20. Ó Maoileoin, lch 30
21. Mac Annaidh (1983), lch 165
22. Mac Síomóin, lch 11-22

23. Ó Tuama (1962), lch 36

24. Ó Cadhain, lch 17

25. De Bhaldraithe; <u>Foirisiún Focal</u>

26. Ó Conghaile; <u>Mac an tSagairt</u>

27. cf Foclóir an Duinnínigh, faoi 'pis' lch 843

28. ibid faoi 'mannar', lch 707

29. Mac Annaidh; <u>Mo Dhá Mhicí</u>

30. Ó Direáin (1957), lch 19

31. cf, lch 35

32. An t-údar féin a thug an t-eolas seo dom.

## CAIBIDIL V

1. Ó Tuama (1987), lch 19
2. Wilde, lch 140
3. cf, lch 50
4. Borges (1964); (1985)
5. cf, lch 51
6. Titley; 'Peann agus Dúch', lch 44
7. Ní Dhomhnaill. lch 84-85
8. An t-údar féin a mhínigh an ponc seo dom.
9. Tabhair faoi deara ainmneacha na bpubanna sa scéal Scéal Salach: 'An Slaitín Draíochta'; 'Jocund Dorrish'; 'Muin na Muice'; 'Bosca Telefóin' srl.
10. cf, lch 43
11. Fokkema, lch 39
12. cf, lch 40
13. Ó Conchúir, lch 13
14. Eagleton (1986), lch 99-103
15. Hetherington, lch 169
16. Pears, lch 11-16
17. Hetherington, op cit, lch 178
18. Eagleton (1987), lch 42-43

## CONCLÚID

1. Wilde, lch 133

2. Arnold; 'Function of Criticism At The Present Time', lch 5

3. Ó Tuama (1960); (1978); (1988)

# FOINSÍ


ARNOLD, M, 'The Function of Criticism at the Present Time', Essays In Criticism, London, 1932

ATLAS, J, 'The Prose of Samuel Beckett: Notes from the Terminal Ward', Two Decades of Irish Writing (eag Dunn, D), Cheshire, 1975

BORGES, J L, Labyrinths, (eag Yates, D), Penguin, 1970

Fictions (aist Kerrigan, A), Clader Books, 1985

CONNOR, S, Postmodernist Culture - An Introduction to Theories of the Contemporary, Oxford, 1989

DE PAOR, L, 'Máirtín Ó Cadhain: Scríbhneoir Nua-Aimseartha, Iar Fhreudach', Comhar, Feabhra 1988

DE BHALDRAITHE, T, Foirisiún Focal as Gaillimh BAC, 1975

DINEEN, P S, AGUS O'DONOGHUE, T, The Poems of Egan O'Rahilly, ITS, Vol III, London, 1965

DILLON, M, Early Irish Literature, Chicago, 1948

EAGLETON, T, Literary Theory - An Introduction, Oxford, 1983

Against the Grain, London-New York, 1987

Saints and Scholars, London-New York, 1987

FIELDER, L A, 'Cross The Border - Close That Gap: Postmodernism', Sphere History of Literature since 1900 (eag Marcus Cunliffe), Penguin, 1988

FOKKEMA, D, 'The Postmodern Weltanschauung and its Relation With Modernism', Approaching Postmodernism, (eag Fokkema, D agus Bertens H), Amsterdan/Philadelphia, 1986

HASSAN, I, The Dismemberment of Orpheus: Toward a Postmodern Literature, Wisconsin, 1982

The Postmoderm Turn, Ohio, 1987

HETHERINGTON, G, 'Wittgenstein in Ireland; an account of his various visits from 1934-1949', _Irish University Review_, Fomhar, 1987

JOYCE, J, _Finnegan's Wake_, London, 1987

KING, J, _Modern Latin American Fiction: A Survey_, (eag King, J,), London, 1987

LODGE, D, _The Modes of Modern Writing_, London, 1977

_Working With Structuralism_, London, 1981

MAC ANNAIDH, S, _Cuaifeach mo Londubh Buí_, BAC, 1983

_Mo Dhá Mhicí_, BAC, 1986

MAC SÍOMÓIN, T, _Cré agus Cláirseach_, BÁC, 1983

McHALE, B, _Postmodernist Fiction_, New York, 1987

NÍ DHOMHNAILL, N, _Féar Suaithinseach_, Maigh Nuad, 1984

NORRIS, C, Deconstruction: Theory and Practice, London, 1982

Ó CADHAIN, M, An tSraith ar Lár, BAC, 1967

Ó CONGHAILE, M, Mac an tSagairt, Béal an Daingin, 1986

Ó CONCHÚIR, B, Scríobhaithe Chorcaí 1700-1850, BAC, 1982

O'CONNOR, F, The Lonely Voice; A Study of the Irish Short-Story, London, 1963

The Stories of Frank O Connor, London, 1953

Ó DIREÁIN, M, Ó Mórna agus Dánta Eile, BÁC, 1957

Ó DÚSHLÁINE, T, 'Beckett ag Borradh Aníos', Irisleabhar Mhaigh Nuad, 1982

Ó FIANNACHTA, P, An Bíobla Naofa: An Tiomna Nua, Maigh Nuad, 1981

Ó HÁINLE, C, 'Gnéithe d'Ealaín an Ghearrscéil', Priomhadh Pinn, Maigh Nuad, 1974

Ó MAOILEOIN, P, <u>Bríde Bhán</u>, BÁC, 1968

Ó MUIRTHILE, L, <u>Tine Chnámh</u>, BÁC, 1984

Ó RÍORDÁIN, S, <u>Eireaball Spideoige</u>, BÁC, 1974

Ó TUAMA, S, <u>An Grá in Amhrán na nDaoine</u>, BÁC, 1960

<u>Faoileán na Beatha</u>, BÁC, 1962

<u>Filí Faoi Sceimhle</u>, BÁC, 1978

<u>An Grá i bhFilíocht na nUaisle</u>, BÁC, 1988

'An Domhan a Chruthaigh Titley', <u>Comhar</u>, Nollaig 1987

PEARS, D, <u>Wittgenstein</u>, London, 1971

TITLEY, A, <u>Méirscrí na Treibhe</u>, BAC, 1978

<u>Stiall Fhial Feola</u>, BAC, 1980

<u>Máirtín Ó Cadhain: Clár Saothair</u>, BÁC, 1975

'Féasta Fola',<u>Comhar</u>, Feabhra 1968

'Blianta Foghlamtha', Africa, Iúil 1986

'Peann agus Dúch', An Scathán, 1979

'The Disease of the Irish Short-Story', Hibernia, Feabhra 1980

'Máirtín Ó Cadhain 1906-1970', Éire-Ireland, Samhradh 1981

'High Seas and Shallows', Sunday Tribune, 28 Nollaig 1980

'Litríocht na Gaeilge, Litríocht an Bhéarla, agus Irish Literature', Scríobh 5, BÁC, 1981

WAUGH, P, Metafiction: The Theory and Practice of Self-Conscious Fiction, London-New York, 1984

WILDE, A, Horizons of Assent: Modernism, Post-modernism, and the Ironic Imagination, Philadelphia, 1987

WILSON, E, Axel's Castle: A Study of the Imaginative Literature of 1970-1930, New York, 1931